C/2025/3767

17.9.2025

P9_TA(2024)0341

Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031, 2017/625 agus 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) (COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2025/3767)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0414),

— ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0236/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023 ([1]),

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0149/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C, C/2024/1583, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1583/oj.

P9_TC1-COD(2023)0227

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna nglacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031~~, 2017/625 agus 2018/848~~ *agus 2017/625* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) [Leasú 1]

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

***Ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a oibríonn i gCeantair Thuaithe, a ghlac an Chomhairle um Chearta an Duine an 28 Meán Fómhair 2018,* [Leasú 2]**

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá rialacha maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí ('PRM') barr talmhaíochta, glasraí, fíniúnacha agus plandaí torthaí leagtha síos ar leibhéal an Aontais ó bhí na 1960idí ann. Déantar táirgeadh agus margú PRM a rialáil ar chríoch an Aontais le Treoir 66/401/CEE ([2]); 66/402/CEE ([3]); 68/193/CEE ([4]); 2002/53/CE ([5]); 2002/54/CE ([6]); 2002/55/CE ([7]); 2002/56/CE ([8]); 2002/57/CE ([9]); 2008/72/CE ([10]) agus 2008/90/CE ón gComhairle ([11]) (na 'Treoracha maidir le PRM a mhargú'). Tá na gníomhartha dlí sin ina gcreat dlíthiúil maidir le PRM a tháirgeadh agus a mhargú agus dá bhrí sin bhain tábhacht an-mhór leo chun an margadh aonair PRM a chruthú san Aontas.

(2) Deimhníodh leis na measúnuithe tionchair a rinne an Coimisiún in 2013 agus in 2023 go raibh tionchar suntasach ag na Treoracha sin ar shaorghluaiseacht, infhaighteacht agus cáilíocht PRM ar mhargadh an Aontais agus gur éascaigh siad trádáil PRM laistigh den Aontas dá réir sin.

(3) Mar sin féin, is gá na rialacha maidir le táirgeadh agus le margú PRM a oiriúnú do na forbairtí eolaíocha agus teicniúla i réimsí na dteicnící táirgthe talmhaíochta agus gairneoireachta agus an phóraithe plandaí. Thairis sin, is gá an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na n-athruithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus ar thaithí a fuarthas leis na Treoracha maidir le PRM a chur i bhfeidhm. Is gá na rialacha sin a shoiléiriú chun cur chun feidhme níos comhchuibhithe a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán aonair maidir le PRM a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas a chur in ionad na dTreoracha maidir le PRM a mhargú.

([1]) IO C, C/2024/1583, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1583/oj.
([2]) Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú (IO L 125, 11.7.1966, lch. 2298).
([3]) Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309).
([4]) Treoir 68/193/CEE ón gComhairle an 9 Aibreán 1968 maidir le hábhar iomadaithe fhásúil na fíniúna a mhargú (IO L 93, 17.4.1968, lch. 15).
([5]) Treoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha de speicis plandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1).
([6]) Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 12).
([7]) Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).
([8]) Treoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le prátaí síl a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 60).
([9]) Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74).
([10]) Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le hábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síol, a mhargú (IO L 205, 1.8.2008, lch. 28).
([11]) Treoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus margú plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí (IO L 267, 8.10.2008, lch. 8).

(4) Is é PRM an t-ábhar tosaigh chun plandaí a tháirgeadh san Aontas. Dá bhrí sin, bíonn sé criticiúil chun amhábhar a tháirgeadh chun críoch bia agus beatha agus chun acmhainní plandaí a úsáid go héifeachtúil. ~~Cuidíonn sé~~***Tá sé mar aidhm aige cuidiú*** le cosaint an chomhshaoil agus le cáilíocht an tslabhra bia agus leis an soláthar bia san Aontas ina iomláine. Maidir leis sin, is cosúil go bhfuil infhaighteacht, ~~cáilíocht~~***ardcháilíocht*** agus éagsúlacht PRM***, lena n-áirítear cineálacha atá oiriúnaithe go háitiúil ar féidir leo a bheith tairbheach mar gheall ar fhrithsheasmhacht níos airde a bheith acu in aghaidh strus bitheach agus aibitheach,*** ríthábhachtach amach is amach chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach, rud a iarrtar sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc ([12]), agus sa talmhaíocht, gairneoireacht, cosaint an chomhshaoil, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, slándáil bia agus beatha, agus ar mhaithe leis an ngeilleagar i gcoitinne. **[Leasú 3]**

(5) Chun an t-aistriú sin chuig córais bia inbhuanaithe a bhaint amach, ba cheart an gá a chur san áireamh ***le reachtaíocht na mBallstát agus*** le reachtaíocht an Aontais, le hinoiriúnaitheacht tháirgeadh PRM do na hathruithe atá ag teacht ar dhálaí talmhaíochta, gairneoireachta agus comhshaoil a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leanann an t-athrú aeráide, leis an mbithéagsúlacht a chosaint ~~agus~~***,*** a athbhunú ***agus a chur chun cinn*** agus chun na méaduithe, atá ag teacht ar ionchais feirmeoirí agus tomhaltóirí a bhaineann le cáilíocht***, le sábháilteacht, le héagsúlacht*** agus le hinbhuanaitheacht PRM, a shásamh. ***Ba cheart go spreagfadh an Rialachán seo nuálaíocht chun PRM athléimneach a fhorbairt a chuirfeadh le feabhsú na mbarr a chuireann sláinte na hithreach chun cinn.*** **[Leasú 4]**

(6) Níor cheart a chumhdach le raon feidhme an Rialacháin seo ach amháin PRM de ghéinis agus de speicis áirithe lena mbaineann tábhacht eacnamaíoch agus shóisialta mhéadaithe. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tábhacht sin ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil réimse táirgthe agus luacha suntasach i gceist leis na géinis agus leis na speicis sin san Aontas, ar a ról maidir le slándáil an táirgthe bia agus beatha san Aontas, agus ar cé acu a mhargaítear nó nach margaítear iad in dhá Bhallstát ar a laghad. D'fhéadfadh roinnt gnéithe teicniúla a bheith i gceist leis an réimse táirgthe agus luacha sin. Ag brath ar na cúinsí, féadfar é a ríomh ar bhonn tosca amhail méid iomlán na talún táirgiúla i roinnt limistéir dhifriúla den Aontas, luach margaíochta PRM i ndáil le hearnálacha sonracha, nó na héilimh ar na speicis sin ó fheirmeoirí, ó úsáideoirí deiridh agus ón tionscal.

(7) Ba cheart na géinis agus speicis a liostú agus a aicmiú de réir na húsáide atá beartaithe dóibh, is é sin mar bharra talmhaíochta, glasraí, torthaí plandaí nó fíniúnacha. Is gá an t-aicmiú sin chun cur chuige comhréireach a áirithiú toisc nach mbaineann tábhacht le speicis áirithe ach le haghaidh úsáidí áirithe agus iad sin amháin.

(8) Thairis sin, d'fhéadfadh saintréithe a bheith ag cineálacha áirithe a d'fhágfadh, agus iad á saothrú faoi choinníollacha áirithe, go bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu lena ndéanfaí dochar do chuspóir an Rialacháin chun cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta. Ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach ach amháin má bhíonn na cineálacha sin faoi réir coinníollacha saothraithe iomchuí faoina seachnaítear na héifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha sin maidir le saothrú na gcineálacha sin chun bia, beatha nó ábhair thionsclaíocha a tháirgeadh agus ní díreach nuair a bheartaítear an saothrú sin chun PRM a tháirgeadh agus a mhargú. Dá bhrí sin, ba cheart na coinníollacha faoina saothraítear na cineálacha sin a chumhdach leis an Rialachán seo, chun bia, beatha nó táirgí eile a tháirgeadh freisin.

(9) Ba cheart PRM a shainmhíniú ar bhealach cuimsitheach, lena n-áirítear na plandaí uile atá in ann plandaí iomlána a tháirgeadh, agus a bheartaítear lena aghaidh sin. Ba cheart, dá bhrí sin, síolta a chumhdach leis an Rialachán seo freisin, mar aon leis na foirmeacha eile uile de phlandaí, is cuma cén staid fáis ina bhfuil siad, ar síolta iad atá in ann plandaí iomlána a tháirgeadh agus a bheartaítear lena aghaidh sin.

(10) Níor cheart ábhar atáirgthe foraoise a chumhdach leis an Rialachán seo i ngeall ar a shaintréithe áirithe, agus na coincheapa agus an téarmeolaíocht an-difriúil atá i gceist leis. Ar an gcúis sin, tá ábhar atáirgthe foraoise faoi réir gníomh dlí ar leithligh, agus mar atá Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) ([14]).

([12]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal '*A farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system*' [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], (COM(2020) 381 final).

([13]) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …).

([14]) IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad (… (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(11) Níor cheart ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha a chumhdach leis an Rialachán seo, toisc gur thángthas ar an gconclúid, tar éis comhairliúchán leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, go gcumhdaítear riachtanais na hearnála go hoiriúnach le Treoir 98/56/CE ón gComhairle. ([15]).

(12) Níor cheart PRM a onnmhairítear chuig tríú tíortha a chumhdach leis an Rialachán seo, ná PRM a ~~úsáidtear~~***dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith*** chun críoch tástála oifigiúla, an phórúcháin, cigireachtaí, taispeántas nó chun críoch eolaíochta ~~agus chun na gcríoch sin amháin~~***, lena n-áirítear taighde ar an bhfeirm***. Is amhlaidh sin toisc nach gceanglaítear sainaitheantas ná caighdeáin cháilíochta chomhchuibhithe áirithe le haghaidh na gcatagóirí PRM sin agus toisc nach ndéanann siad dochar do shainaitheantas ná do cháilíocht PRM eile a mhargaítear san Aontas. **[Leasú 5]**

(13) Níor cheart PRM a chumhdach leis an Rialachán seo ar PRM é a dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith eile, cé acu saor in aisce nó a mhalairt, idir aon duine lena úsáid phríobháideach féin agus lasmuigh dá cheird. Bheadh sé díréireach rialacha a leagan amach maidir leis an úsáid sin a bhaint as PRM, toisc nach ndéantar an cineál aistrithe sin de ghnáth ach le méideanna an-bheag, toisc nach mbaineann aon chríoch thráchtála leis agus toisc nach mbaineann sé ach le gníomhaíochtaí príobháideacha.

(13a) Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo PRM a dhéanfar a rochtain, a dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith i gcainníochtaí teoranta mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VIIa, cibé acu saor ó mhuirear nó nach ea, chun caomhnaithe dinimiciúil toisc nach n-éilíonn an cineál sin PRM sainaitheantas comhchuibhithe nó caighdeáin cháilíochta ar leith agus nach gcuireann sé isteach ar shainaitheantas agus ar cháilíocht PRM eile a mhargaítear san Aontas. **[Leasú 6]**

(14) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh, níor cheart PRM a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin má bhaineann sé le cineálacha atá cláraithe i gcláir náisiúnta cineálacha.

(15) Mar sin féin, is iomchuí, i gcás inar gá, fréamhstoic a dhíolmhú ón gceanglas baint a bheith acu le cineál, toisc gurb amhlaidh, cé go mbaineann luach suntasach leo, gur minic nach dtagann siad faoin sainmhíniú ar chineál.

(16) Chun an sainaitheantas, an cháilíocht agus an trédhearcacht a áirithiú agus chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart PRM, mar riail ghinearálta, a tháirgeadh nó a mhargú faoi chatagóirí réamhshainithe. Ba cheart na catagóirí sin a bheith ina léiriú ar chéimeanna difriúla den ghiniúint agus ar leibhéil cháilíochta dhifriúla, agus, ar bhonn na téarmeolaíochta atá bunaithe go hidirnáisiúnta, na hainmneacha síol 'réamhbhunúsach', 'bunúsach', 'deimhnithe' agus 'caighdeánach' agus ábhar 'réamhbhunúsach', 'bunúsach', 'deimhnithe' agus 'caighdeánach' a thabhairt orthu, i gcás PRM seachas síolta, agus.

(17) Ba cheart PRM de gach ceann de na catagóirí sin a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun an leibhéal is airde is féidir dá shainaitheantas agus dá cháilíocht a áirithiú, agus chun bheith i gcomhréir leis na forbairtí teicniúla agus eolaíocha is déanaí. Ba cheart iad seo a leanas a áireamh leis na caighdeáin sin: na Scéimeanna maidir le Deimhniú Cineáil nó Rialú ar Shíolta a bhíonn ag Gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta ([16]), ('Scéimeanna Síolta ECFE'), caighdeáin Choimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le prátaí síl (UNECE), agus rialacha samplála agus tástála síolta an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA).

(18) I gcomhréir leis na caighdeáin sin, ba cheart comhlíontacht PRM leis na ceanglais maidir leis na catagóirí réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a dheimhniú le cigireachtaí, sampláil, tástáil agus tástáil oifigiúil ar dháileachtaí talún cóimheasa a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ('deimhniú oifigiúil') agus ba cheart í a fhianú le lipéad oifigiúil.

(18a) Ba cheart rialacha maidir le táirgeadh in vitro clón agus lena margaíocht a bhunú freisin. **[Leasú 7]**

(19) Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le clóin~~, clóin~~ roghnaithe~~, meascáin ilchlónacha~~ agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú, i ngeall ar a ~~dtábhacht~~***thábhacht*** agus a ~~n-úsáid~~***húsáid*** mhéadaithe san earnáil PRM. Chun an trédhearcacht, roghanna eolasacha le haghaidh a n-úsáideoirí agus rialuithe oifigiúla éifeachtacha a áirithiú, ba cheart na clóin ***roghnaithe agus PRM polaclónach*** a chlárú i gclár poiblí speisialta arna bhunú ag na húdaráis inniúla. ~~Rialacha maidir leis na clóin a chothabháil, ba cheart iad a leagan síos freisin chun caomhnú agus sainaithint na gclón a áirithiú.~~ **[Leasú 8]**

(20) Ba cheart don údarás inniúil oibreoirí gairmiúla a údarú chun deimhniú a fheidhmiú faoi mhaoirseacht oifigiúil ar PRM a bhaineann le speicis agus le catagóirí áirithe agus chun an lipéad oifigiúil a phriontáil. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir leis an maoirseacht oifigiúil ag an údarás inniúil lena mbaineann agus maidir leis an údarú sin a tharraingt siar nó a mhodhnú. Is gá na rialacha sin chun a áirithiú go bhfeidhmíonn an córas um dheimhniú ar fad go héifeachtach.

([15]) Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha (IO L 226, 13.8.1998, lch. 16).

([16]) Decision Revising the OECD Schemes for the Varietal Certification or the Control of Seed Moving in International Trade [Cinneadh lena ndéantar Athbhreithniú ar Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil nó Rialú ar Shíolta a bhíonn ag Gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta]OECD/LEGAL/0308] ('Scéimeanna Síolta ECFE').

(21) Chun a áirithiú go mbeidh PRM chomh híon agus chomh haonchineálach agus is féidir, ba cheart PRM a choimeád ina luchtóga ar leithligh, agus é a dhealú ó ábhar eile nach ionann é agus PRM, amhail gráin le haghaidh bia nó beatha.

(22) I bhfianaise éagsúlacht mhór PRM, ba cheart d'oibreoirí gairmiúla a bheith in ann luchtóga PRM a mhargú i bhfoirm plandaí aonair, pacáistí, cuacha nó coimeádáin, nó i mbulc.

(23) Ba cheart rialacha a ghlacadh maidir le PRM a lipéadú chun a áirithiú go sainaithneofar an t-ábhar sin go hiomchuí in aghaidh na catagóire trí fhianú na comhlíontachta leis na ceanglais ábhartha a bhaineann le síol agus le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach.

(24) I gcás síol agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach, ba cheart d'údarás inniúil lipéad oifigiúil a eisiúint, agus ba cheart lipéad oibreora a eisiúint le haghaidh síol nó ábhar caighdeánach. Is gá sin chun idirdhealú a dhéanamh idir PRM atá faoi réir deimhniúcháin (deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil) agus PRM a tháirgtear faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil. Is é atá mar aidhm ag lipéad sonrach a eisiúint go n-éascófar leis na hoibreoirí gairmiúla agus leis na tomhaltóirí, a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh PRM ar chaighdeáin dhifriúla a roghnú, roghanna eolasacha a dhéanamh. D'éascódh sé obair na n-údarás inniúil freisin agus a rialuithe oifigiúla á ndearadh acu i gcomhréir le ceanglais ábhartha gach catagóire.

(25) Ba cheart d'oibreoirí gairmiúla údaraithe, faoi mhaoirseacht oifigiúil na n-údarás inniúil, an lipéad oifigiúil a ullmhú agus a ghreamú. Mar sin féin, ó tharla go bhféadfadh sé nach mbeadh na hacmhainní ag oibreoirí gairmiúla áirithe chun na gníomhaíochtaí deimhniúcháin uile a dhéanamh agus lipéid oifigiúla a phriontáil, ba cheart a fhoráil gur féidir leis na húdaráis inniúla aon chéim dheimhniúcháin a dhéanamh freisin, arna iarraidh sin ag oibreoirí gairmiúla.

(26) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hinneachar agus le foirm an lipéid oifigiúil agus lipéad an oibreora, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas ábhartha maidir le táirgeadh agus le margú a áirithiú le haghaidh gach catagóire agus sainaitheantas na lipéad sin.

(27) Ba cheart sraithuimhir a bheith ar gach lipéad agus ar gach lipéad oibreora, chun go ráthófar sainaitheantas agus inrianaitheacht iomchuí an PRM lena mbaineann agus éifeachtacht na rialuithe oifigiúla.

(28) Ceanglaítear leis na Treoracha maidir le PRM a mhargú agus leis an gcleachtas agus le caighdeáin idirnáisiúnta nach ndéanfar síolta a bhaineann le speicis áirithe a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe, i ngeall ar a dtábhacht ó thaobh na slándála bia agus na próiseála tionsclaíche de, agus chun leasanna na bhfeirmeoirí a tháirgeann iad a chosaint. Ar an gcúis sin, níor cheart síolta áirithe a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe, ach amháin más rud é go mbíonn na costais lena dtáirgeadh agus lena margú comhréireach leis an gcuspóir go n-áiritheofar síol cáilíochta le haghaidh na bhfeirmeoirí, an tslándáil bia agus beatha, nó go mbíonn siad comhréireach leis an gcuspóir go n-áiritheofar ardluach na próiseála tionsclaíche. Ba cheart na costais sin a bheith comhréireach leis na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le sainaitheantas agus le cáilíocht an tsíl freisin, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le síol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe. Ba cheart liosta a leagan síos de na speicis síolta sin dá bhrí sin, nach ceadmhach síol díobh a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe.

(29) Is minic a mhargaítear síolta i meascán cineálacha den speiceas céanna nó de na meascáin speiceas chéanna. Mar sin féin, ba cheart táirgeadh agus margú shíolta na ngéineas nó na speiceas, a chumhdaítear leis an Rialachán seo, a cheadú i meascáin nach bhfuil iontu ach síolta na ngéineas nó na speiceas a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Is gá é sin chun a áirithiú go n-urramófar na caighdeáin ábhartha maidir le táirgeadh agus le margú. Mar sin féin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit chun táirgeadh agus margú meascáin síolta a cheadú inar meascán síolta é a chumhdaítear leis an Rialachán seo, in éineacht le síolta nach mbaineann le géinis ná le speicis a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú agus an comhshaol nádúrtha a chaomhnú. Is amhlaidh sin toisc gurb iad na speicis sin na speicis is iomchuí chun críche an chaomhnaithe sin. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir leis na meascáin sin chun a sainaitheantas agus a gcáilíocht a áirithiú.

(30) Ba cheart ceanglais a leagan síos maidir le hathphacáistiú agus le hathlipéadú na síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, chun a ráthú nach ndéanfar athrú ar shainaitheantas ná ar cháilíocht an PRM lena mbaineann le linn na n-oibríochtaí sin.

(31) Ba cheart tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa a dhéanamh chun sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil luchtóg aonair síl a fhíorú. Ba cheart rialacha sonracha a leagan amach maidir leis na tástálacha sin ar shíol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, ar bhonn na gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme agus na taithí a fuarthas trí chur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le PRM a mhargú.

(32) Ní chomhlíonann sóirt áirithe chineálacha na ceanglais atá bunaithe maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht. Mar sin féin, baineann tábhacht leo ó thaobh chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí de***, atá ríthábhachtach d'éagsúlacht ghéiniteach na mbarr agus atá riachtanach chun oiriúnú d'athruithe comhshaoil agus do riachtanais na todhchaí***. Is cineálacha iad a fhástar go traidisiúnta nó cineálacha nua a tháirgtear go háirithe faoi dhálaí áitiúla sonracha agus atá oiriúnaithe do na dálaí sin. Is é leibhéal aonfhoirmeachta laghdaithe, go háirithe, a bhíonn i gceist lena saintréithe i ngeall ar ~~ardleibhéal~~***leibhéal sásúil*** éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair. Gairtear 'cineálacha caomhantais' de na cineálacha sin***. Is iomchuí a admháil gur próiseas dinimiciúil é caomhnú acmhainní géiniteacha agus gur cheart cineálacha a phóraítear as an nua agus atá oiriúnaithe do dhálaí áitiúla a áireamh***. Cuidíonn táirgeadh agus margú na gcineálacha sin le cuspóirí an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí a chur chun cinn le haghaidh an bhia agus na talmhaíochta ([17]). Mar pháirtí leis an gConradh, tá gealltanas tugtha ag an Aontas tacú leis na cuspóirí sin. **[Leasú 9]**

(33) I bhfianaise shaintréithe speisialta sin na gcineálacha caomhantais, agus de mhaolú ar na ceanglais atá leagtha síos maidir le táirgeadh agus le margú, ba cheart táirgeadh agus margú PRM a bhaineann leis na cineálacha sin a cheadú faoi cheanglais níos boige. Tá an cuspóir sin i gcomhréir le prionsabail an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus go háirithe, le prionsabal chosaint na bithéagsúlachta. I dtaca leis na ceanglais maidir le hábhar caighdeánach le haghaidh an speicis lena mbaineann, is iomchuí foráil a dhéanamh i dtaca le comhlíonadh na gceanglas sin i gcás an ábhair sin dá bhrí sin. Ba cheart an PRM sin a bhaineann le cineálacha caomhantais a lipéadú leis an tásc 'Cineálacha caomhantais' dá bhrí sin. Ba cheart na cineálacha sin a chlárú freisin, chun a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla iad a rialú agus chun roghanna eolasacha dá n-úsáideoirí agus éifeachtacht na rialuithe oifigiúla a ráthú.

(34) Léirigh taithí de thoradh chur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le margú gur minic is spéis le húsáideoirí deiridh PRM (garraíodóirí amaitéaracha agus daoine eile) PRM níos éagsúla a úsáid a fhreagraíonn do riachtanais dhifriúla, gan gá a bheith acu leis na héilimh cháilíochta chéanna agus a bhíonn ag na hoibreoirí gairmiúla. Is iomchuí dá bhrí sin a cheadú, de mhaolú ar rialacha áirithe, go bhféadfar PRM a mhargú d'úsáideoirí deiridh gan an riachtanas na ceanglais maidir le clárú cineálacha a chomhlíonadh ná an riachtanas na ceanglais maidir le deimhniú a chomhlíonadh ná na ceanglais maidir le hábhar caighdeánach. Is gá an maolú sin chun a áirithiú go dtairgfear éagsúlacht níos leithne don tomhaltóir, agus na ceanglais cháilíochta ghinearálta á n-urramú an tráth céanna. Thairis sin, ar chúiseanna na trédhearcachta agus ar mhaithe le rialú níos fearr, ba cheart rialacha a leagan amach maidir le pacáistiú agus le lipéadú PRM nach mbeartaítear ach le haghaidh úsáideoirí deiridh amháin. Ar an gcúis chéanna, ba cheart d'oibreoirí gairmiúla, a úsáideann an maolú sin maidir le margú d'úsáideoirí deiridh, fógra a thabhairt faoin ngníomhaíocht sin do na húdaráis inniúla.

(35) Oibríonn roinnt mhaith ~~banc géinte,~~ eagraíochtaí agus líonraí san Aontas agus ~~é de~~***caomhnú dinimiciúil mar*** chuspóir acu ~~acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú~~. Chun a ngníomhaíocht a éascú, is iomchuí ceadú maidir leis an PRM sin a mhargaítear dóibh~~,~~ ***nó eatarthu*** nó ina measc***, nó atá á mhargú acu***, go maolófar é ó na ceanglais atá bunaithe maidir le táirgeadh agus le margú, agus go gcomhlíonfaidh an PRM sin rialacha níos boige ina áit sin. **[Leasú 10]**

(36) Déanann feirmeoirí malartuithe comhchineáil ***nó cúitimh airgid*** de chainníochtaí beaga síolta de ghnáth chun bainistíocht dhinimiciúil a dhéanamh ar a ~~síol~~**PRM** féin. Is iomchuí dá bhrí sin go ndéanfar foráil maidir le maolú ó na ceanglais atá bunaithe i gcás cainníochtaí beaga ~~síolta~~**PRM** a mhalartaítear idir feirmeoirí***, le huaschainníochtaí le socrú ar leibhéal an Aontais***. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag maolú den sórt sin más rud é nach mbaineann na ~~síolta~~**PRM** sin le cineál dá bhfuil cearta maidir le cineálacha plandaí deonaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle ([18]). Ba cheart ~~a cheadú do na Ballstáit na cainníochtaí beaga sin a shainiú le~~***an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh chun an t-uaschainníocht a fhéadfar a mhalartú a shocrúle*** haghaidh ***gach*** speicis ~~shonracha in aghaidh na bliana, chun a áirithiú nach mbainfear aon mhí-úsáid as an maolú sin, ag a mbeadh tionchar ar mhargú na síolta~~. **[Leasú 11]**

(37) De réir na dTreoracha maidir le PRM a mhargú, ceadaítear maoluithe ó na ceanglais atá bunaithe maidir le PRM a mhargú ar PRM é a bhaineann le cineálacha nach bhfuil cláraithe fós; ar PRM é de chineálacha nach bhfuil tástáil iomlán déanta orthu fós; ar PRM é de shíol nach gcomhlíonann na ceanglais is infheidhme chun go gcuirfear ar fáil ar an margadh go mear é; ar PRM é de shíol nár deimhníodh go críochnaitheach fós; ar PRM é atá le húdarú go sealadach chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí sealadacha sa soláthar; agus ar PRM é chun turgnaimh

([17]) Cinneadh 2004/869/CE ón gComhairle an 24 Feabhra 2004 i ndáil leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a thabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 378, 23.12.2004, lch. 1).

([18]) Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1)

shealadacha a dhéanamh chun roghanna malartacha feabhsaithe a lorg ar fhorálacha áirithe den reachtaíocht is infheidhme a bhaineann leis na ceanglais maidir le baint a bheith ag PRM le cineál cláraithe agus ceanglais sainaitheantais agus cháilíochta áirithe a chomhlíonadh. Bhí na maoluithe sin úsáideach agus riachtanach le haghaidh na n-oibreoirí gairmiúla agus na n-údarás áitiúil, gan fadhbanna a chruthú le haghaidh mhargadh inmheánach PRM. Dá bhrí sin, ba cheart iad a choinneáil ar bun. Ba cheart coinníollacha a leagan amach maidir leis na maoluithe sin, chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid astu agus nach ndéanann siad difear díobhálach don mhargadh inmheánach PRM.

(38) Maidir le PRM a úsáid nach mbaineann le cineál de bhun an Rialacháin seo, ach le grúpáil plandaí laistigh de thacsón luibheolaíoch aonair, a bhfuil ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir na haonaid atáirgthe aonair inti ('ábhar ilchineálach'), d'fhéadfadh tairbhí a bheith i gceist leis an úsáid sin go háirithe sa táirgeadh orgánach agus sa talmhaíocht ionchuir ísil, trí fheabhas a chur ar an athléimneacht agus tríd an éagsúlacht ghéiniteach laistigh de speicis plandaí saothraithe a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart táirgeadh agus margú PRM ábhair ilchineálaigh***, seachas plandaí farae,*** a cheadú gan an riachtanas na ceanglais maidir le clárú cineálacha a chomhlíonadh ná ceanglais eile an Rialacháin seo maidir le táirgeadh agus le margú. Ba cheart ceanglais shonracha maidir le táirgeadh agus margú an ábhair sin a leagan amach. **[Leasú 12]**

(38a) Níor cheart go mbeadh ábhar ilchineálach comhdhéanta de OGM nó de phlanda TGN de chatagóir 1 nó de chatagóir 2 mar a shainmhínítear i Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [19]**.** [20] ***[Rialachán TGN].*** **[Leasú 13]**

(39) Ní mór do tháirgeadh agus do mhargú PRM an Aontais na caighdeáin is airde a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, níor cheart allmhairiú PRM ó thríú tíortha a cheadú ach amháin más rud é go suitear le measúnú ar na caighdeáin sainaitheantais agus cháilíochta is infheidhme dá gcuid agus ar a gcóras deimhniúcháin go gcomhlíonann an PRM sin ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le PRM a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas. Ba cheart an measúnú sin a bheith bunaithe ar bhreithniú críochnúil ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an tríú tír agus ar a reachtaíocht ábhartha. Ba cheart é a bheith bunaithe freisin ar thoradh sásúil iniúchta arna dhéanamh ag an gCoimisiún sa tríú tír lena mbaineann, i gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá an t-iniúchadh sin.

(40) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le lipéadú agus le faisnéis a bheidh le soláthar le haghaidh an PRM allmhairithe chun é a shainaithint i gceart, chun críoch na hinrianaitheachta, agus gur féidir lena úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus chun rialuithe oifigiúla a chumasú.

(41) Chun trédhearcacht agus rialuithe níos éifeachtaí ar tháirgeadh agus ar mhargú PRM a áirithiú, ba cheart oibreoirí gairmiúla a bheith cláraithe. Is iomchuí go gcláraíonn siad sna cláir atá bunaithe ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), chun an t-ualach riaracháin le haghaidh na n-oibreoirí gairmiúla sin a laghdú. Tá sé sin comhréireach freisin toisc go bhfuil formhór mór na n-oibreoirí gairmiúla a tháirgeann agus a mhargaíonn PRM cláraithe i gcláir oibreoirí gairmiúla an Rialacháin sin cheana féin.

(42) Ba cheart oibleagáidí sonracha ***comhréireacha*** a thabhairt isteach le haghaidh oibreoirí gairmiúla a bhíonn gníomhach i réimse tháirgeadh ***PRM d'fhonn iad a chur ar an margadh agus i réimse***~~agus~~ mhargú PRM, chun a gcuntasacht, rialuithe oifigiúla níos éifeachtaí agus cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú. ***Mar sin féin, ba cheart saintréithe agus teorainneacha sonracha na micrifhiontar a chur san áireamh.*** **[Leasú 14]**

(43) Is léir ón taithí a fuarthas go dtí seo gur féidir iontaofacht agus cáilíocht PRM a mhargaítear a chur i mbaol i gcás inar dodhéanta ábhar nach gcomhlíonann na caighdeáin is infheidhme a rianú. Is gá, dá bhrí sin, córas cuimsitheach inrianaitheachta a bhunú a fhágfaidh go bhféadfar PRM a tharraingt siar ón margadh nó faisnéis a chur faoi bhráid úsáideoirí PRM nó údaráis inniúla. Ar an gcúis sin, ba cheart coimeád na faisnéise agus na dtaifead maidir le haistrithe ó úsáideoirí gairmiúla agus uathu a bheith éigeantach le haghaidh na n-oibreoirí gairmiúla. Mar sin féin, ní hiomchuí coimeád na dtaifead sin le haghaidh mhargú PRM sa réimse miondíola.

([19]) Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle... (IO..., p....).

([20]) [+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad (… (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO agus tagairt ELI an Rialacháin sin san fhonóta.

([21]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

(44) Tá sé tábhachtach a áirithiú, mar riail ghinearálta, go mbeidh gach PRM de na géinis agus de na speicis atá faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir chlárú an chineáil dá mbaineann an PRM sin, mar aon leis an tuairisc ar an gcineál agus faoi réir na rialacha comhfhreagracha.

(45) Ba cheart cineálacha a chlárú i gclár náisiúnta cineálacha, chun roghanna eolasacha ag a n-úsáideoirí agus rialuithe oifigiúla níos éifeachtaí a áirithiú.

(46) Ba cheart dhá shórt cineálacha a áireamh leis an gclár náisiúnta cineálacha: cineálacha a chláraítear ar bhonn tuairisc oifigiúil, más rud é go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht ('DUS'), agus cineálacha a chláraítear ar bhonn tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil i gcás na gcineálacha caomhantais. Is gá an dá thuairisc dhifriúla sin a bheith ann chun dhá chatagóir na gcineálacha a dheighilt, arb éard atá i gceist leis an chéad chatagóir na cineálacha atá bunaithe ar thorthaí thástáil DUS, agus go bhfuil an chatagóir eile bunaithe ar shonraí stairiúla a bhaineann le húsáid an chineáil agus ar thaithí phraiticiúil. Ina theannta sin, is féidir an fhaisnéis is gá a thairiscint leis an gcur chuige sin faoi shaintréithe na gcineálacha agus faoina sainaitheantas.

(47) Ba cheart do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt faoi na cineálacha a chláraítear thairis sin trí Thairseach Chineálacha Plandaí an Aontais do chlár cineálacha an Aontais, chun forbhreathnú ar na cineálacha uile a cheadaítear a mhargú san Aontas a áirithiú.

(48) Is éard is cineálacha luibhicídfhulangacha ann cineálacha a póraíodh chun bheith fulangach ar luibhicídí d'aon turas, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi choinníollacha iomchuí, d'fhéadfadh fiailí teacht chun cinn dá thoradh sin a bheadh frithsheasmhach ar na luibhicídí sin, d'fhéadfaí géinte frithsheasmhachta den sórt sin a scaipeadh sa chomhshaol nó d'fhéadfadh sé tarlú gur ghá na cainníochtaí luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a mhéadú. Toisc gurb é is aidhm don Rialachán seo cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as cineálacha a chlárú ~~a bheith~~***agus do na Ballstáit ina bhfuil na cineálacha le saothrú,*** in ann saothrú na gcineálacha sin ina gcríoch a chur faoi réir coinníollacha saothraithe a bheadh iomchuí chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe sin a sheachaint. Thairis sin, i gcás ina mbeidh saintréithe áirithe ag cineálacha, seachas fulaingt in aghaidh luibhicídí, a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, ba cheart iad a chur faoi réir coinníollacha saothraithe freisin, chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí agranamaíocha sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha sin maidir le saothrú na gcineálacha sin chun aon chríche, lena n-áirítear bia, beatha agus táirgí eile, agus ní díreach chun PRM a tháirgeadh agus a mhargú agus é sin amháin. Is gá sin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, is é sin, cuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe ar leibhéal níos leithne ná céim tháirgeadh agus mhargú PRM. **[Leasú 15]**

(49) Chun cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta agus freastal ar riachtanais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha níos leithne, ba cheart feabhas a bheith le feiceáil ar chineálacha nua i ~~ngach géineas nó speiceas i~~ gcomparáid leis na cineálacha eile sna géinis nó sna speicis chéanna a chláraítear sa chlár náisiúnta cineálacha céanna, maidir le gnéithe áirithe ***agranamaíocha, úsáide agus comhshaoil***. I measc na ngnéithe sin tá a dtáirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi choinníollacha ionchuir ísil; ~~fulaingt/frithsheasmhacht~~***lamháltas/frithsheasmhacht*** in aghaidh struis ~~bhitheach, lena n-áirítear~~***bhitheacha, lena n-áirítear*** galair ~~phlandaí~~***plandaí*** ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris, feithidí agus lotnaidí eile is cúis leo; fulaingt/frithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear oiriúnú do dhálaí an athraithe aeráide; úsáid níos éifeachtúla as acmhainní nádúrtha, ~~amhail~~***mar shampla*** uisce agus cothaithigh; gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, ~~amhail~~***mar shampla*** táirgí cosanta plandaí agus leasacháin; saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht ***an saothrú, na buainte,*** na stórála, na próiseála ~~agus~~***,*** an dáilte ***agus na húsáide***; agus saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha ('luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe') ***nó saintréithe ata tábhachtach le haghaidh próiseála***. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gclárú cineál agus chun solúbthacht leordhóthanach a sholáthar chun cineálacha a chlárú ag a bhfuil na saintréithe is inmhianaithe, ba cheart na gnéithe sin a mheas le haghaidh cineál áirithe ar an iomlán. ***I bhfianaise na n-acmhainní suntasacha agus na hullmhúcháin is gá don scrúdú sin, ba cheart é a dhéanamh ar bhealach deonach i gcás speiceas atá liostaithe i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn I.*** **[Leasú 16]**

(50) Toisc gurb amhlaidh maidir le cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/848 gurb ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair atá i gceist lena saintréithe, is iomchuí go mbíonn clárú na gcineálacha sin faoi réir DUS coigeartaithe, agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir leis an aonfhoirmeacht. Thairis sin, chun go mbeidh na cineálacha sin oiriúnaithe ar bhealach níos fearr do riachtanais shonracha an táirgthe orgánaigh, ba cheart a scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a dhéanamh faoi choinníollacha orgánacha.

(51) Ar chúiseanna na héifeachtúlachta agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, cineálacha dá deonaíodh ceart ar chineál planda de bhun Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94, nó de bhun reachtaíocht Bhallstáit, measfar go bhfuil na cineálacha sin sainiúil, aonfhoirmeach agus cobhsaí agus go bhfuil ainmníocht oiriúnach acu chun críocha an Rialacháin seo.

(52) Ba cheart an nós imeachta um chlárú cineálacha a shainiú go beacht, chun an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh na n-iarratasóirí agus na n-údaráis inniúla, agus cothroime iomaíochta le haghaidh na n-iarratasóirí uile a áirithiú. Ar an gcúis sin, ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hiarratais a chur isteach, inneachar, scrúdú foirmiúil agus dáta chur isteach na n-iarratas, scrúduithe teicniúla, iniúchadh ar áitreabh agus ar eagrú an údaráis inniúil, rialacha breise maidir le scrúdú teicniúil, rúndacht, tuarascáil shealadach scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil shealadach, tuarascáil scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil chríochnaitheach, scrúdú ar ainmníocht cineáil agus cinneadh maidir le cineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha.

(53) Ar chúiseanna na héifeachtúlachta agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú le haghaidh údaráis inniúla agus iarratasóirí, ba cheart do na húdaráis inniúla ina gcuid clár náisiúnta cineálacha na cineálacha uile dá nglactar nó dá gcláraítear go hoifigiúil a chlárú, roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sna catalóga, liostaí, nó cláir arna mbunú ag a mBallstáit lena mbaineann de bhun Threoracha 2002/53/CE, 2002/55/CE, 2008/90/CE agus 68/193/CEE. Toisc go margaítear na cineálacha sin san Aontas agus toisc go n-úsáideann feirmeoirí agus oibreoirí gairmiúla eile iad cheana féin, níor cheart iad a chur faoi réir nós imeachta nua um chlárú.

(54) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir leis an scrúdú teicniúil ar chineálacha, chun teacht ar an gconclúid maidir le cé acu atá nó nach bhfuil siad sainiúil, aonfhoirmeach agus cobhsaí. I ngeall ar thábhacht an scrúdaithe sin le haghaidh na hearnála póraithe cineálacha agus ar an bhfíoras go gcuirtear tuairisc oifigiúil ar fáil dá thoradh sin, ba cheart don údarás inniúil an scrúdú teicniúil sin a dhéanamh agus é sin amháin.

(55) Mar sin féin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann an scrúdú teicniúil a dhéanamh ar luach sásúil cineáil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ar áitreabh an iarratasóra agus faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil. Is gá sin chun an t-ualach riaracháin a mhaolú, chun infhaighteacht na saoráidí tástála a áirithiú agus costais a laghdú le haghaidh na n-údarás inniúil. Mar sin féin, ba cheart don údarás inniúil a bheith i gceannas ar na socruithe tástála. Thairis sin, oibreoirí gairmiúla a bhfuil baint acu le pórú cineálacha nua, agus ar bhonn a gcomhair leis na húdaráis inniúla, chruthaigh siad go bhfuil siad cáilithe chun na scrúduithe sin a dhéanamh toisc go bhfuil an saineolas, an t-eolas agus na hacmhainní iomchuí ábhartha acu.

(56) Chun inchreidteacht agus ardcháilíocht na scrúduithe ar an tsainiúlacht, an aonfhoirmeacht agus ar an gcobhsaíocht a áirithiú, ba cheart don Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí ('CPVO') iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh na n-údarás inniúil ina ndéantar na scrúduithe. Áitreabh na n-iarratasóirí na ndéantar an scrúdú maidir le luach sásúil ó thaobh saothrú agus úsáid inbhuanaithe de faoi mhaoirseacht oifigiúil, ba cheart do na húdaráis inniúla ábhartha iniúchadh a dhéanamh orthu, chun comhlíontacht leis na ceanglais is infheidhme a áirithiú.

(57) Is é 10 mbliana ba cheart a bheith sa tréimhse clárúcháin cineáil, chun an nuálaíocht san earnáil phórúcháin a spreagadh, mar aon le seanchineálacha a bhaint den mhargadh agus cineálacha nua a chur ina n-ionad. Mar sin féin, is é 30 bliain ba cheart a bheith sa tréimhse sin i gcás cineálacha géineas nó speiceas plandaí torthaí agus fíniúnacha ***agus i gcás cineálacha caomhnaithe***, i ngeall ar an tréimhse níos faide a theastaíonn chun timthriall táirgthe na ngéineas nó na speiceas sin a chur i gcrích. **[Leasú 18]**

(58) Arna iarraidh sin d'aon duine leasmhar, ba cheart an tréimhse clárúcháin cineáil a chur faoi réir a athnuaite, chun go mbeifear in ann leanúint de chineálacha áirithe a mhargú más rud é go suitear go bhfuil gá ann leis sin agus go gcomhlíonann siad ceanglais is infheidhme fós.

(59) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le cothabháil cineálacha i gcomhréir le cleachtais a nglactar leo. Is gá sin chun sainaitheantas an chineáil a áirithiú le linn thréimhse a chlárúcháin, rud nach féidir a áirithiú ach amháin más rud é gurb é an t-iarratasóir, nó daoine eile dá dtugann an t-iarratasóir fógra fúthu don údarás inniúil, a dhéanann an cineál lena mbaineann a choinneáil ar bun, de bhun ceanglais áirithe agus faoi réir rialuithe oifigiúla ag na húdaráis inniúla.

(60) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hinneachar na gclár náisiúnta cineálacha agus chlár chineálacha an Aontais, agus maidir le samplaí de na cineálacha cláraithe a choimeád ('sampla oifigiúil' nó 'sampla caighdeánach') ar tuairisc bheo den chineál é. Tá sé sin tábhachtach chun inrochtaineacht ar an bhfaisnéis is gá faoin gcineál, a shainaitheantas le linn a thréimhse clárúcháin agus infhaighteacht na samplaí caighdeánacha le haghaidh tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa i gcomhthéacs dheimhniú PRM a áirithiú.

(61) Ba cheart na Treoracha maidir le PRM a mhargú a aisghairm, toisc go gcuirtear an Rialachán seo ina n-ionad. Mar iarmhairt air sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú chun tagairtí do na Treoracha sin a bhaint amach agus chun a áirithiú go ndéantar Lotnaidí Neamhchoraintín Rialáilte (RNQPanna) a rialáil faoin Rialachán sin go heisiach.

(62) Ba cheart Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]) a leasú chun táirgeadh agus margú PRM a áireamh ina raon feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo. Tá sé sin tábhachtach chun cur chuige aonfhoirmeach a ráthú a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla le haghaidh shlabhra iomlán an táirgthe plandaí agus bia, ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2017/625 maidir le raon feidhme Rialachán (AE) 2016/2031, agus le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle freisin ([23]).

(63) Ina leith sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún rialacha sonracha a ghlacadh maidir le rialuithe oifigiúla agus le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla i ndáil le PRM, go háirithe maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le rialuithe oifigiúla ar PRM a fheidhmiú chun comhlíontacht le rialacha an Aontais a fhíorú, agus maidir le PRM a allmhairiú isteach san Aontas, agus a mhargú laistigh de, agus maidir le gníomhaíochtaí na n-oibreoirí le linn dóibh PRM a tháirgeadh.

~~(64) Ba cheart Rialachán (AE) 2018/848 a leasú chun na sainmhínithe ar 'ábhar atáirgthe plandaí' agus ar 'ábhar ilchineálach' a ailíniú leis na sainmhínithe dá ndéantar foráil leis an Rialachán seo. Thairis sin, an cumhachtú don Choimisiún chun forálacha sonracha a ghlacadh maidir le PRM d'ábhar ilchineálach orgánach a mhargú, ba cheart é a cisiamh ó Rialachán (AE) 2018/848, toisc gur cheart na rialacha uile a bhaineann le táirgeadh agus le margú PRM a leagan amach sa Rialachán seo ar chúiscanna na soilcircachta dlíthiúla.~~ **[Leasú 19]**

(65) Chun liosta na ngéineas agus na speiceas PRM a oiriúnú, faoi réir raon feidhme an Rialacháin seo, do na forbairtí a bhaineann le suntasacht an limistéir agus luach an táirgthe, an tslándáil bia/beatha agus an líon Ballstát mar a saothraítear é, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an liosta sin a leasú.

(66) Chun na rialacha maidir le táirgeadh agus le margú PRM a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha agus do na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith leasú a dhéanamh ar cheanglais an Rialacháin seo a bhaineann le hábhar agus le síol réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú.

(67) Chun na rialacha maidir le táirgeadh agus le margú PRM d'ábhar ilchineálach a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha, agus chun an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith leasú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le hábhar ilchineálach a tháirgeadh agus a mhargú.

(68) Chun inneachar na gclár cineálacha a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíochta agus chun bearta leantacha a dhéanamh i dtaobh na taithí a fuarthas ón gclárú cineálacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith leasú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann leis an inneachar sin.

(69) Chun saothrú na gcineálacha a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith coinníollacha saothraithe cineálacha, atá luibhicídfhulangach nó ag a bhfuil saintréithe eile a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, a ghlacadh. Ba cheart bearta sna goirt a bheith san áireamh leis na coinníollacha sin, amhail uainíocht barr; bearta faireacháin; fógra á thabhairt faoi na bearta sin ag na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile; tuairisciú ó oibreoirí gairmiúla chuig na húdaráis inniúla maidir le cur i bhfeidhm na mbeart sin; agus tásca na gcoinníollacha sin sna cláir náisiúnta chineálacha.

([22]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([23]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

(70) Chun an tástáil agus ceanglais maidir le luach inbhuanaithe an tsaothraithe agus ceanglais maidir le húsáid a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha, agus d'fhorbairt fhéideartha na gcaighdeán idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith an Rialachán seo a fhorlíonadh le heilimintí áirithe. Is éard atá i gceist leo sin na modheolaíochtaí is gá le haghaidh na dtrialacha fáis atá le déanamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar luach inbhuanaithe an tsaothraithe agus na húsáide le haghaidh géinis nó speicis áirithe, agus tuilleadh ceanglas a ghlacadh lena aghaidh sin.

(71) Chun na rialacha maidir le hainmníocht chineáil a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha, agus bearta leantacha a dhéanamh i leith na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir shonracha a leagan amach maidir le hoiriúnacht na n-ainmníochtaí cineáil.

(72) Chun na forálacha den Rialacháin seo a bhaineann le scrúduithe teicniúla ar chineálacha a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha agus do riachtanais phraiticiúla na n-údarás inniúil agus na n-oibreoirí gairmiúla, agus bearta leantacha a dhéanamh i leith na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha lena mbaineann, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan amach maidir leis an iniúchadh ar áitreabh na n-oibreoirí gairmiúla chun scrúduithe teicniúla a dhéanamh ar an luach sásúil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

(73) Chun forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an scrúdú ar shaothrú agus ar úsáid inbhuanaithe a oiriúnú do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha, agus d'aon bheartas nó riail nua de chuid an Aontais maidir leis an talmhaíocht inbhuanaithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean don Choimisiún i leith an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na híoscheanglais a leagan síos maidir leis an scrúdú sin a dhéanamh, na modheolaíochtaí a leagan síos maidir le measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a scrúdaítear, na caighdeáin a leagan síos maidir le meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an scrúdaithe sin agus leasú a dhéanamh ar na saintréithe a scrúdaítear.

(74) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([24]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(75) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]).

(76) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na n-oibreoirí gairmiúla agus ar shainaitheantas agus ar cháilíocht PRM a tháirgeann agus a mhargaíonn siad, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith na ceanglais a shonrú maidir leis na hiniúchtaí, leis an oiliúint, na scrúduithe, na cigireachtaí, an tsampláil agus an tástáil, i dtaca le géinis nó le speicis áirithe, le haghaidh na maoirseachta oifigiúla ar na hoibreoirí gairmiúla ag na húdaráis inniúla.

(77) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i dtaca le PRM a láimhseáil agus a mhargú, agus chun na rialacha lena mbaineann a oiriúnú don taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le speicis uile PRM nó maidir le speicis áirithe PRM, a bhainfidh le luchtóga a chumasc nó a roinnt i ndáil le tionscnamh luchtóga PRM, lena sainaitheantas, le taifid ar an oibríocht agus ar an lipéadú sin tar éis luchtóga PRM a chumasc nó a roinnt.

(78) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, bearta leantacha a dhéanamh i leith na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm a fhorálacha, agus feabhas a chur ar shláine PRM a mhargaítear, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le séalú, ceangal, méid agus foirm phacáistí, chuacha agus choimeádáin speiceas sonrach PRM.

([24]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13–18.

(79) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus go háirithe maidir le hinléiteacht, inaitheantacht agus slándáil na lipéad, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun forálacha sonracha a ghlacadh maidir leis na lipéid oifigiúla, lipéid a úsáidtear le haghaidh maoluithe áirithe agus, lipéid a úsáidtear le haghaidh sóirt shonracha áirithe PRM, agus inneachar, méid, dath agus foirm na lipéad sin a leagan amach le haghaidh na gcatagóirí nó na sórt PRM lena mbaineann.

(80) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus bearta leantacha a dhéanamh i leith aon taithí phraiticiúil a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha lena mbaineann, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun forálacha sonracha a ghlacadh maidir le meascáin síolta.

(81) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i leith margú miondíola PRM, agus chun margú PRM a dhéanamh chomh praiticiúil agus chomh hoiriúnach agus is féidir le haghaidh gach speicis, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha a ghlacadh maidir leis na ceanglais i dtaca le méid, foirm, séalú agus láimhseáil na bpacáistí beaga le haghaidh síolta agus na bpacáistí agus na gcuach le haghaidh PRM eile a mhargaítear d'úsáideoirí deiridh.

(82) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí práinneacha i dtaca le soláthar PRM, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a údarú, i gcás deacrachtaí sealadacha i soláthar PRM, ar feadh uastréimhse 1 bhliana, go margófar PRM de na catagóirí d'ábhar nó de shíol réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe faoi réir ceanglais níos boige, nó go maolófar ón gceanglas maidir le baint a bheith acu le cineál, agus i leith an t-údarú sin a aisghairm agus a leasú.

(83) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun solúbthacht áirithe a áirithiú do na Ballstáit, chun bearta náisiúnta a ghlacadh arna n-oiriúnú dá ndálaí agra-aeráide do chaighdeáin cháilíochta níos airde, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a údarú do na Ballstáit, maidir le PRM a tháirgeadh agus a mhargú, ceanglais níos doichte a ghlacadh, i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann nó ar chuid de, agus i leith leasú a dhéanamh ar na bearta sin arna nglacadh de bhun na dTreoracha maidir le PRM a mhargú nó na bearta sin a aisghairm.

(84) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus freagairt mhear ar rioscaí tobanna a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun bearta éigeandála a dhéanamh, i gcás inar dócha go mbeidh táirgeadh nó margú PRM ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó do shaothrú speiceas eile, agus i gcás nach féidir an riosca sin a shrianadh go sásúil trí bhearta arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann, agus i leith aon bheart den sórt sin arna dhéanamh ag Ballstát a aisghairm nó a leasú.

(85) ***Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil*** ~~Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir~~ leis an Rialachán seo a ~~chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le cinneadh a dhéanamh~~ ***fhorlíonadh le rialacha sonracha*** faoi eagrú turgnamh sealadach chun roghanna malartacha feabhsaithe, ar raon feidhme agus ar fhorálacha áirithe an Rialacháin seo, a lorg. **[Leasú 20]**

(86) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i dtaca le PRM a allmhairiú, agus chun comhlíontacht cheanglais an tríú tír le ceanglais choibhéiseacha an Aontais a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith a aithint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann PRM ó ghéinis, ó speicis nó ó chatagóirí sonracha a táirgeadh i dtríú tír, nó i limistéir áirithe de thríú tír, ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le PRM a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas, chun é a allmhairiú.

(87) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun a áirithiú go ndéanfar na cineálacha cláraithe a chothabháil go hiomchuí i dtríú tíortha freisin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith a aithint go ngabhfaidh na ráthaíochtaí céanna leis na rialuithe maidir le cothabháil cineálacha a dhéantar sa tríú tír leis na rialuithe den sórt sin a leagtar amach san Aontas.

(88) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun a fhorálacha a oiriúnú don fhorbairt atá ag teacht ar na prótacail is infheidhme de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí (UPOV) nó do phrótacail a leagann CPVO síos, agus do na forbairtí teicniúla agus eolaíocha ábhartha, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht in aghaidh ghéinis nó speicis na gcineálacha.

(89) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha sonracha a ghlacadh a mhéid a bhaineann le méid an tsampla chaighdeánaigh de chineálacha cláraithe a úsáidtear le haghaidh na n-iar-rialuithe oifigiúla ar PRM, na rialacha maidir leis na samplaí sin a athnuachan agus le soláthar na samplaí sin do na Ballstáit eile.

(90) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon cur chuige comhchuibhithe a áirithiú i ndáil le táirgeadh agus margaíocht PRM, a chomhlíonadh agus, dá réir sin, de bhun a éifeachtachta, a chastachta, agus a charachtair trasteorann agus idirnáisiúnta, go bhféadfaí é a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Chonradh an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní sháraíonn an Rialachán seo a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ina fhianaise sin, agus de réir mar is gá, tugtar maoluithe nó ceanglais shonracha isteach leis maidir le cineálacha áirithe PRM agus le hoibreoirí gairmiúla áirithe.

(91) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 3 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, chun go mbeidh na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí gairmiúla in ann oiriúnú dá fhorálacha agus chun an tréimhse is gá a sholáthar freisin chun na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann a ghlacadh. Ba cheart, mar sin féin, feidhm a bheith ag na rialacha maidir leis an luach sásúil le haghaidh shaothrú agus úsáid inbhuanaithe na gcineálacha glasraí agus plandaí torthaí ó 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Tá gá leis an tréimhse bhreise sin chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla agus oibreoirí gairmiúla na hullmhúcháin is gá agus na chéad tástálacha sna goirt a chomhlíonann na rialacha nua sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí ('PRM') a tháirgeadh ***d'fhonn iad a chur ar an margadh san Aontas, agus maidir le PRM***~~agus~~ a mhargú san Aontas, agus go háirithe ceanglais maidir le PRM a tháirgeadh sna goirt agus i láithreáin eile, maidir le catagóirí ábhair, ceanglais maidir le sainaitheantas agus cáilíocht, deimhniú, lipéadú, pacáistiú, allmhairí, oibreoirí gairmiúla agus clárú na gcineálacha. **[Leasú 21]**

Leagtar rialacha síos leis an Rialachán seo freisin maidir le coinníollacha saothraithe na gcineálacha áirithe ***atá fulangach ar luibhicídí nó*** a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, lena ~~n-áirítear an~~***n-áirítear*** saothrú chun críoch seachas PRM a tháirgeadh agus a mhargú, chun bia, beatha agus táirgí eile a tháirgeadh. **[Leasú 22]**

Airteagal 2

Raon feidhme agus cuspóirí

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na géinis agus leis na speicis a liostaítear le haghaidh na n-úsáidí lena mbaineann dá dtagraítear i gCodanna A go E d'Iarscríbhinn I.

Baineann ceanglais an Rialacháin, faoi seach, le gach sórt PRM, le síolta agus leo sin amháin, nó le hábhar seachas síolta agus leis sin amháin.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais maidir le PRM a tháirgeadh ***nó a allmhairiú*** ach amháin ~~maidir lena tháirgeadh~~ d'fhonn é a mhargú ***laistigh san Aontas***. **[Leasú 23]**

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an Rialacháin seo:

(a) Cáilíocht***, sábháilteacht*** agus éagsúlacht na rogha le haghaidh PRM a áirithiú, agus a infhaighteacht le haghaidh oibreoirí gairmiúla***, feirmeoirí*** agus úsáideoirí deiridh; **[Leasú 24]**

(b) coinníollacha cothroma a áirithiú le haghaidh iomaíocht na n-oibreoirí gairmiúla ar fud an Aontais agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in PRM; **[Leasú 25]**

(c) tacú leis an nuálaíocht agus le hiomaíochas earnáil PRM san Aontas;

(d) cuidiú ~~le caomhnú agus le húsáid~~***leis an gcaomhnú dinimiciúil agus leis an úsáid*** inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí agus leis an agrai-bhithéagsúlacht; **[Leasú 26]**

(e) cuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe, arna oiriúnú do dhálaí aeráide ***agus ithreach*** atá ann faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann amach anseo; **[Leasú 27]**

(f) cur leis an tslándáil bia ***agus le biacheannasacht.*** **[Leasú 28]**

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh~~,~~ ***lena leasófar*** Iarscríbhinn I ***d'fhonn an Iarscríbhinn sin a chur*** ~~a leasú, lena cur~~ in oiriúint d'fhorbairtí an eolais theicniúil agus eolaíoch, agus do na sonraí eacnamaíocha a bhaineann le géinis agus speicis a tháirgeadh agus a mhargú, trí ghéinis agus trí speicis a chur le liosta na hIarscríbhinne sin nó trína mbaint di. **[Leasú 29]**

Leis ~~an ngníomh~~***na gníomhartha*** tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear géinis nó speicis leis an liosta in Iarscríbhinn I más rud é go gcomhlíonann siad dhá cheann ar a laghad de na heilimintí seo a leanas: **[Leasú 30]**

(a) is achar mór de tháirgeadh PRM iad agus luach suntasach de PRM a mhargaítear san Aontas

(b) baineann tábhacht shubstaintiúil leo maidir le slándáil tháirgeadh an bhia agus na beatha san Aontas, i gcomparáid le géinis agus speicis eile nach liostaítear san Iarscríbhinn sin; agus

(c) margaítear in dhá cheann ar a laghad de na Ballstáit iad;

(ca) is díol spéise iad i dtéarmaí inbhuanaitheachta comhshaoil. **[Leasú 31]**

Leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, bainfear géinis nó speicis ón liosta in Iarscríbhinn I mura gcomhlíonann siad dhá cheann ar a laghad de na heilimintí a leagtar amach sa dara fomhír.

4. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le:

(a) ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 98/56/CE***, agus ábhar iomadaithe géineas nó speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a úsáidtear chun críocha ornáideacha go heisiach***; **[Leasú 32]**

(b) ábhar atáirgthe foraoise mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]) ([27]) ***agus ábhar iomadaithe géineas nó speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a úsáidtear chun críoch foraoiseachta go heisiach***; **[Leasú 33]**

(c) PRM a tháirgtear lena onnmhairiú chuig tríú tíortha ***agus leis sin amháin***; **[Leasú 34]**

(d) PRM a dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith, cé acu saor in aisce nó a mhalairt, idir úsáideoirí deiridh lena n-úsáid phríobháideach féin agus lasmuigh dá ngníomhaíochtaí tráchtála;

(e) PRM a ~~úsáidtear~~***dhíoltar nó a aistrítear ar aon bhealach, bíodh sin saor in aisce nó ná bíodh,*** chun críoch tástála oifigiúla, pórúcháin, cigireachtaí, taispeántas nó chun críoch eolaíochta***, lena n-áirítear le haghaidh taighde ar an bhfeirm agus le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanann bainc géinte;*** ~~agus chun na gcríoch sin amháin.~~ **[Leasú 35]**

(ea) táirgeadh agus margú PRM ag eagraíochtaí agus líonraí caomhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 29 i gcainníochtaí beaga mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VIIa, cibé an bhfuil siad saor in aisce nó nach bhfuil, chun críche caomhnaithe dhinimiciúil; **[Leasú 353]**

(eb) PRM arna tháirgeadh ag feirmeoirí dá n-úsáid féin; **[Leasú 37**

([26]) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …).

([27]) IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad (… (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe plandaí' ('PRM') plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, atá in ann plandaí iomlána a tháirgeadh agus a bheartaítear lena aghaidh sin;

(2) ciallaíonn 'oibreoir gairmiúil' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ag a bhfuil baint ghairmiúil le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas san Aontas a bhaineann le ***saothrú tráchtála*** PRM: **[Leasú 38]**

(a) táirgeadh;

(b) margaíocht;

(c) cineálacha a chothabháil ***nó a iolrú***; **[Leasú 39]**

(d) seirbhísí a sholáthar le haghaidh sainaitheantais agus cáilíochta;

(e) caomhnú, stóráil, triomú, próiseáil, cóireáil, pacáistiú, séalú, lipéadú, sampláil nó tástáil;

(3) ciallaíonn 'margú' na gníomhaíochtaí ***tráchtála*** seo a leanas arna ndéanamh ag oibreoir gairmiúil: díol, coimeád, ~~aistriú saor in aisce,~~ nó tairiscint lena dhíol***, lena n-áirítear díol ar líne,*** nó aon bhealach eile lena aistriú nó lena dháileadh laistigh den Aontas, nó allmhairiú isteach ann ***atá dírithe ar shaothrú tráchtála PRM;*** **[Leasú 40]**

(4) ciallaíonn 'cineál' cineál, mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94;

(5) ciallaíonn 'clón' ~~sliocht aonair planda, arna dhíothú ar dtús ó phlanda aonair eile trí atáirgeadh fásúil, agus atá comhionann go géiniteach leis an bplanda eile sin fós;~~***:***

(a) ***sliocht aonair planda, arna dhíothú ar dtús ó phlanda aonair eile trí atáirgeadh fásúil, agus atá comhionann go géiniteach leis an bplanda eile sin fós; nó***

(b) ***sliocht planda aonair fásúil atá aonfhoirmeach go géiniteach.*** **[Leasú 41]**

(6) ciallaíonn 'clón roghnaithe' clón atá roghnaithe i ngeall ar thréithe feinitíopacha inchineáil speisialta áirithe agus ar a stádas fíteashláintíoch lena dtugtar feidhmíocht níos fearr don chlón roghnaithe, a chloíonn leis an tuairisc ar an gcineál ~~lena mbaineann sé agus, i gcás na gclón roghnaithe nach mbaineann le cineál, go gcloíonn sé leis an tuairisc ar an speiceas~~***fíniúnacha agus ar na speicis sin de chrainn thorthaí ina bhfuil an éagsúlacht inathchineálach sin,*** lena mbaineann ~~sé~~***an clón roghnaithe***; **[Leasú 42]**

(7) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe plandaí polaclónach' ~~grúpa de roinnt sleachta sainiúla aonair de phlandaí arna ndíorthú ó ghéinitíopaí difriúla, a gcloíonn gach ceann díobh leis an tuairisc ar an gcineál lena mbaineann sé~~***ábhar iomadaithe a fhaightear ó rogha de ghrúpa de sheacht ngéinitíopa ar a laghad a bhfuil tuar breisiúcháin ghéiniteacha ag baint leo, arna ndéanamh trí uirlisí géiniteacha cainníochtúla, ón tsraith thurgnamhach chéanna de chineál ársa sonrach, ina bhfuil an chuid is mó dá éagsúlacht inchineáil***; **[Leasú 43]**

~~(8) ciallaíonn 'meascán ilchlónach' meascáin de chlóin roghnaithe, a mbaineann siad uile leis an gcineál nó leis an speiceas céanna, de réir mar is iomchuí, a bhfuarthas gach ceann díobh tríd an roghnúchán neamhspleách;~~ **[Leasú 44]**

(9) ciallaíonn 'údarás inniúil' an t-údarás lárnach nó réigiúnach de chuid Ballstáit, nó, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás comhfhreagrach de chuid tríú tír, ar a bhfuil freagracht as eagrú na rialuithe oifigiúla, an chlárúcháin, an deimhniúcháin agus na ngníomhaíochtaí oifigiúla eile a bhaineann le PRM a tháirgeadh agus a mhargú, nó aon údarás eile dár tugadh an fhreagracht sin i gcomhréir le dlí an Aontais;

(10) ciallaíonn 'tuairisc oifigiúil' tuairisc ar chineál a leag údarás inniúil síos, a chuimsíonn saintréithe ábhartha an chineáil agus a fhágann go bhfuil an cineál in-sainaitheanta de thoradh an scrúdaithe ar a shainiúlacht, a aonfhoirmeacht agus a chobhsaíocht;

(11) ciallaíonn 'tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil' tuairisc scríofa ar chineál caomhantais, atá aitheanta ag údarás inniúil, a chuimsíonn saintréithe sonracha an chineáil, agus a fuarthas ar mhodhanna eile seachas leis an scrúdú ar a shainiúlacht, a aonfhoirmeacht agus a chobhsaíocht;

(12) ciallaíonn 'cothabháil cineáil' na gníomhaíochtaí a dhéantar chun íonacht cineáil agus sainaitheantas cineáil a rialú, arb é is aidhm dó a áirithiú go leanfaidh ~~cineál~~***saintréithe an chineáil*** de bheith ~~i gcomhréir lena thuairisc~~***dílis dona dtuairisc*** i gcaitheamh timthriallta atáirgthe dá éis sin; **[Leasú 45]**

(13) ciallaíonn 'síolta' síolta, sa ghnáthchiall luibheolaíoch;

(14) ciallaíonn 'síol réamhbhunúsach' síol a bhaineann le glúin roimh ghlúin an tsíl bhunúsaigh, a bheartaítear chun síol bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus D*** d'Iarscríbhinn II; **[Leasú 46]**

(15) ciallaíonn 'síol bunúsach' síol a táirgeadh de shíol réamhbhunúsach nó de ghlúine roimhe de shíol bunúsach, a bheartaítear chun tuilleadh glún de shíolta bunúsacha nó deimhnithe a tháirgeadh, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus D*** d'Iarscríbhinn II; **[Leasú 47]**

(16) ciallaíonn 'síol deimhnithe' síol a táirgeadh de shíol réamhbhunúsach, bunúsach nó de ghlúine roimhe de shíol bunúsach, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus D*** d'Iarscríbhinn II; **[Leasú 48]**

(17) ciallaíonn 'síol caighdeánach' síol, seachas síol réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nach mbeartaítear iomadú breise lena aghaidh, agus a chomhlíonann na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus D*** d'Iarscríbhinn III; **[Leasú 49]**

(18) ciallaíonn 'ábhar réamhbhunúsach' PRM seachas síolta, a bhaineann le glúin roimh ghlúin an ábhair bhunúsaigh, a bheartaítear chun ábhar bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid B~~***gCodanna B, C agus E*** d'Iarscríbhinn II; **[Leasú 50]**

(19) ciallaíonn 'ábhar réamhbhunúsach' PRM seachas síol, a táirgeadh d'ábhar réamhbhunúsach nó de ghlúine roimhe d'ábhar bunúsach, a bheartaítear chun tuilleadh glún d'ábhar bunúsach nó d'ábhar deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid B~~***gCodanna B, C agus E*** d'Iarscríbhinn II; **[Leasú 51]**

(20) ciallaíonn 'ábhar deimhnithe' PRM seachas síol, a táirgeadh d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó de ghlúine roimhe d'ábhar deimhnithe, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid B~~***gCodanna B, C agus E*** d'Iarscríbhinn II; **[Leasú 52]**

(21) ciallaíonn 'ábhar caighdeánach' PRM seachas síol, agus seachas ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nach mbeartaítear iomadú breise lena aghaidh, agus a chomhlíonann na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ~~gCuid B~~***gCodanna B, C agus E*** d'Iarscríbhinn III; **[Leasú 53]**

(22) ciallaíonn 'deimhniú oifigiúil' fianú oifigiúil ag an údarás inniúil ar chomhlíontacht an tsíl nó an ábhair réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh nó dheimhnithe le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo, i gcás ina mbeidh na cigireachtaí ábhartha uile ar an láithreán, agus an tsampláil agus an tástáil uile lena n-áirítear an tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa, i gcás inarb iomchuí, déanta ag an údarás sin, agus más rud é go bhfuil sé tagtha ar an gconclúid go gcomhlíonann an síol nó an t-ábhar lena mbaineann na ceanglais sin;

(23) ciallaíonn 'deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil' fianú, ag oibreoir gairmiúil atá údaraithe go sonrach, go gcomhlíonann síol nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe na ceanglais is infheidhme, agus i gcás ina mbeidh ceann amháin ar a laghad nó níos mó de na cigireachtaí ábhartha, den tsampláil, den tástáil nó den phriontáil lipéad ábhartha déanta ag an oibreoir gairmiúil sin, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, agus más rud é go bhfuil sé tagtha ar an gconclúid go gcomhlíonann an síol nó an t-ábhar lena mbaineann na ceanglais sin;

(24) ciallaíonn 'catagóir' PRM grúpa nó aonad aonair PRM a cháilíonn mar shíol nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe nó caighdeánach agus atá in-sainaitheanta trí cheanglais shonracha maidir le sainaitheantas agus le cáilíocht a chomhlíonadh;

(25) ciallaíonn 'orgánach géinmhodhnaithe' orgánach géinmhodhnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]), gan orgánaigh a fhaightear trí theicnící an mhodhnaithe géinitigh a liostaítear in Iarscríbhinn I B a ghabhann le Treoir 2001/18/CE a áireamh;

(26) ciallaíonn 'luchtóg' aonad PRM is sainaitheanta ar aonchineálacht a chomhdhéanaimh agus ar a thionscnamh;

([28]) Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2011, lch. 1).

(27) ciallaíonn 'ábhar ilchineálach' grúpa plandaí laistigh de thacsón amháin luibheolaíoch den rang is ísle, a mbaineann na tréithe seo a leanas leis:

(a) a bhfuil saintréithe feinitíopacha comhchoiteanna ag baint leis;

(b) a bhfuil ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair mar shaintréith de, sa mhéid go ndéantar ionadaíocht ar an ngrúpa plandaí sin leis an ábhar ina iomláine, agus ní le líon beag aonad;

(c) nach cineál é; agus

(d) nach meascán cineálacha é;

(28) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine a fhaigheann, a aistríonn agus a úsáideann PRM chun críoch atá lasmuigh de ~~ghníomhaíochtaí~~***phríomhghníomhaíochtaí*** gairmiúla an duine sin; **[Leasú 54]**

(29) ciallaíonn 'cineál caomhantais' cineál:

(a) ***atá ina phór dúchasach*** a fhástar go traidisiúnta nó ***ina chineál*** a phóraítear as an nua ~~go háitiúil faoi~~***(pór dúchasach nua-aimseartha) a dhíorthaítear ó roghnúchán ar an bhfeirm agus a phóraítear lena oiriúnú do*** dhálaí áitiúla ~~sonracha san Aontas agus atá oiriúnaithe do na dálaí sin~~***i gcomhthéacs úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí le haghaidh bia agus talmhaíochta***; ~~agus~~ **[Leasú 55]**

(aa) nach cineál hibrideach F1 é; **[Leasú 56]**

(b) a bhfuil ~~ardleibhéal~~***leibhéal sásúil*** éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair mar shaintréith de; **[Leasú 57]**

(ba) nach bhfuil faoi réir, ina iomláine nó i gcomhpháirteanna géiniteacha, cearta maoine intleachtúla a chuireann teorainn lena úsáid le haghaidh caomhnaithe, taighde, pórúcháin, oideachais, lena n-áirítear ar an bhfeirm ag feirmeoir a úsáideann an PRM a fhástar ar an bhfeirm, den chineál sin do na cuspóirí sin; **[Leasú 58]**

(30) ciallaíonn 'lotnaidí cáilíochta' lotnaidí a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(a) ní lotnaidí coraintín, lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta, ná lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ('RNQPanna') de chuid an Aontais iad, de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/2031, ná lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 30(1) den Rialachán sin;

(b) tarlaíonn siad le linn PRM a tháirgeadh nó a stóráil; agus

(c) bíonn ~~drochthionchar do-ghlactha~~***tionchar do-ghlactha*** acu ar cháilíocht PRM, agus tionchar eacnamaíoch ~~do-ghlactha~~***do-ghlactha*** a mhéid a bhaineann le húsáid an PRM sin san Aontas; **[Leasú 59]**

(31) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí ***cáilíochta***' ~~a bheith iomlán saor ó lotnaidí, nó~~ staid ina mbeidh an líon lotnaidí cáilíochta ar an PRM lena mbaineann chomh híseal nach ndéanann na lotnaidí sin difear ~~díobhálach~~***rómhór*** do cháilíocht an PRM sin; **[Leasú 60]**

(32) ciallaíonn 'prátaí síl' tiúbair de Solanum tuberosum L., a úsáidtear chun prátaí ~~eile~~ a atáirgeadh; **[Leasú 61]**

(33) ciallaíonn 'feirmeoir' feirmeoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]);

(34) ciallaíonn 'seach-tíopa', i ndáil le síolta nó le plandaí eile, síol nó PRM nach gcomhfhreagraíonn don tuairisc ar an gcineál nó ar an speiceas lena bhfuil baint ceaptha a bheith aige de bhun an Rialacháin seo;

(35) ciallaíonn 'cineál hibrideach' cineál a tháirgtear de thoradh dhá chineál eile nó níos mó a chrosphórú;

(35a) ciallaíonn 'caomhnú dinimiciúil' éagsúlacht ghéiniteach a chaomhnú laistigh de speicis phlandaí saothraithe agus eatarthu, agus folaíonn sé caomhnú in situ agus ex situ lasmuigh dá ngnáthóg nádúrtha, agus é mar aidhm leo úsáid inbhuanaithe a bhaint as na hacmhainní géiniteacha plandaí agus an agrai-bhithéagsúlacht ar bhealach agus ar ráta nach dtagann meath fadtéarmach ar an éagsúlacht bhitheolaíoch mar thoradh air, agus ar an gcaoi sin an acmhainneacht a chothabháil chun freastal ar riachtanais agus ar mhianta na nglúnta atá ann anois agus na nglúnta atá le teacht; **[Leasú 354]**

([29]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

***(35) ciallaíonn 'planda TGN' plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2) de Rialachán (AE).../... [Rialachán TGN] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;* [Leasú 63]**

***(35c) ciallaíonn 'síol tráchtála' síol a tháirgtear agus a mhargaítear le haghaidh meascán dá dtagraítear in Airteagal 21 atá in-sainaitheanta mar shíol a bhaineann le speiceas, ach nach de chineál é, agus a fuarthas trí dheimhniúchán oifigiúil nó trí dheimhniúchán a dhéantar faoi mhaoirseacht oifigiúil chun na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le síol deimhnithe a chomhlíonadh cé is moite den cheanglas in Airteagal 5;* [Leasú 64]**

(35d) *ciallaíonn 'pacáistí beaga' pacáistí ina bhfuil síol nó ábhar suas go huasmhéid:*

(a) 10 kg i gcás gránach;

(b) 5 kg do phlandaí farae, biatas, plandaí ola agus snáithín;

(c) 10 kg i gcás prátaí síl;

(d) 500 g i gcás glasraí léagúmacha;

(e) 100 g i gcás oinniún, costóg, an lus súgach, biatas bán, biatas, tornapaí, mealbhacán uisce, gurd, mearóga, cairéid, raidisí, salsabh dubh, spionáiste, ceathrú uain;

(f) 20 g do gach speiceas eile glasraí;

(g) 10 gearrthán aonair i gcás gearrthán torthaí agus fíniúnacha. [Leasú 355]**

Airteagal 4

Comhlíontacht le Rialachán (AE) 2016/2031

Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/2031.

Aon luchtóg PRM a tháirgtear agus a mhargaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, comhlíonfaidh sí freisin na rialacha a leagtar amach in Airteagail 36, 37, 40, 41, 42, 49, 53 agus 54 de Rialachán (AE) 2016/2031, nó na rialacha de bhun na nAirteagal sin, a bhaineann le lotnaidí coraintín, lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta agus RNQPanna de chuid an Aontais, agus leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 30(1) den Rialachán sin.

CAIBIDIL II

CEANGLAIS A BHAINEANN LE CINEÁLACHA, CATAGÓIRÍ PRM, LIPÉADÚ, ÚDARUITHE, LÁIMHSEÁIL, ALLMHAIRÍ AGUS MAOLUITHE

ROINN 1

Ceanglais ghinearálta maidir le PRM a tháirgeadh agus a mhargú

Airteagal 5

Baint le cineál cláraithe

Ní fhéadfar PRM a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas ach amháin má bhaineann sé le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44; seachas sna cásanna seo a leanas:

(a) mar fhréamhstoic, má tháirgtear agus má mhargaítear iad le tagairt, atá i lipéadú iomchuí, don speiceas lena mbaineann siad;

(b) mar ábhar ilchineálach i gcomhréir le hAirteagal 27;

(c) mar PRM a mhargaítear d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir le hAirteagal 28;

(d) mar PRM a tháirgtear agus a mhargaítear chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 29;

(e) mar ~~shíol~~***PRM*** a ndéantar malartuithe ~~comhchineáil~~ de idir feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 30; **[Leasú 66]**

(f) ~~mar shíol póraithcoirí i gcomhréir le hAirteagal 31;~~ **[Leasú 67]**

(g) mar PRM de chineálacha nach bhfuil cláraithe fós i gcomhréir le hAirteagal 32;

(h) i gcás deacrachtaí soláthair PRM i gcomhréir le hAirteagal 33.

Airteagal 6

Baint le catagóirí áirithe PRM

1. Ní fhéadfar PRM a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas ach amháin má bhaineann sé le ceann de na catagóirí seo a leanas, seachas sna cásanna dá ndéantar foráil i mír 2:

(a) ábhar nó síol réamhbhunúsach;

(b) ábhar nó síol bunúsach;

(c) ábhar nó síol deimhnithe;

(d) ábhar nó síol caighdeánach.

I gcás ina ndéanfar tagairt sa Rialachán seo do chatagóirí níos ísle nó níos airde maidir le sainaitheantas agus le cáilíocht PRM, beidh an cinneadh sin bunaithe ar rangú ord phointí (a) - (d), agus pointe (a) ag léiriú an rangaithe is airde agus pointe (d) ag léiriú an rangaithe is ísle.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar PRM a tháirgeadh agus a mhargú gan baint a bheith aige le catagóir a liostaítear in (a) - (d) sna cásanna seo a leanas:

(a) PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú i gcomhréir le hAirteagal 27;

(b) margú d'úsáideoir deiridh i gcomhréir le hAirteagal 28;

(c) margú do líonraí caomhantais agus eatarthu dá dtagraítear in Airteagal 29;

(d) mar ~~shíol~~***PRM*** a ndéantar malartuithe ~~comhchineáil~~ de idir feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 30. **[Leasú 68]**

(e) ~~síol póraithcora dá dtagraítear in Airteagal 31.~~ **[Leasú 69]**

ROINN 2

Ceanglais maidir le hábhar agus le síol réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú

Airteagal 7

Ceanglais maidir le hábhar agus le síol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ní ceadmhach síol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas, ach amháin más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá an síol réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú:

(i) tar éis deimhniú oifigiúil ag na húdaráis inniúla, nó tar éis deimhniú ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil;

(ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus D*** d'Iarscríbhinn II, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1). **[Leasú 70]**

2. Ní ceadmhach ábhar réamhbhunúsach, bunúsach ná deimhnithe a tháirgeadh ná a mhargú laistigh den Aontas, ach amháin más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá an t-ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú:

(i) tar éis deimhniú oifigiúil ag na húdaráis inniúla, nó tar éis deimhniú ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil;

(ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ~~gCuid B~~***gCodanna B agus E*** d'Iarscríbhinn II, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1). **[Leasú 71]**

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn II a leasú. Oiriúnófar na leasuithe sin d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta agus ~~d'fhéadfadh~~***ní bheidh*** ceanglais a bheith i gceist leo ***ach amháin*** maidir leis na nithe seo a leanas: **[Leasú 72]**

(a) síol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a shíolú agus a phlandú, agus a tháirgeadh sna goirt;

(b) síol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a bhuaint agus a iarbhuaint;

(c) síolta a mhargú;

(d) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a shíolú agus a phlandú, agus a tháirgeadh sna goirt;

(e) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a bhuaint agus a iarbhuaint;

(f) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú;

(g) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de chlóin~~, clóin~~ roghnaithe~~, meascáin ilchlónacha agus PRM polaclónach~~ ***a tháirgeadh agus a mhargú***; **[Leasú 73]**

(h) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú in vitro;

(i) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú in vitro.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear ~~i gCuid A agus i gCuid B d'~~***in*** Iarscríbhinn II maidir le géinis, speicis nó catagóirí áirithe PRM, agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le gráid, aicmí, glúine nó foranna eile den chatagóir lena mbaineann. Beidh baint ag na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas: **[Leasú 74]**

(a) úsáidí sonracha ghéinis, speicis, nó shóirt PRM lena mbaineann;

(b) modhanna táirgthe PRM, lena n-áirítear táirgeadh gnéasach agus éighnéasach agus iomadú in vitro;

(c) coinníollacha maidir le síolú nó le plandú;

(d) saothrú sna goirt;

(e) buaint agus iarbhuaint;

(f) rátaí péactha, íonacht agus cion PRM eile, taise, ~~spreacadh,~~ ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith i láthair; **[Leasú 75]**

(g) modhanna deimhniúcháin PRM, lena n-áirítear modhanna bith-mhóilíneacha nó teicniúla eile a chur i bhfeidhm, mar aon lena bhformheas agus a n-úsáid, agus modhanna formheasta san Aontas a liostú;

(h) na coinníollacha maidir le fréamhstoic agus le codanna eile plandaí de ghéinis nó de speicis seachas iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó de chuid a hibridí, má tá ábhar iomadaithe de na géinis nó de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I nó de chuid a hibridí beangaithe orthu;

(i) coinníollacha maidir le síolta a tháirgeadh de phlandaí torthaí nó de fhíniúnacha;

(j) coinníollacha maidir le plandaí torthaí, fíniúnacha nó prátaí síl a tháirgeadh de shíolta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 76(2), chun oiriúnú d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta ábhartha ***agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeadh agus d'infhaighteacht PRM agus d'oibreoirí beaga á gcur san áireamh. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin comhréireach leis an gcatagóir PRM.*** **[Leasú 76]**

Airteagal 8

Ceanglais maidir le hábhar agus le síol caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ní ceadmhach síol caighdeánach a tháirgeadh ná a mhargú laistigh den Aontas, ach amháin más rud é go gcomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) tá sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú:

(i) faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil;

(ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus D*** d'Iarscríbhinn III, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16. **[Leasú 77]**

2. Ní ceadmhach ábhar caighdeánach a tháirgeadh ná a mhargú laistigh den Aontas, ach amháin más rud é go gcomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) tá sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú:

(i) faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil;

(ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ~~gCuid B~~***gCodanna B agus E*** d'Iarscríbhinn III, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16. **[Leasú 78]**

~~3. Uair sa bhliain, cuirfidh oibreoirí gairmiúla dearbhú faoi bhráid an údaráis inniúil a bhainfidh leis na cainníochtaí in aghaidh an speicis de shíol agus d'ábhar caighdeánach a tháirgeann siad.~~ **[Leasú 79]**

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn III a leasú, chun na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a oiriúnú do na forbairtí eolaíocha agus teicniúla agus do na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme. Bainfidh na leasuithe sin leis na nithe seo a leanas:

(a) ceanglais maidir le síolta caighdeánacha a shíolú agus a phlandú, agus a tháirgeadh sna goirt;

(b) ceanglais maidir le síolta caighdeánacha a bhuaint agus a iarbhuaint;

(c) ceanglais maidir le síolta caighdeánacha a mhargú;

(d) ceanglais maidir le hábhar caighdeánach a shíolú agus a phlandú, agus a tháirgeadh sna goirt;

(e) ceanglais maidir le hábhar caighdeánach a bhuaint agus a iarbhuaint;

(f) ceanglais maidir le hábhar caighdeánach a mhargú;

(g) ceanglais maidir le ~~clóin, clóin roghnaithe, meascáin ilchlónacha agus~~ PRM polaclónach d'ábhar caighdeánach ***a tháirgeadh agus a mhargú***; **[Leasú 80]**

(h) ceanglais maidir le hábhar caighdeánach a tháirgeadh, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú in vitro;

(i) ceanglais maidir le hábhar caighdeánach a mhargú, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú in vitro.

4a. Sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, maidir leis na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (i) de, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme na gceanglas sin, ag cur san áireamh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeadh agus d'infhaighteacht PRM agus d'oibreoirí beaga. Beidh na gníomhartha cur tarmligthe sin comhréireach leis an gcatagóir PRM. **[Leasú 81]**

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear ~~i gCuid A agus i gCuid B d'~~***in*** Iarscríbhinn III maidir le géinis nó le speicis áirithe de shíol nó d'ábhar caighdeánach. Beidh baint ag na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas: **[Leasú 82]**

(a) úsáidí sonracha ghéinis, speicis, nó shóirt PRM lena mbaineann;

(b) modhanna táirgthe PRM, lena n-áirítear táirgeadh gnéasach agus éighnéasach agus iomadú in vitro;

(c) coinníollacha maidir le síolú nó le plandú;

(d) saothrú sna goirt;

(e) buaint agus iarbhuaint;

(f) rátaí péactha, íonacht agus cion PRM eile, taise, ~~sprcacadh,~~ ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith i láthair; **[Leasú 83]**

(g) modhanna bith-mhóilíneacha nó teicniúla eile ***a aithnítear go hidirnáisiúnta*** a chur i bhfeidhm, mar aon lena bhformheas agus a n-úsáid, agus modhanna formheasta san Aontas a liostú; **[Leasú 84]**

(h) na coinníollacha maidir le fréamhstoic agus le codanna eile plandaí de ghéinis nó de speicis seachas iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó de chuid a hibridí, má tá ábhar iomadaithe de na géinis nó de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I nó de chuid a hibridí beangaithe orthu;

(i) coinníollacha maidir le síolta a tháirgeadh de phlandaí torthaí nó de fhíniúnacha;

(j) coinníollacha maidir le plandaí torthaí, fíniúnacha nó prátaí síl a tháirgeadh de shíolta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 76(2), chun oiriúnú d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta ábhartha ***agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeadh agus d'infhaighteacht PRM agus d'oibreoirí beaga á gcur san áireamh. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin comhréireach leis an gcatagóir PRM.*** **[Leasú 85]**

Airteagal 9

~~Clóin,~~***Ceanglais maidir le*** clóin roghnaithe~~, meascáin ilchlónacha~~ agus PRM polaclónach a tháirgeadh~~,~~ ***agus*** a mhargú ~~agus a chlárú~~ **[Leasú 86]**

1. ~~I dteannta na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 4 go 43,~~ Déanfar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach~~,~~ ***agus*** deimhnithe ***de chlóin roghnaithe agus ábhar***~~agus~~ caighdeánach de ~~chlóin, clóin roghnaithe, meascáin ilchlónacha agus~~ PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid C agus in Iarscríbhinn III, Cuid C. **[Leasú 87]**

2. Ní ceadmhach clóin~~, clóin roghnaithe, meascáin ilchlónacha~~ agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin más rud é go bhfuil siad cláraithe ag údarás inniúil in aon chlár oifigiúil amháin le haghaidh clón ***roghnaithe agus PRM polaclónach*** arna bhunú ag Ballstát. **[Leasú 88]**

Áireofar sa chlár sin na heilimintí uile dá dtagraítear san iarratas ar chlón, clón roghnaithe, meascán ilchlónach agus PRM polaclónach a chlárú, mar a leagtar amach in ~~Iarscríbhinn II, Cuid B, Cuid C pointe 2~~***Airteagal 53a***. **[Leasú 89]**

3. Déanfar ~~clóin,~~ clóin roghnaithe~~, meascáin ilchlónacha~~ agus PRM polaclónach a chothabháil chun a sainaitheantas a chaomhnú. Na daoine a bhíonn freagrach as ~~na clóin,~~ clóin roghnaithe~~, meascáin ilchlónacha~~ agus PRM polaclónach a chothabháil, déanfaidh siad na bearta uile chun go bhféadfaidh na húdaráis inniúla nó aon duine eile iad a fhíorú, ar bhonn taifid choimeádta. **[Leasú 90]**

3a. Ní dhéanfar PRM ilchlónála, atá cláraithe sa chlár dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin má chomhlíonann sé na ceanglais uile a bhaineann le hábhar caighdeánach dá dtagraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn III. I gcomhréir le hAirteagal 17, beidh lipéad oibreora gairmiúil ar a mbeidh an tásc 'Ábhar polyclónach' ag gabháil le PRM polyclónach. **[Leasú 91]**

ROINN 3

Oibreoirí gairmiúla a údarú agus maoirseacht oifigiúil na n-údarás inniúil

Airteagal 10

Oibreoirí gairmiúla a údarú chun deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil

1. Féadfaidh oibreoir oifigiúil, ar iarratas a chur isteach, a bheith údaraithe ag an údarás inniúil chun na gníomhaíochtaí uile nó gníomhaíochtaí áirithe, a cheanglaítear chun PRM a dheimhniú, a fheidhmiú faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil le haghaidh ábhar nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, agus chun lipéad oifigiúil a ~~eisiúint lena n-aghaidh~~***phriontáil lena n-aghaidh***. **[Leasú 92]**

Chun go ndeonófar an t-údarú sin agus ag brath ar na gníomhaíochtaí a bhfuil oibreoir le húdarú lena n-aghaidh, déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil na nithe seo a leanas:

(a) an t-eolas is gá a bheith aige chun na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 7 a chomhlíonadh;

(b) bheith cáilithe chun na cigireachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh nó pearsanra a fhostú atá cáilithe le haghaidh na gcigireachtaí sin;

(c) pearsanra cáilithe a fhostú chun an tsampláil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó conarthaí a thabhairt i gcrích le cuideachtaí ***nó le comhlachais d'oibreoirí gairmiúla*** a fhostaíonn pearsanra cáilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; **[Leasú 93]**

(d) pearsanra cáilithe a fhostú chun an tástáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó saotharlanna ***tástála PRM*** a úsáid a fhostaíonn pearsanra cáilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; **[Leasú 94]**

(e) pointí criticiúla an phróisis táirgthe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar cháilíocht agus ar aitheantas PRM a shainaithint, agus bheith in ann monatóireacht a dhéanamh ar na pointí sin, agus taifid a choimeád ar thorthaí an fhaireacháin sin;

(f) córais a bheith i bhfeidhm acu chun comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le sainaithint na luchtóg de bhun Airteagal 13 a áirithiú;

(g) córais a bheith i bhfeidhm acu chun comhlíonadh na gceanglas inrianaitheachta a leagtar amach in Airteagal 42 a áirithiú.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena bhforlíontar mír 1 a mhéid a bhaineann le ~~ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas:~~ **[Leasú 95]**

(a) ~~nós imeachta um an iarratas a chuireann an t-oibreoir gairmiúil isteach;~~ **[Leasú 96]**

(b) gníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh ag an údarás inniúil, chun an chomhlíontacht le mír 1, pointí (a) go (g), a dheimhniú. **[Leasú 97]**

Airteagal 11

Tarraingt siar nó modhnú údaraithe oibreora ghairmiúil

I gcás nach gcomhlíonfaidh oibreoir gairmiúil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(1) a thuilleadh, iarrfaidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir sin gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh laistigh de thréimhse shonraithe ama.

Déanfaidh an t-údarás inniúil, gan mhoill, an t-údarú a tharraingt siar, nó a mhodhnú de réir mar is iomchuí, mura gcuireann an t-oibreoir gairmiúil na gníomhaíochtaí ceartaitheacha i bhfeidhm dá dtagraítear sa chéad fhomhír laistigh den tréimhse shonraithe. I gcás ina dtiocfar ar an gconclúid gur deonaíodh an t-údarú tar éis calaoise, forchuirfidh an t-údarás inniúil na smachtbhannaí iomchuí ar an oibreoir gairmiúil.

Airteagal 12

Maoirseacht oifigiúil ag na húdaráis inniúla

1. Chun críocha an deimhniúcháin faoi mhaoirseacht oifigiúil, déanfaidh na húdaráis inniúla ***iniúchtaí rialta***, ar a laghad ~~uair sa bhliain, iniúchtaí~~***gach ocht mí dhéag*** chun a áirithiú go gcomhlíonann an t-oibreoir gairmiúil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 10(1). **[Leasú 98]**

Eagróidh freisin siad oiliúint agus scrúduithe ar an bpearsanra a dhéanann cigireachtaí allamuigh, sampláil agus tástáil dá ndéantar foráil sa Rialachán seo.

2. Chun críocha an deimhniúcháin faoi mhaoirseacht oifigiúil, déanfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí, sampláil agus tástáil oifigiúil ar chion de na barra ar an láithreán táirgthe agus ar luchtóga PRM, chun a dheimhniú go gcomhlíonann an t-ábhar sin na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 7.

Cinnfear an cion sin ar bhonn an mheasúnaithe ar an riosca féideartha nach gcomhlíonfaidh an PRM na ceanglais sin.

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha ~~cur chun feidhme~~***tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 75, lena bhforlíontar an Rialachán seo***, na ceanglais a shonrú maidir leis na cigireachtaí, leis an oiliúint, leis na scrúduithe, na cigireachtaí, leis an tsampláil agus an tástáil, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i dtaca le géinis nó le speicis áirithe. **[Leasú 99]**

D'fhéadfaí ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a shonrú leis na gníomhartha ~~cur chun feidhme~~***tarmligthe*** sin: **[Leasú 100]**

(a) na critéir riosca dá dtagraítear i mír 2 agus an t-íoschion de na barra agus de luchtóga PRM, a ndéanfar cigireachtaí, sampláil agus tástáil orthu, dá dtagraítear i mír 2;

(b) gníomhaíochtaí faireacháin atá le déanamh ag na húdaráis inniúla;

(c) úsáid scéimeanna creidiúnúcháin áirithe ag an oibreoir gairmiúil, agus an fhéidearthacht do na húdaráis inniúla chun na cigireachtaí agus na gníomhaíochtaí samplála, tástála agus faireacháin dá dtagraítear san Airteagal seo a laghdú i ngeall ar úsáid na scéimeanna sin***, dá dtagraítear i mír 2***. **[Leasú 101]**

~~Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).~~ **[Leasú 102]**

ROINN 4

Ceanglais maidir le láimhseáil

Airteagal 13

Baisceanna

1. Déanfar PRM a mharcáil ina luchtóga. Cion chineálacha agus speicis gach luchtóige, beidh sé ~~sách aonfhoirmeach agus in-sainaitheanta~~***measctha go haonchineálachagus in-sainaitheanta*** ag a húsáideoirí mar inneachar atá sainiúil ó luchtóga eile PRM. **[Leasú 103]**

2. Le linn próiseála, pacáistiú, stórála, nó tráth a seachadta, maidir le ~~luchtóg~~***luchtóga*** PRM, ní fhéadfar iad a chumasc ina luchtóg nua ach amháin más rud é go mbaineann siad leis an gcineál céanna ~~agus leis an mbliain bhuainte chéanna~~.**[Leasú 104]**

I gcás ina mbeidh luchtóga atá comhdhéanta de chatagóirí deimhniúcháin difriúla le cumasc, bainfidh an luchtóg nua le catagóir chomhpháirt na catagóire is ísle. Ní ceadmhach tabhairt faoi oibríocht an chumasctha ach amháin i saoráid a bheidh údaraithe ag an údarás inniúil chun na críche sonraí sin, agus ní fhéadfaidh ach daoine a bheidh údaraithe ag an údarás inniúil amhlaidh é sin a dhéanamh.

3. Le linn próiseála, pacáistiú, stórála, nó tráth a seachadta, féadfar luchtóga PRM a roinnt ina dhá luchtóg nó níos mó.

4. I gcásanna ina ndéantar luchtóga PRM a chumasc nó a roinnt, dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil taifid ar thionscnamh na luchtóg nua.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le speicis uile PRM nó le haghaidh speicis áirithe PRM, a bhainfidh le huasmhéid na luchtóg, lena sainaitheantas agus lena lipéadú, le luchtóga a chumasc nó a roinnt i ndáil le tionscnamh luchtóga PRM, agus na hoibríochtaí agus an lipéadú sin tar éis an chónasctha nó na roinnte á dtaifeadadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 14

Pacáistí, cuacha agus coimeádáin

1. Déanfar PRM a mhargú i bpacáistí, cuacha nó coimeádáin cheangailte, ar a mbeidh gaireas séalaithe agus marcáil. I gcás PRM seachas síolta ***agus prátaí síl***, féadfar é a mhargú i bhfoirm plandaí aonair freisin. **[Leasú 105]**

2. Déanfar na pacáistí, na cuacha agus na coimeádáin dá dtagraítear i mír 1 a cheangal ar bhealach, nach féidir iad a oscailt gan an ceangal sin a scriosadh nó gan rianta a fhágáil a léireoidh gur osclaíodh an pacáiste, cuach nó coimeádán. Áiritheofar éifeachtacht an ghairis ceangail, trí na lipéid dá ndéantar foráil in Airteagail 15 agus 16 a chur ina chuid den ghaireas nó trí shéala a úsáid. Díolmhófar pacáistí agus coimeádáin ón gceanglas sin mura féidir an ceangal a athúsáid.

3. I gcás PRM réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, is é an t-údarás inniúil,, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, a cheanglóidh na pacáistí, na cuacha agus na coimeádáin sin. Ní athcheanglófar na pacáistí, ná na coimeádáin sin ach amháin má dhéanann an t-údarás inniúil é sin, nó má dhéanann an t-oibreoir gairmiúil é faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil. Má dhéantar pacáiste, cuach nó coimeádán a athcheangal, sonrófar dáta an athcheangail agus mionsonraí an údaráis inniúil atá freagrach ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 15.

4. Ní fhéadfar luchtóga de PRM réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a athphacáistiú, a athlipéadú, agus a athshéalú ach ~~faoi rialú oifigiúil nó~~***ag an údarás inniúil nó ag an oibreoir gairmiúil*** faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil agus sa chás sin amháin. **[Leasú 106]**

5. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh oibreoir gairmiúil síolta ***agus prátaí síl*** a mhargú d'fheirmeoir go díreach agus i mbulc. **[Leasú 107]**

Is é an t-údarás inniúil a údaróidh an t-oibreoir gairmiúil sin chun na críche sin. Cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin agus faoin luchtóg óna dtagann an síol ***agus na prátaí síl*** sin roimh ré. **[Leasú 108]**

I gcás ina luchtófar síol ***agus prátaí síl*** in innealra nó ar leantóir an fheirmeora go díreach, áiritheoidh an t-oibreoir gairmiúil agus an feirmeoir lena mbaineann inrianaitheacht an tsíl ***sin agus na bprátaí síl*** sin trí dhoiciméid a eisiúint agus a choinneáil a léireoidh an speiceas agus an cineál, an chainníocht, an t-am aistrithe agus sainaitheantas na luchtóige. **[Leasú 109]**

5a. Coimeádfaidh an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil taifead de na nithe seo a leanas:

(a) ***údarú, ceannach, lódáil agus iompar an PRM; agus***

(b) ***cáilíocht, sainaithint agus inrianaitheacht an PRM.*** **[Leasú 110]**

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le séalú, ceangal, méid agus foirm phacáistí, chuacha agus choimeádáin speiceas sonrach PRM, agus coinníollacha maidir le margú na síolta ***agus na bprátaí síl*** i mbulc a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2). **[Leasú 111]**

ROINN 5

Ceanglais maidir le lipéadú

Airteagal 15

Lipéad oifigiúil

1. Sainaithneofar ábhar agus síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, agus fianófar a gcomhlíontacht leis an Rialachán seo, trí lipéad oifigiúil, a eiseofar tar éis don údarás inniúil teacht ar an gconclúid go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 7 comhlíonta.

2. Is é an t-údarás inniúil a eiseoidh an lipéad oifigiúil agus beidh sraithuimhir air arna tabhairt ag an údarás inniúil.

Is é seo a leanas a phriontálfaidh an lipéad oifigiúil:

(a) an t-údarás inniúil ***a d'eisigh an lipéad oifigiúil***, má iarrann an t-oibreoir gairmiúil sin, nó mura mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil, is é an t-údarás inniúil a phriontálfaidh é i gcomhréir le hAirteagal 10; nó **[Leasú 112]**

(b) an t-oibreoir gairmiúil ***nó na comhlachais d'oibreoirí gairmiúla***, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, i gcás ina mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 10. **[Leasú 113]**

3. Greamóidh an t-oibreoir gairmiúil, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, an lipéad oifigiúil ar an taobh amuigh den chuach, pacáiste nó coimeádán, nó is é duine a ghníomhóidh faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil a dhéanfaidh amhlaidh.

4. Eiseofar an lipéad oifigiúil as an nua. Féadfar lipéid oifigiúla ghreamaitheacha a úsáid, má údaraíonn an t-údarás inniúil amhlaidh i gcás nach mbeidh aon riosca ann gur féidir iad a athúsáid.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha seo a leanas a leagan síos maidir leis na nithe seo:

(a) taifeadadh digiteach na ngníomhaíochtaí uile arna ndéanamh ag na hoibreoirí gairmiúla agus ag na húdaráis inniúla chun an lipéad oifigiúil a eisiúint;

(b) ardán láraithe a bhunú lena nasctar na Ballstáit agus an Coimisiún chun próiseáil na dtaifead sin, rochtain a fháil orthu, agus a n-úsáid a éascú;

(c) na socruithe teicniúla chun na lipéid oifigiúla leictreonacha a eisiúint.

Tar ghlacadh an ghnímh tharmligthe sin, féadfar an lipéad oifigiúil a eisiúint i bhfoirm leictreonach freisin ('lipéad oifigiúil leictreonach').

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5 ***den Airteagal seo***, déanfar ~~ábhar agus~~ síol réamhbhunúsach ~~agus bunúsach~~, ~~ábhar agus síol~~ bunúsach agus ~~ábhar agus síol~~ deimhnithe, arna n-allmhairiú ó thríú tíortha de bhun Airteagal 39, a mhargú san Aontas agus an lipéad OECD lena mbaineann orthu agus a bhí ag gabháil leo tráth a n-allmhairithe. **[Leasú 114]**

Airteagal 16

Lipéad an oibreora

Is le lipéad oibreora a shainaithneofar ábhar caighdeánach agus síol caighdeánach. Fianóidh an lipéad sin go gcomhlíonann an t-ábhar caighdeánach nó an síol caighdeánach sin na ceanglais ábhartha maidir le táirgeadh agus margú, dá dtagraítear in Airteagal 8, ar bhonn na gcigireachtaí, na samplála agus na tástála arna ndéanamh ag an oibreoir gairmiúil.

Eiseoidh, priontálfaidh agus greamóidh an t-oibreoir gairmiúil, nó duine a ghníomhóidh faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil, lipéad an oibreora ar an taobh amuigh de chuach, pacáiste nó coimeádán ***plandaí. Féadfaidh an t-oibreoir gairmiúil, nó duine a bheidh ag gníomhú faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil, an fhaisnéis atá le cur ar lipéad an oibreora ghairmiúil a phriontáil go díreach ar an gcuach, pacáiste nó coimeádáin plandaí.*** **[Leasú 115]**

Airteagal 17

Inneachar lipéad

1. Beidh an lipéad oifigiúil agus an lipéad oibreora scríofa i dteanga amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh lipéad oifigiúil agus lipéad an oibreora inléite, doscriosta, gan a bheith inmhodhnaithe má dhéantar crioscaíl leis, priontáilte ar thaobh amháin, ***déanta as ábhar do-bhriste mura lipéad greamaitheach é,*** gan a bheith úsáidte roimhe, agus infheicthe gan dua. ***Áireofar leis, i gcás inarb infheidhme, tagairt don cheart ar chineál planda agus tagairt don chlár dá dtagraítear in Airteagal 46 i gcás tuilleadh ceart maoine intleachtúla.*** **[Leasú 116]**

3. Aon spás den lipéad oifigiúil nó de lipéad an oibreora seachas na heilimintí a luaitear i mír 4, ~~féadfaidh an t-údarás~~***déanfaidh an t-údarás*** inniúil é a úsáid le haghaidh faisnéis bhreise***, i gcás inar ábhartha sin***. Cuirfear an fhaisnéis sin i láthair i litreacha nach mó ná na litreacha sin a úsáidtear le haghaidh inneachar an lipéid oifigiúil nó lipéad an oibreora dá dtagraítear i mír 4. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith ina fhaisnéis fhíorasach agus an méid sin amháin, gan ábhar fógraíochta a bheith i gceist, agus bainfidh an fhaisnéis leis na ceanglais maidir le táirgeadh agus le margú nó leis na ceanglais maidir le lipéadú le haghaidh orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó le plandaí NGT de chatagóir 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le NGT) agus leis na ceanglais sin amháin. **[Leasú 117]**

4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, inneachar, méid, dath agus foirm an lipéid oifigiúil nó lipéad an oibreora, de réir mar is infheidhme, i ndáil leis na catagóirí nó sóirt PRM lena mbaineann, le haghaidh na lipéad seo a leanas:

(a) an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1);

(b) lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16;

(c) an lipéad le haghaidh meascán dá dtagraítear in Airteagal 21(1);

(d) an lipéad le haghaidh meascáin le haghaidh leasaithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1);

(e) an lipéad le haghaidh síolta athphácáistithe agus athlipéadaithe dá dtagraítear in Airteagal 23(5);

(f) an lipéad le haghaidh PRM a bhaineann le cineálacha caomhantais dá dtagraítear in Airteagal 26(2);

(g) an lipéad le haghaidh PRM a mhargaítear d'úsáideoirí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 28(1), pointe (a);

~~(h) an lipéad le haghaidh PRM a mhargaíonn bainc géinte, cagraíochtaí agus líonraí áirithe dá dtagraítear in Airteagal 29;~~ **[Leasú 118]**

~~(i) an lipéad le haghaidh ábhar póraithcora dá dtagraítear in Airteagal 31(2);~~ **[Leasú 119]**

(j) an lipéad le haghaidh PRM cineálacha nach bhfuil cláraithe fós dá dtagraítear in Airteagal 32(5);

(k) an lipéad le haghaidh PRM a údaraítear i gcásanna deacrachtaí sealadacha sa soláthar dá dtagraítear in Airteagal 33(2); agus

(l) an lipéad le haghaidh síolta ag a bhfuil údarú sealadach lena margú dá dtagraítear in Airteagal 34(3);

(m) an lipéad le haghaidh síolta nár deimhníodh go críochnaitheach dá dtagraítear in Airteagal 35(3);

(n) an lipéad le haghaidh PRM a allmhairítear ó thríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 40(1) agus (2);

(na) ***an lipéad le haghaidh ábhair pholaclónaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(4);*** **[Leasú 120]**

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

5. Féadfaidh an t-údarás inniúil a údarú don oibreoir gairmiúil faisnéis seachas an t-inneachar dá dtagraítear i mír 4 a léiriú, agus faisnéis seachas ábhar fógraíochta, arna chur ar fhorimeall an lipéid oifigiúil, in achar ar mhéid nach mó ná 20 % d'achar iomlán an lipéid oifigiúil, ar a mbeidh an teideal 'Faisnéis neamhoifigiúil'. Cuirfear an fhaisnéis sin i litreacha nach mó ná na litreacha sin a úsáidtear le haghaidh inneachar an lipéid oifigiúil dá dtagraítear i mír 4.

Airteagal 18

Tagairt do luchtóga

Eiseofar an lipéad oifigiúil agus an lipéad oibreora le haghaidh gach luchtóige.

Má roinntear luchtóg den chineál céanna ina dhá luchtóg nó níos mó, eiseofar lipéad oifigiúil nua nó lipéad oibreora nua le haghaidh gach luchtóg.

Má dhéantar roinnt luchtóg den chineál céanna a chumasc chun luchtóg nua a dhéanamh, eiseofar lipéad oifigiúil nó lipéad oibreora nua le haghaidh na luchtóige nua sin.

Airteagal 19

Neamhchomhlíontacht PRM le ceanglais maidir le táirgeadh agus le margú

Sa chás ina dtaispeánann rialuithe oifigiúla a dhéantar le linn PRM a mhargú nár táirgeadh nó nár margaíodh ~~síolta nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nó síolta nó ábhar caighdeánach~~***é*** laistigh den Aontas i gcomhréir leis na ceanglais ~~lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagail 7 nó 8, nó i gcás nár deimhníodh sainaitheantas cineáil agus ionacht cineáil PRM sa tástáil ar dháileacht talún cóimheasa i gcomhréir le hAirteagal 24~~***faoi seach is infheidhme i ndáil leis an PRM sin***, áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfaidh an t-oibreoir gairmiúil lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá maidir leis an PRM ~~lena mbaineann agus i leith an áitribh~~***, a áitreabh*** agus a mhodhanna táirgthe, de réir mar is iomchuí. Beidh sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí sin ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a bhaint amach: **[Leasú 121]**

(a) comhlíonfaidh an PRM lena mbaineann na ceanglais ábhartha;

(b) tarraingeofar an PRM lena mbaineann ón margadh nó úsáidfear mar ábhar seachas PRM é;

(c) cé is moite de shíol caighdeánach nó d'ábhar caighdeánach, ~~táirgfear nó~~***de shíol ilchineálach nó d'ábhar ilchineálach agus de PRM a mhargaítear faoi na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 27 go 30,*** margófar an PRM lena mbaineann faoi chatagóir níos ísle, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme le haghaidh na catagóire sin; **[Leasú 122]**

(d) ~~gcarrfari~~***i gcás inarb infheidhme, féadfar*** modhanna breise de phionóis ***a ghearradh*** ar an oibreoir gairmiúil le cois tharraingt siar nó mhodhnú an údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 11. **[Leasú 123]**

Airteagal 20

Gan PRM a tháirgeadh ná a mhargú ach amháin mar shíolta nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe

1. Ní ceadmhach PRM a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn IV a tháirgeadh ná a mhargú ach amháin mar shíolta nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun Iarscríbhinn IV a leasú.

Leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear géinis nó speicis le hIarscríbhinn IV, má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas araon:

(a) tá gá le ráthaíochtaí níos airde maidir le cáilíocht na síolta a bhaineann leis an ngéineas nó leis an speiceas sin; agus.

(b) tá costais na ngníomhaíochtaí deimhniúcháin, is gá chun an síol lena mbaineann a tháirgeadh agus a mhargú mar shíol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, comhréireach:

(i) leis an gcuspóir slándáil bia agus beatha a áirithiú, nó ardluach na próiseála tionsclaíche a áirithiú; agus

(ii) leis na tairbhí eacnamaíocha a dhíorthaítear de na caighdeáin is airde maidir le sainaitheantas agus cáilíocht an tsíl, a eascraíonn as comhlíontacht leis na ceanglais maidir le síol réamhbhunúsach, bunúsach, agus deimhnithe i gcomparáid leis na caighdeáin sin maidir le síol caighdeánach.

Beidh an chomhréireacht sin bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar na heilimintí seo a leanas in éineacht le chéile: tábhacht an ghéinis nó an speicis lena mbaineann ó thaobh shlándáil bia agus beatha an Aontais de; méid a tháirgeachta san Aontas; an t-éileamh atá air ó na hoibreoirí gairmiúla agus ó oibreoirí an tionscail bia/beatha; na costais chun síol réamhbhunúsach, bunúsach, agus deimhnithe a tháirgeadh i gcomparáid leis an gcostas chun síol eile den ghéineas nó den speiceas céanna a tháirgeadh; agus na tairbhí eacnamaíocha a dhíorthaítear ó shíol réamhbhunúsach, bunúsach, agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú i gcomparáid le síol eile den ghéineas nó den speiceas céanna.

Leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, bainfear géineas nó speiceas d'Iarscríbhinn IV mura gcomhlíontar ceann de na coinníollacha a leagtar amach sa dara fomhír, pointe (b), pointí (i) agus (ii), a thuilleadh.

2a. Ar iarratas ó Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a údarú go scaoilfear Ballstát ón oibleagáid na forálacha atá leagtha síos san Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgeadh agus margú PRM laistigh dá chríoch, ar PRM é a bhaineann go sonrach le géineas nó le speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn IV, nach ndéantar de ghnáth a atáirgeadh ná a mhargú laistigh dá chríoch. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Déanfar an t-údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír a bhunú ar mheasúnú ar na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2 den dara fomhír.

***Déanfar an t-údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a athbhreithniú go rialta. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go bhfuil an t-údarú le haisghairm, má mheasann sé nach bhfuil bonn cirt leis a thuilleadh i bhfianaise na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, pointe (a) agus pointe (b). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).* [Leasú 124]**

ROINN 6

CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE MEASCÁIN SÍOLTA, SÍOLTA A ATHPHACÁISTIÚ AGUS TÁSTÁLACHA AR DHÁILEACHTAÍ TALÚN CÓIMHEASA LE hAGHAIDH SÍOLTA

Airteagal 21

Meascáin síolta

1. Meascáin de shíolta deimhnithe nó meascáin de shíol caighdeánach de ghéinis nó de speicis éagsúla a liostaítear i ~~gCuid A~~***gCodanna A agus B*** d'Iarscríbhinn I agus a chomhlíonann ceanglais Airteagail 5 go 8***, cibé acu atá nó nach bhfuil i gcomhcheangal le síol tráchtála***, mar aon le meascáin de chineálacha difriúla de na géinis nó de na speicis sin, féadfar iad a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, más rud é go gcomhlíonann siad ceanglais an Airteagail seo. **[Leasú 125]**

Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis na síolta a áireofar sna meascáin sin:

(a) lipéad oifigiúil, i gcás nach mbeidh sa mheascán ach síolta deimhnithe; nó

(b) lipéad oibreora, i ~~gcás nach mbeidh sa mheascán ach síol deimhnithe, nó síol deimhnithe agus síol caighdeánach~~***ngach cás eile***. **[Leasú 126]**

Chun críocha an dara fomhír, pointe (a), cuirfidh na hoibreoirí gairmiúla liosta na gcineálacha ***agus na gcomhpháirteanna síolta tráchtála*** dá bhfuil an meascán comhdhéanta agus na cóimheasa atá i gceist leo faoi bhráid an údaráis inniúil, chun incháilitheacht na gcineálacha sin a fhíorú. **[Leasú 127]**

2. Is iad oibreoirí gairmiúla amháin a fhéadfar meascán síolta dá dtagraítear i mír 1 a tháirgeadh, arb oibreoirí gairmiúla iad atá údaraithe chun na críche sin ag an údarás inniúil. Chun údarú a fháil chun na meascáin sin a tháirgeadh, comhlíonfaidh na hoibreoirí gairmiúla na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh trealamh measctha oiriúnach suiteáilte acu mar aon le nósanna imeachta iomchuí lena n-áiritheofar go mbeidh an meascán críochnaithe aonfhoirmeach agus gur féidir an cóimheas, atá luaite a bheith ann idir na cineálacha ar comhpháirteanna iad i ngach coimeádán, a bhaint amach;

(b) beidh duine i gceannas ar a mbeidh freagracht dhíreach as oibríocht an mheasctha agus an phacáistithe; agus

(c) coimeádfaidh siad clár de mheascáin síolta agus den úsáid a bheartaítear dóibh.

3. Déanfar oibríocht mheascadh agus phacáistiú na síolta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil.

Déanfar oibríocht an mheasctha ar bhealach lena n-áiritheofar nach mbeidh aon riosca ann go mbeidh síolta i láthair nach mbeartaítear iad a áireamh agus go mbeidh an meascán a gheofar dá thoradh a aonfhoirmí agus is féidir.

Meáchan an tsíl i gcoimeádán aonair, atá comhdhéanta de mheascán de speicis bheagshíolacha agus de speicis ar mó a shíol ná méid na cruithneachta, ní bheidh meáchan an tsíl sin sa choimeádán níos mó ná 40 kg.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar bhonn na bhforbairtí teicniúla agus eolaíocha agus na taithí a gheofar ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo, rialacha a shonrú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an trealamh agus an nós imeachta um meascadh;

(b) uasmhéideanna na luchtóg le haghaidh speicis agus cineálacha áirithe.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 22

Meascáin chaomhnúcháin

1. De mhaolú ***ar Airteagail 5 go 8 agus*** ar Airteagal 21(1), feadfaidh na Ballstáit táirgeadh agus margú meascáin síolta de ghéinis nó de chineálacha éagsúla a liostaítear i ~~gCuid A~~***gCodanna A, B agus C*** d'Iarscríbhinn I, a údarú, ~~mar aon le meascáin síolta chineálacha difriúla de na géinis nó de na speicis sin, in éineacht le síolta~~***agus*** de ghéinis nó de speicis Chodanna eile den Iarscríbhinn sin, nó ~~meascáin síolta~~ de ghéinis nó de speicis nach liostaítear san Iarscríbhinn sin, más rud é go gcomhlíonann ~~an meascán~~***na meascáin*** sin na coinníollacha uile seo a leanas: **[Leasú 128]**

(a) cuidíonn ~~sé~~***siad*** le caomhnú na ~~n-acmhainní~~***n-acmhainní*** géiniteacha, nó leis an gcomhshaol nádúrtha a athbhunú; agus **[Leasú 129]**

(b) tá ~~sé~~***siad*** bainteach le limistéar áirithe (~~limistéar foinseach~~***réigiún tionscnaimh***) a chuidíonn le caomhnú na n-acmhainní géiniteacha, nó leis an gcomhshaol nádúrtha a athbhunú; **[Leasú 130]**

(c) comhlíonann ~~sé~~***siad*** ceanglais Iarscríbhinn V; **[Leasú 131]**

(ca) ***níl siad comhdhéanta de OGM nó de phlanda TGN de chatagóir 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE).../... [Rialachán TGN] nó de phlanda TGN de chatagóir 1 nó 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) den Rialachán sin.*** **[Leasú 132]**

Is ~~é 'meascán caomhantais~~***iad 'meascáin chaomhnúcháin***' atá i gceist le ~~meascán~~***meascáin*** den sórt sin agus luafar é sin ar a lipéad. **[Leasú 133]**

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena leasófar Iarscríbhinn V maidir leis na heilimintí seo a leanas:

(a) ceanglais maidir le húdarú le haghaidh meascáin síolta a bhailítear ó áit nádúrtha go díreach arb áit í a bhaineann le ~~limistéar foinseach~~***réigiún tionscnaimh*** sainithe, chun an comhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a athbhunú (meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach); **[Leasú 134]**

(b) ceanglais maidir le lipéadú le haghaidh meascáin le haghaidh leasaithe a fhástar mar bharra;

(c) úsáid agus cion speiceas áirithe;

(d) ceanglais maidir le séalú agus le pacáistiú;

(e) ceanglais maidir leis na hoibreoirí gairmiúla a údarú.

Beidh na ~~leasuithe~~***gníomhartha tarmligthe*** sin bunaithe ar an taithí a cruinníodh le cur chun feidhme an Airteagail seo, agus le haon fhorbairt theicniúil agus eolaíoch agus leis an bhfeabhsú ar cháilíocht agus ar shainaitheantas na meascán le haghaidh leasaithe. Féadfaidh baint a bheith acu le géinis nó le speicis áirithe agus leo sin amháin. **[Leasú 135]**

3. Tuairisceoidh oibreoirí gairmiúla chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann, le haghaidh gach séasúir táirgthe, méid na meascán le haghaidh leasaithe a tháirg agus a mhargaigh siad.

Tuairisceoidh na Ballstáit arna iarraidh sin chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile méid na meascáin le haghaidh leasaithe a tháirgtear agus a mhargaítear ina gcríoch agus, i gcás inarb infheidhme, ainmneacha na n-údarás inniúil atá freagrach as acmhainní géiniteacha plandaí nó na n-eagraíochtaí a aithnítear chun na críche sin.

Airteagal 23

Luchtóga ~~síl~~***PRM*** a athphacáistiú agus athlipéadú **[Leasú 136]**

1. Déanfar luchtóg ~~síl de shíol~~***de PRM*** réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a athphacáistiú agus athlipéadú i gcomhréir leis an Airteagal seo, le hAirteagail 14 agus 15, i gcás inar gá sin chun luchtóga a roinnt nó a chumasc. **[Leasú 137]**

2. Is iad seo a leanas a dhéanfaidh athphacáistiú agus athlipéadú luchtóige ~~síl~~***PRM***: **[Leasú 138]**

(a) an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil; nó

(b) samplóir síl, a bheidh údaraithe agus faoi mhaoirseacht chun na críche sin ag an údarás inniúil, agus a thuairiscíonn chuig an údarás sin.

I gcás phointe (b), tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don oibreoir gairmiúil roimh ré chun a chomhar leis an samplóir síl a eagrú.

3. An t-oibreoir gairmiúil agus an samplóir síl a dhéanfaidh athphacáistiú agus athlipéadú na luchtóg síl, déanfaidh siad gach beart chun a áirithiú, le linn oibríocht an athphacáistithe, go ndéanfar sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil na luchtóige síl a chothabháil, nach dtarlóidh aon éilliú, agus go mbeidh an luchtóg síl a eascróidh as a aonfhoirmí agus is féidir.

4. Coimeádfaidh na hoibreoirí gairmiúla agus an samplóir síl taifid, agus luchtóga síl á n-athphacáistiú agus á n-athlipéadú acu, ar feadh 3 bliana tar éis an athlipéadaithe agus an athphacáistithe faoi seach. Beidh na nithe seo a leanas san fhaisnéis a bheidh sna taifid:

(a) uimhir thagartha na luchtóige síl bunaidh;

(b) uimhir thagartha na luchtóige síl athphacáistithe nó athlipéadaithe;

(c) meáchan na luchtóige síl bunaidh;

(d) meáchan na luchtóige síl athphacáistithe nó athlipéadaithe;

(e) dáta diúscartha críochnaithí na luchtóige.

Coimeádfar na taifid sin i bhfoirm lena bhfágfar go mbeifear in ann barántúlacht na luchtóige síl bunaidh a shainaithint agus a fhíorú, ar luchtóg í a bheidh faoi réir a hathphacáistithe agus a hathlipéadaithe. Cuirfear iad ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin.

5. Bainfear na séalaí agus na lipéid bhunaidh den luchtóg síl. Coimeádfaidh na hoibreoirí gairmiúla nó an samplóir síl an lipéad freisin, de gach luchtóg síl is comhpháirt den luchtóg síl bhunaidh, arb é sin an lipéad a athsholáthraíodh.

Luafar uimhir thagartha na luchtóige síl bunaidh ar na lipéid nua nó uimhir thagartha luchtóige síl nua arna sannadh ag an údarás inniúil.

6. I gcás ina sannfaidh an t-údarás inniúil uimhir thagartha luchtóige síl nua, coimeádfaidh sé taifead ar an iar-uimhir thagartha luchtóige síl nó áiritheoidh go mbeidh an iar-uimhir sin ar na lipéid nua.

7. Ní ceadmhach athphacáistiú a dhéanamh ar mheascáin de shíol deimhnithe ach amháin i gcás ina mbeidh sé suite ag an oibreoir gairmiúil nó ag an samplóir síl go gcoinneofar cóimheas na gcomhpháirteanna difriúla laistigh de mheascán ar bun le linn phróiseas an athphacáistithe.

Airteagal 24

Tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa le haghaidh síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe

1. Tar éis tháirgeadh na síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, déanfaidh na húdaráis inniúla tástálacha bliantúla allamuigh, láithreach tar éis an tséasúir, nó lena linn, tar éis dó na samplaí a tharraingt, sa bhreis ar chigireacht ar na goirt, i ndáileachtaí ina gcuirfear an cineál i gcomparáid le sampla síl den chineál, a bheidh fíoraithe go hoifigiúil, chun a fhionnadh nár tháinig aon athrú ar shaintréithe na gcineálacha i bpróiseas an táirgthe agus chun fíorú a dhéanamh ar shainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil luchtóga aonair síl.

Úsáidfear na tástálacha sin chun measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(a) cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais maidir leis na chéad chatagóirí nó ghlúine eile. Nuair, de thoradh na dtástálacha sin ar an gcatagóir nó ar an nglúin díreach fúthu sin, a shuífear nár coinníodh sainaitheantas cineáil ná íonacht na síolta ar bun, ní dheimhneoidh an t-údarás inniúil síl a dhíorthaítear ón luchtóg lena mbaineann;

(b) go gcomhlíonann an síol sin na ceanglais eile lena mbaineann maidir le haitheantas, cáilíocht agus deimhniúcháin. Nuair, de thoradh na tástála sin, a shuífear nár comhlíonadh ceanglais Airteagal 7, tarraingeoidh an t-údarás inniúil an luchtóg lena mbaineann siar ón margadh nó áiritheoidh go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais is infheidhme.

2. Cinnfear cion na dtástálacha sin ar dháileachtaí talún cóimheasa le haghaidh síol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe ar bhonn anailís riosca maidir le neamhchomhlíontacht fhéideartha na síolta leis na ceanglais is infheidhme.

3. Ar bhonn na hanailíse riosca dá dtagraítear i mír 2, déanfar tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa trí shamplaí arna dtógáil ag an údarás inniúil ón síol a rinneadh a bhuaint.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí rialacha a leagan amach maidir leis na tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa síolta in aghaidh an ghéinis nó an speicis. Oiriúnófar na rialacha sin don fhorbairt ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta, agus féadfar iad a leagan síos in aghaidh an ghéinis, an speicis nó catagóirí áirithe. D'fhéadfadh baint a bheith acu leis na nithe seo a leanas:

(a) critéir maidir leis an anailís riosca dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh;

(b) an nós imeachta tástála;

(c) meastóireacht ar thorthaí na dtástálacha.

5. I gcás sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil a rialú, féadfar úsáid a bhaint as úsáid na dteicnící bith-mhóilíneacha mar uirlis fhorlíontach i gcás nach n-eascróidh torthaí críochnúil as na tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa dá dtagraítear i mír 1

Airteagal 25

Tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa le haghaidh síolta caighdeánacha

1. Tar éis mhargú na síolta caighdeánacha, déanfaidh na húdaráis inniúla***, má shonraítear san anailís riosca é,*** tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na síolta na ceanglais ~~lena mbaineann maidir le sainaitheantas cineáil agus le híonacht chineáil, agus ceanglais eile~~***a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn III***, de réir mar is iomchuí. **[Leasú 139]**

2. Cinnfear na tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa ar bhonn anailís riosca maidir leis an bhféidearthacht nach gcomhlíonfaidh na síolta lena mbaineann na ceanglais sin. ***Déanfaidh an t-údarás inniúil anailís riosca den sórt sin ar bhonn saintréithe críochacha, rioscaí do shláinte plandaí sa réigiún, agus ar bhonn cuntas teiste an oibreora ghairmiúil.*** **[Leasú 140]**

3. Bunaithe ar an anailís riosca ar neamhchomhlíontacht leis na rialacha lena mbaineann, déanfar na tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa dá dtagraítear i mír 1 go bliantúil, trí úsáid a bhaint as samplaí arna dtógáil ag údarás inniúil ó luchtóga síl aonfhoirmeacha. Déanfaidh na tástálacha sin measúnú ar aitheantas agus íonacht chineáil an tsíl lena mbaineann, agus a ráta péactha agus íonacht.

4. I gcás sainaitheantas cineáil agus íonacht chineáil a rialú, féadfar úsáid a bhaint as teicnící bith-mhóilíneacha mar uirlis fhorlíontach i gcás nach mbeadh torthaí na dtástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa dá dtagraítear i mír 1 críochnúil.

ROINN 7

Sáruithe ar cheanglais Airteagail 5 go 25

Airteagal 26

PRM a bhaineann le cineálacha caomhantais

1. De mhaolú ar Airteagal 20, féadfar PRM ***de ghéinis agus de speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn IV agus*** a bhaineann le cineál caomhantais, atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b) a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas mar shíol caighdeánach nó gnáthábhar plandaí atáirgthe, má chomhlíonann sé na ceanglais uile a bhaineann le síol caighdeánach agus gnáthábhar plandaí atáirgthe le haghaidh an speicis faoi leith, dá dtagraítear in Airteagal 8. **[Leasú 141]**

2. Beidh lipéad oibreora ar a mbeidh an tásc 'Cineál caomhantais' ag gabháil le PRM dá dtagraítear i mír 1.

3. Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin fógra don údarás inniúil faoin ngníomhaíocht sin~~, i ndáil leis na speicis agus na cainníochtaí lena mbaineann,~~ ar bhonn bliantúil. **[Leasú 142]**

Airteagal 27

PRM d'ábhar ilchineálach

1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfar PRM d'ábhar ilchineálach***, cé is moite de tháirgeadh agus margú plandaí farae a liostaítear in Iarscríbhinn I,*** a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas gan baint a bheith aige le cineál. Tabharfar fógra don údarás inniúil ~~faoin~~ ***faoi PRM d'***ábhar ilchineálach agus cláróidh an t-údarás sin é sula dtáirgfear agus/nó margófar é, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. **[Leasú 143]**

2. De mhaolú ar ~~Airteagail 7(1), (3) agus~~***Airteagal 7, Airteagal 8,*** Airteagal ~~8(1), (3)~~***13(2) and (5) agus Airteagail 18 agus 20***, táirgfear agus margófar PRM d'ábhar ilchineálach dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. **[Leasú 144]**

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena leasófar Iarscríbhinn VI. Féadfaidh baint a bheith ag na leasuithe sin leis na géinis nó speicis uile, nó le géinis nó speicis áirithe amháin, agus:

(a) feabhsófar leo soláthar faisnéise i bhfógraí, tuairisc agus sainaithint PRM ilchineálach, ar bhonn na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na rialacha faoi leith;

(b) feabhsófar leo na rialacha a bhaineann le pacáistíocht agus lipéadú PRM ilchineálach, ar bhonn na taithí a fuarthas ó na seiceálacha a rinne na húdaráis inniúla;

(c) feabhsófar leo na rialacha maidir le cothabháil PRM ilchineálach, ***más infheidhme,*** ar bhonn teacht chun cinn deachleachtas. **[Leasú 145]**

Glacfar na leasuithe sin chun oiriúnú d'fhorbairt na fianaise teicniúla agus eolaíochta faoi leith, agus na caighdeáin idirnáisiúnta, agus chun leanúint leis an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo a bhaineann leis na géinis nó speicis uile, nó le géinis nó speicis áirithe amháin.

4. Tabharfaidh aon oibreoir gairmiúil a tháirgeann agus/nó atá chun PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú fógra don údarás inniúil sula margófar é. Mura n-iarrann an t-údarás inniúil aon fhaisnéis bhreise laistigh ~~d'achar ama a chinneann an t-údarás inniúil~~***de trí mhí***, féadfar PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú. **[Leasú 146]**

5. Áiritheoidh an t-oibreoir gairmiúil inrianaitheacht PRM d'ábhar ilchineálach trí fhaisnéis a choinneáil lena bhféadfar na hoibreoirí gairmiúla, a sholáthair an t-ábhar tosaigh a úsáideadh do tháirgeadh (máthair-ábhar) an ábhair ilchineálaigh, a shainaithint.

Coinneoidh an t-oibreoir gairmiúil an fhaisnéis sin go ceann 5 bliana.

An t-oibreoir gairmiúil a tháirgeann PRM d'ábhar ilchineálach a mbeartaítear é a mhargú, déanfaidh sé an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh agus a choinneáil:

(a) ainm an speicis agus na hainmníochta a úsáidtear i ngach ábhar ilchineálach ar tugadh fógra ina leith;

(b) an cineál teicníce a úsáidtear chun ábhar ilchineálach dá dtagraítear i mír 1 a tháirgeadh;

(c) saintréithriú an ábhair ilchineálaigh ar tugadh fógra ina leith;

(d) suíomh pórúcháin ***nó táirgthe*** PRM d'ábhar ilchineálach ~~agus an suíomh táirgthe~~; **[Leasú 147]**

(e) an t-achar dromchla chun PRM d'ábhar ilchineálach a tháirgeadh agus an chainníocht a tháirgtear.

Beidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo***, i gcomhthéacs na rialuithe iarmhargaithe***. **[Leasú 148]**

6. Beidh feidhm ag Airteagal 54 dá réir sin maidir le hoiriúnacht ainmníocht an ábhair ilchineálaigh.

7. Ábhar ilchineálach mar a thugtar fógra ina leith de bhun mhír 1, cláróidh na húdaráis inniúla é i gclár tiomnaithe ('clár ábhair ilchineálaigh'). ***Beidh an clárú sin saor in aisce don oibreoir gairmiúil.*** **[Leasú 149]**

Coimeádfaidh na húdaráis inniúla an clár sin, tabharfaidh siad cothrom le dáta é ~~agus~~***,*** foilseoidh siad ***é agus cuirfidh siad ar fáil ar líne*** é agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoina inneachar agus na nuashonruithe. **[Leasú 150]**

Airteagal 28

PRM a mhargaítear d'úsáideoirí deiridh

1. De mhaolú ar Airteagail 5-12, 14, 15 agus 20, féadfar PRM a mhargú d'úsáideoirí deiridh, má chomhlíonann sé na ceanglais uile seo a leanas:

(a) beidh lipéad oibreora ar PRM, lipéad ar a mbeidh an ainmníocht PRM agus an tásc 'Ábhar atáirgthe plandaí d'úsáideoirí deiridh – gan deimhniú oifigiúil' nó, i gcás síolta, 'Síolta d'úsáideoirí deiridh – gan deimhniú oifigiúil';

(b) i gcás nach mbaineann PRM le cineál atá cláraithe i clár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44, gabhfaidh tuairisc, a bheidh ar fáil go poiblí, le PRM, ar bhonn doiciméadacht phríobháideach, i gcatalóg tráchtála a choimeádann an t-oibreoir gairmiúil. Cuirfidh an t-oibreoir gairmiúil an doiciméadacht phríobháideach sin ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin;

(c) beidh sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá chuid cáilíochta mar ábhar atáirgthe, agus beidh spreacadh agus toisí sásúla aige i leith a thairbhe mar PRM, agus, i gcás síolta, beidh acmhainneacht phéactha shásúil acu; agus

(d) margófar PRM mar phlandaí aonair, nó, i gcás síolta agus tiúbar, i bpacáistí beaga.

Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin fógra don údarás inniúil faoin ngníomhaíocht sin~~, i ndáil leis na speicis agus na cainníochtaí lena mbaineann,~~ ar bhonn bliantúil**. [Leasú 151]**

~~2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhaineann leis na ceanglais maidir le méid, foirm, scálú agus láimhseáil, ceanglais a bhaineann leis na pacáistí beaga dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).~~

~~Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).~~ **[Leasú 152]**

Airteagal 29

PRM a mhargaítear ~~do bhainc ghéinte,~~ ***d'***eagraíochtaí agus líonraí ***atá tiomanta don chaomhnú dinimiciúil agus PRM***~~agus~~ a mhargaítear ~~idir bainc ghéinte, eagraíochtaí agus líonraí~~ ***eatarthu nó ina measc nó PRM arna mhargú acu*** **[Leasú 153]**

1. De mhaolú ar Airteagail 5 go 25, féadfar PRM a mhargú ~~do bhainc ghéinte,~~ ***d'***eagraíochtaí agus líonraí, nó ~~idir bainc ghéinte,~~***ag*** eagraíochtaí agus líonraí~~, le cuspóir reachtúil, nó cuspóir oifigiúil a dtugtar fógra ina leith don údarás inniúil, chun acmhainní géinitcacha plandaí a~~ ***nó idir eagraíochtaí agus líonraí nó laistigh d'eagraíochtaí agus líonraí lena n-áirítear feirmeoirí atá tiomanta do*** chaomhnú~~,~~ ***dinimiciúil*** lena ndéantar aon cheann de na gníomhaíochtaí chun críocha ~~neamhbhrabúsacha~~***neamhbhrabúis***. **[Leasú 154]**

Féadtar é a mhargú ~~ó na bainc ghéinte, eagraíochtaí~~ ***ó na heagraíochtaí caomhnaithe*** agus líonraí ***sin, nó óna gcomhaltaí*** chuig daoine~~,~~ a dhéanann an PRM sin a chaomhnú~~,~~ ***go dinimiciúil*** mar úsáideoirí deiridh~~,~~ ***nó*** chun críocha ~~neamhbhrabúsacha~~***feirmeoireachta*** freisin. **[Leasú 155]**

Sna cásanna dá ndéantar foráil sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, comhlíonfaidh PRM na ceanglais seo a leanas:

(a) liostófar é i gclár a choimeádann na ~~bainc ghéinte, eagraíochtaí~~***heagrachtaí caomhnaithe*** agus líonraí sin in éineacht le tuairisc ~~iomchuí~~***bhunúsach*** ar an PRM sin***, i gcás nach mbaineann sé le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44***; **[Leasú 156]**

(b) caomhnóidh na ~~bainc ghéinte, eagraíochtaí~~***heagraíochtaí caomhnaithe*** agus líonraí é, agus cuirfidh na ~~bainc ghéinte, eagraíochtaí~~***heagraíochtaí*** agus líonraí sin samplaí den PRM sin ar fáil do na húdaráis inniúla arna ~~n-iarraidh sin~~***n-iarraidh sin, ag brath ar na cainníochtaí***; agus **[Leasú 157]**

(c) beidh ~~sé~~***siad*** saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá ~~chuid~~***gcuid*** cáilíochta mar ~~ábhar~~***abhar*** atáirgthe~~, agus beidh spreacadh agus toisí sásúla aige i leith a thairbhe mar PRM, agus, i gcás síolta, beidh acmhainneacht phéactha shásúil acu~~. **[Leasú 158]**

2. Tabharfaidh na ~~bainc ghéinte, eagraíochtaí~~***heagraíochtaí caomhnaithe*** agus líonraí fógra don údarás inniúil faoi úsáid an mhaolaithe dá dtagraítear i mír 1 agus na speicis lena mbaineann. **[Leasú 159]**

Airteagal 30

~~Síol~~***PRM*** a ndéantar malartuithe ~~comhchineáil~~ de idir feirmeoirí **[Leasú 160]**

1. De mhaolú ar Airteagail 5~~***- go*** 25~~, féadfaidh feirmeoirí malartuithe comhchineáil ~~síolta~~***nó cúitimh airgid PRM*** a dhéanamh, má chomhlíonann na síolta sin na coinníollacha uile seo a leanas: **[Leasú 161]**

(1) táirgtear ~~iad~~***é*** ar áitreabh an fheirmeora féin; **[Leasú 162]**

(2) díorthaítear ~~iad~~***é*** ó bhuaint an fheirmeora féin; **[Leasú 163]**

(3) ***i gcás síolta,*** níl siad faoi réir conradh seirbhíse a dhéanann an feirmeoir le hoibreoir gairmiúil a dhéanann táirgeadh síolta; agus **[Leasú 164]**

(4) úsáidtear an ~~síol~~***PRM*** le haghaidh bainistíocht dhinimiciúil ~~shíol~~***agus caomhnú PRM*** an fheirmeora féin chun cur leis an ~~agraí-éagsúlacht~~***agrai-éagsúlacht***. **[Leasú 165]**

2. Comhlíonfaidh ~~na síolta~~***an PRM*** sin na ceanglais ***seo*** uile ~~seo~~ a leanas: **[Leasú 166]**

(a) ní bhainfidh siad le cineál nach bhfuil cearta maidir le cineálacha plandaí deonaithe dóibh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94;

(b) beidh siad teoranta ~~do chainníochtaí beaga, a shaincoidh na húdaráis inniúla le haghaidh speicis shonracha in aghaidh na bliana agus in aghaidh an fheirmeora,~~***i gcainníochtaí*** gan idirghabhálaithe tráchtála a úsáid ná tairiscint phoiblí ar mhargú; agus **[Leasú 167]**

(c) beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá gcuid cáilíochta, agus ***i gcás síolta,*** beidh acmhainneacht phéactha shásúil acu. **[Leasú 168]**

~~3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile ar bhonn bliantúil faoi na méideanna in aghaidh speiceas a shaincofar i gcomhréir le mír 2, pointe (b).~~ **[Leasú 169]**

Airteagal 30a

Cainníocht uasta gach speicis a fhéadfar a mhalartú

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena bhforlíontar an Rialachán seo, chun an t-uaschainníocht a fhéadfar a mhalartú, dá dtagraítear in Airteagal 30(2), pointe (b) a shocrú do gach speiceas. Socrófar an chainníocht sin agus aird á tabhairt ar riachtanais feirmeoirí gairmiúla ar mhionscála chomh maith le rioscaí do shláinte plandaí, agus forbairt agus cothabháil córas feirmeoireachta éagsúil á gcur chun cinn. **[Leasú 170]**

~~*Airteagal 31*~~

~~Síol an phóraitheora~~

~~1. De mhaolú ar Airteagail 5-25, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí síolta de ghlúine roimh an gcatagóir réamhbhunúsach a mhargú d'oibreoir eile, chun cineálacha nua a phórú (síol an phóraitheora).~~

~~Cinnfidh an t-údarás inniúil fad an údaraithe agus na cainníochtaí in aghaidh an speicis, agus iad ag deonú an údaraithe sin.~~

~~2. Gabhfaidh le PRM dá dtagraítear i mír 1 lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil, leis an tásc 'síol an phóraitheora', a bheidh ceangailte, de réir mar is infheidhme, leis an gcoimeádán, beart nó pacáiste den ábhar sin.~~

~~Beidh sé sealaithe agus beidh uimhir luchtóige air a bheidh le húsáid chun críocha aitheantais agus tástáil ar dháilcacht talún cóimheasa sula n-úsáidfear é mar shíol réamhbhunúsach.~~ **[Leasú 171]**

Airteagal 32

PRM de chineálacha nach bhfuil cláraithe go fóill

1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta réamhbhunúsacha, ábhar réamhbhunúsach, síolta bunúsacha agus bunábhar***, síol caighdeánach agus ábhar caighdeánach*** a bhaineann le cineál nach bhfuil cláraithe go fóill i gclár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear in Airteagal 44, a tháirgeadh agus a mhargú, chun críocha iolrúcháin, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: **[Leasú 172]**

(a) caithfidh na hearnálacha margaíochta an t-ábhar nó na síolta sin a fháil roimh ré, chun go mbeidh stoic leordhóthanacha ar fáil, nuair a chlárófar an cineál faoi leith; agus

(b) níl aon bhaol ann go mbeidh aitheantas nó cáilíocht neamh-leordhóthanach an PRM mhargaithe ann de thoradh údarú den sórt sin; agus

(c) baineann an PRM sin le cineál ar cuireadh iarratas isteach ar é a chlárú i gclár náisiúnta cineálacha de bhun Airteagal 55.

Féadfar údarú den sórt sin a dheonú go ceann tréimhse uasta 3 bliana i gcás síolta, agus 5 bliana i gcás PRM seachas síolta, agus le haghaidh cainníochtaí ~~beaga~~***teoranta*** in aghaidh an speicis mar a shonróidh an t-údarás inniúil ***i gcomhghaol le meid na táirgeachta ar leibhéal na mBallstát***. **[Leasú 173]**

Ní bheidh feidhm ag an maolú seo maidir le PRM atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE. **[Leasú 174]**

2. De mhaolú ar Airteagail 5, 7, 10-12, 15, 20, 23 agus 24, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla go ceann tréimhse uasta 3 bliana i gcás síolta, agus 5 bliana i gcás PRM seachas síolta, agus le haghaidh cainníochtaí ~~beaga~~***teoranta*** in aghaidh an speicis mar a chinnfidh an t-údarás inniúil***, i gcomhghaol le méid na tairgeachta ar leibhéal na mBallstát***, PRM a bhaineann le cineál nach bhfuil cláraithe go fóill i gclár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear in Airteagal 44, a tháirgeadh agus a mhargú, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: **[Leasú 175]**

(a) ní úsáidfear an PRM údaraithe ach amháin le haghaidh tástálacha nó trialacha a dhéanfaidh oibreoirí gairmiúla, chun faisnéis a bhailiú maidir le saothrú nó úsáid an chineáil lena mbaineann ar fheirmeacha;

(b) déantar é a mhargú do na hoibreoirí gairmiúla sin amháin, agus ní dhéantar é a mhargú ina dhiaidh sin, oibreoirí gairmiúla a tháirgeann tuarascáil ar thorthaí na dtástálacha nó na dtrialacha, i ndáil leis an bhfaisnéis faoi shaothrú nó úsáid an chineáil sin;

(c) níl aon bhaol ann go mbeidh aitheantas nó cáilíocht neamh-leordhóthanach an PRM mhargaithe ann de thoradh údarú den sórt sin; agus

(d) comhlíonann PRM údaraithe ceanglais PRM caighdeánach do na speicis faoi leith.

3. D'fhonn an t-údarú dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a fháil, déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil iarraidh a chur isteach chuig na húdaráis inniúla, ina luafar faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

~~(a) táirgeadh an stoic de shíolta réamhbhunúsacha agus ábhar réamhbhunúsach, agus síolta bunúsacha agus bunábhar, agus síolta deimhnithe agus ábhar a bheidh ar fáil roimh chlárú an chineáil agus na tástálacha agus trialacha atáthar ag brath a dhéanamh i ndáil leis na síolta caighdeánacha agus ábhar caighdeánach;~~ **[Leasú 176]**

(b) tagairt an phóraitheora don chineál arna lua san iarraidh ar chlárú;

(c) an nós imeachta um chothabháil cineáil, i gcás inarb infheidhme;

(d) an t-údarás a bhfuil an t-iarratas ar chlárú an chineáil ag feitheamh faoina bhráid, agus an tagairt a sannadh don iarratas sin.

~~(e) an suíomh a dhéanfar an táirgeadh; agus~~ **[Leasú 177]**

~~(f) cainníochtaí an ábhair a chuirfear ar fáil ar an margadh.~~ **[Leasú 178]**

4. Na Ballstáit ar dheonaigh a n-údarás inniúil an t-údarú dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cuirfidh siad é sin in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ar bhonn bliantúil.

5. Gabhfaidh le PRM dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 lipéad, arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil, leis an tásc 'Cineál nach bhfuil liostaithe go fóill'.

Airteagal 33

Údarú i gcás deacrachtaí sealadacha soláthair

1. D'fhonn deacrachtaí sealadacha le soláthar ginearálta PRM, a d'fhéadfadh tarlú san Aontas de bharr dálaí aeráide díobhálacha nó imthosca gan choinne eile, a bhaint, ~~féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme,~~***tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlighte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena leasaítear an Rialachan seo d'fhonn*** údarú a thabhairt do na Ballstáit go ceann tréimhse uasta 1 bhliain amháin, chun margú na gcatagóirí d'ábhar réamhbhunúsach, bunábhar, ábhar deimhnithe, síolta réamhbhunúsacha, síolta bunúsacha nó síolta deimhnithe, a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas a cheadú: **[Leasú 179]**

(a) baineann sé le cineál nach n-áirítear i gclár náisiúnta cineálacha; nó

(b) comhlíonann sé ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 7(1).

Beidh feidhm ag pointe (a) de mhaolú ar Airteagal 5, agus beidh feidhm ag pointe (b) de mhaolú ar Airteagal 7(1).

~~Féadfar a leagan amach~~***Déánfar*** leis an ngníomh ~~cur chun feidhme~~***tarmligthe*** sin na huaschainníochtaí a fhéadfar a mhargú de réir géinis nó speicis ***a leagan amach***. **[Leasú 180]**

~~Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).~~ **[Leasú 181]**

2. Le PRM dá dtagraítear i mír 1, gabhfaidh lipéad ar a ndeirtear, de réir mar is infheidhme, go mbaineann an PRM i gceist le cineál neamhchláraithe nó go gcomhlíonann sé ceanglais cháilíochta nach bhfuil chomh dian céanna leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 7(1).

3. ~~Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme,~~***Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena leasaítear an Rialachán seo, d'fhonn a chinneadh*** nach mór an t-údarú lena mbaineann a aisghairm nó a leasú, má thagann sé ar an gconclúid nach bhfuil gá leis an údarú sin nó nach bhfuil sé comhréireach i ndáil leis an gcuspóir go gcuirfí deireadh leis na deacrachtaí sealadacha maidir le soláthar ginearálta PRM lena mbaineann. ~~Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).~~ **[Leasú 182]**

4. Féadfaidh na Ballstáit, gan údarú an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 1 a fháil, táirgeadh agus margú síolta, a chomhlíonann rátaí péactha atá laghdaithe suas le 15 phointe céatadáin i gcomparáid leis na cinn a leagtar amach de bhun an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(3), a cheadú, go ceann tréimhse uasta 1 bhliain amháin, agus le haghaidh líon teoranta cainníochtaí in aghaidh géinis nó speicis de réir mar is gá i ndáil leis na deacrachtaí soláthair i gceist.

4a. Tabharfaidh an Ballstát a úsáideann an maolú dá dtagraítear i mír 4 fógra don Choimisiún ina leith. **[Leasú 183]**

4b. Ní bheidh feidhm ag an údarú eisceachtúil seo maidir le PRM atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE. **[Leasú 184]**

Airteagal 34

Údarú sealadach i gcásanna práinneacha le haghaidh margú síolta nach bhfuil deimhnithe mar shíolta a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta is infheidhme

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla, go ceann tréimhse uasta 1 mhí amháin, margú síolta mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe a údarú sula ndeimhnítear iad i ndáil le comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 7 maidir le péacadh, cion uasta speiceas eile nó íonacht, más gá sin chun an síol a chur ar fáil ar an margadh go tapa chun dul i ngleic le riachtanais phráinneacha i ndáil leis an soláthar.

2. Deonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn tuarascáil anailíseach ar an síol, arna heisiúint ag an oibreoir gairmiúil, lena ndearbhófar comhlíonadh na gceanglas maidir le péacadh, cion speiceas eile nó íonacht, arna ghlacadh de bhun Airteagal 7(1).

Cuirfidh an t-oibreoir gairmiúil ainm agus seoladh chéad fhaighteoir na síolta faoi bhráid an údaráis inniúil. Coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil an fhaisnéis maidir leis an tuarascáil anailíseach shealadach ar fáil don údarás inniúil.

3. Ar na síolta dá dtagraítear i mír 1 beidh lipéad ar a ndéarfar 'Údarú sealadach do mhargú'.

Airteagal 35

PRM nach bhfuil deimhnithe go fóill

1. PRM a táirgeadh san Aontas, ach nach bhfuil deimhnithe go fóill mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe de bhun Airteagal 7, féadfar an t-ábhar sin a mhargú agus tagairt á déanamh do cheann de na catagóirí sin, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) roimh an mbuaint, rinne an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireacht allamuigh agus dearbhaíodh leis an gcigireacht sin go gcomhlíonann an PRM na ceanglais táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 7(1);

(b) tá sé á dheimhniú ag an údarás inniúil, nó ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil; agus

(c) go bhfuil na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 2 go ~~5~~***5a*** á gcomhlíonadh. **[Leasú 185]**

2. An t-oibreoir gairmiúil a tháirg PRM dá dtagraítear i mír 1, is é an t-oibreoir sin a mhargóidh an PRM sin don oibreoir gairmiúil atá leis an deimhniú a dhéanamh, agus an t-oibreoir sin amháin. Ní fhéadfar an PRM sin a aistriú ina dhiaidh sin chuig aon duine eile roimh a dheimhniú deiridh.

3. Gabhfaidh le PRM dá dtagraítear i mír 1 lipéad, arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil, leis an tásc 'Síolta/Ábhar nach bhfuil deimhnithe go fóill'.

4. I gcás nach ionann an t-údarás inniúil, inar buanadh PRM ('údaráis inniúil táirgthe'), agus an t-údarás inniúil ina ndeimhnítear PRM de bhun Airteagal 7 ('údaráis inniúil deimhniúcháin'), déanfaidh siad an fhaisnéis ábhartha faoi tháirgeadh agus margú an PRM sin a mhalartú lena chéile.

5. PRM a táirgeadh i dtríú tír, ach nach bhfuil deimhnithe go fóill mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe de bhun Airteagal 7, féadfar é a mhargú san Aontas agus tagairt á déanamh do cheann de na catagóirí sin:

(a) má glacadh cinneadh maidir le coibhéis de bhun Airteagal 39 maidir leis an tríú tír sin;

(b) má chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (a) agus (b), míreanna 2 agus 3, agus má bhí oibreoirí gairmiúla an tríú tír lena mbaineann faoi réir maoirseacht oifigiúil a n-údarás inniúil;

(c) má mhalartaíonn údaráis inniúla an Bhallstáit agus an tríú tír lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha faoi mhargú an ábhair sin lena chéile; agus

(d) má sholáthraíonn údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann an fhaisnéis tháirgthe uile ábhartha d'údarás inniúil an Bhallstáit deimhniúcháin, arna iarraidh sin.

Chun críocha na míre seo, déanfar tagairtí i míreanna 1-5 don údarás inniúil táirgthe a fhorléiriú mar thagairtí d'údarás inniúil an tríú tír lena mbaineann, agus déanfar tagairtí sna míreanna sin do na ceanglais a leagtar amach de bhun Airteagal 7(1) a fhorléiriú mar thagairtí do cheanglais choibhéiseacha an tríú tír, mar a aithnítear de bhun Airteagal 39(2).

5a. Ní bheidh feidhm ag an maolú seo maidir le PRM atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE. **[Leasú 186]**

Airteagal 36

Táirgeadh agus ceanglais níos déine

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na Ballstáit, a mhéid a bhaineann le táirgeadh agus margú PRM, ceanglais maidir le táirgeadh nó margú a fhorchur, ceanglais a bheadh ní ba dhéine ná na ceanglais siúd dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8, i gcuid de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn na ceanglais is déine sin do na dálaí táirgthe sonracha sa Bhallstát sin, agus riachtanais agra-aeráide an Bhallstáit sin, i ndáil leis an PRM faoi leith ***agus nach gcuireann siad cosc, bac nó srian ar shaorghluaiseacht PRM atá i gcomhréir leis an Rialachán seo***. **[Leasú 187]**

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

2. D'fhonn an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 a fháil, cuirfidh na Ballstáit iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ina leagfar amach an méid seo a leanas:

(a) na dréachtfhorálacha ina bhfuil na ceanglais atá beartaithe; agus

(b) réasúnú maidir le gá agus comhréireacht na gceanglas sin ***i bhfianaise na gcostas breise a d'fhéadfadh a bheith ar tháirgeadh agus ar mhargaíocht***. **[Leasú 188]**

3. Ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) áirithítear le cur chun feidhme na ndréachtfhorálacha, dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), go bhfeabhsófar aitheantas agus cáilíocht PRM lena mbaineann, agus go bhfuil údar cuí leo de bharr dhálaí sonracha talmhaíochta nó aeráide an Bhallstáit lena mbaineann; agus

(b) tá na dréachtfhorálacha riachtanach agus i gcomhréir le cuspóir an bhirt dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

4. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh gach Ballstát, faoin … [1 bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], athbhreithniú ar na bearta arna nglacadh aige de bhun Airteagal 5 de Threoir 66/401/CEE, Airteagal 5 de Threoir 66/402/CEE, Airteagal 7 de Threoir 2002/54/CE, Airteagal 24 de Threoir 2002/55/CE, Airteagal 5 de Threoir 2002/56/CE agus Airteagal 7 de Threoir 2002/57/CE, agus aisghairfidh sé na bearta sin nó leasóidh sé iad chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8, agus a ghlactar de bhun na nAirteagal sin.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i dtaobh na ngníomhaíochtaí sin.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a chinneadh go bhfuil na bearta, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, le haisghairm nó le leasú, i gcás ina meastar nach bhfuil gá leo agus/nó go bhfuil siad díréireach i ndáil lena gcuspóir. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 37

Bearta éigeandála

1. I gcás inar dealraitheach go mbeidh táirgeadh nó margú PRM ina riosca mór do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do shaothrú speiceas eile, agus nach féidir an riosca sin a chosc ar dhóigh shásúil le bearta arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, aon bheart éigeandála eatramhach is iomchuí. Beidh na bearta sin teoranta ó thaobh ama de. Féadfaidh a áireamh ar na bearta sin forálacha lena gcuirfear srian nó toirmeasc ar mhargú PRM lena mbaineann nó lena leagfar síos coinníollacha iomchuí dá tháirgthe nó dá mhargaithe, de réir thromchúis an cháis.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás easpa comhlíontachta le ceanglais tearmainn nó le ceanglais eile a fhorchuirtear ar shaothrú cineálacha ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó atá comhdhéanta díobh, cuirfear na bearta lena sriantar nó lena dtoirmisctear margaíocht an PRM lena mbaineann i bhfeidhm go dtí go ndéanfar comhlíonadh iomlán arís. **[Leasú 189]**

Féadfar na bearta sin a dhéanamh ar thionscnaimh an Choimisiúin féin nó ar iarratas ó Ballstát. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Ar mhórchúiseanna práinne ar tugadh bonn cirt leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 76(3) chun aghaidh a thabhairt ar riosca mór do shláinte daoine.

2. I gcás ina gcuireann Ballstát an Coimisiún ar an eolas go hoifigiúil faoin ngá le bearta éigeandála a dhéanamh, agus nach ngníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Ballstát na bearta cosantacha eatramhacha iomchuí***, comhréireacha agus a bhfuil teorainn ama leo,*** a dhéanamh. Féadfaidh a áireamh ar na bearta sin forálacha lena gcuirfear srian nó toirmeasc ar tháirgeadh nó margú PRM laistigh de chríoch an Bhallstáit sin, nó lena leagfar síos coinníollacha iomchuí do tháirgeadh nó do mhargú an PRM sin laistigh den chríoch sin, de réir thromchúis an cháis. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na bearta a rinne sé ***agus an tréimhse ama a chumhdaítear leo***, agus tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh. ***Leis an cur chuige sin, ligtear do Bhallstát gníomhú go tapa agus go héifeachtach i gcásanna éigeandála chun sláinte, an comhshaol agus leasanna eacnamaíocha a chosaint.*** **[Leasú 190]**

3. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go ndéanfar na bearta éigeandála eatramhacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 2 a aisghairm nó a leasú, má mheasann sé nach bhfuil údar leis na bearta sin i bhfianaise an riosca faoi leith dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2). Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a bhearta éigeandála eatramhacha náisiúnta a choinneáil ar bun go dtí dáta chur i bhfeidhm an ghnímh/na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo.

Airteagal 38

Turgnaimh shealadacha chun roghanna malartacha feabhsaithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a lorg

1. De mhaolú ar Airteagail 2, 5, 6, 7, 8***, 9, 20, 26, 27 agus 47 go 53, tugtar de chumhacht don Choimisiún*** ~~agus 20, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin~~ gníomhartha ~~cur chun feidhme, cinneadh a dhéanamh maidir le heagrú turgnamh scaladach~~***tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thurgnaimh shealadacha a eagrú*** chun roghanna malartacha feabhsaithe a lorg ar fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na géinis agus speicis a bhfuil feidhm aige maidir leo, na ceanglais maidir le bheith mar chuid de ~~chineál~~***PRM*** cláraithe~~,~~ ***nó*** na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha, agus an oibleagáid a bhaineann le bheith mar chuid d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe***, na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú d'ábhar ilchineálach agus an oibleagáid a bhaineann le bheith mar chuid d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe***. **[Leasú 191]**

D'fhéadfadh trialacha teicniúla nó eolaíochta a bheith sna turgnaimh sin lena scrúdófar indéantacht agus oiriúnacht na gceanglas nua i gcomparáid leo siúd a leagtar amach in Airteagail 2, 5, 6, 7, 8***, 9, 20, 26, 27 agus 47 go 53 53*** ~~agus 20~~ den Rialachán seo. **[Leasú 192]**

2. ~~Glacfar na~~***Sonrófar sna*** gníomhartha ~~cur chun feidhme~~***tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 1 ~~i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2) agus sonrófar~~ ceann amháin nó níos mó de na ~~heiliminti~~***gnéithe*** seo a leanas: **[Leasú 193]**

(a) na géinis nó na speicis lena mbaineann;

(b) dálaí na dturgnamh in aghaidh an ghéinis nó an speicis;

(c) fad an turgnaimh;

(d) oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe na mBallstát rannpháirteach.

Oiriúnóidh na gníomhartha ***tarmligthe*** sin do chlaochlú teicnící le haghaidh tháirgeadh PRM lena mbaineann, ~~a bheidh~~***agus beidh siad*** bunaithe ar aon triail chomparáideach a dhéanfaidh na Ballstáit. **[Leasú 194]**

3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thorthaí na dturgnamh sin agus tabharfaidh sé achoimre orthu i dtuarascáil, agus an gá chun Airteagail 2, 5~~, 6, 7~~ ***go 9***, ~~8 nó~~ 20***, 26, 27 agus 47 go 53*** a leasú á thabhairt le fios, más gá. **[Leasú 195]**

ROINN 8

Allmhairí ó thríú tíortha

Airteagal 39

Allmhairí ar bhonn choibhéis an Aontais

1. Ní fhéadfar PRM a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin más rud é go suitear, de bhun mhír 2, go gcomhlíonann sé ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le PRM a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas.

Mar sin féin, ní cheadófar allmhairiú den sórt sin, agus ní aithneofar aon choibhéis den sórt sin ~~de bhun~~***faoi*** mhír 2, le haghaidh ~~na meascán le haghaidh leasaithe amhail iad siúd~~***an PRM*** dá dtagraítear in ~~Airteagal 22, agus le haghaidh PRM amhail PRM atá faoi réir mhaoluithe~~ Airteagail ~~26-30~~***22 go 29, ach amháin i gcás ina dtionscnaíonn sé i dtíortha comharsanacha***. **[Leasú 196]**

2. Féadfaidh an Coimisiún a aithint, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go gcomhlíonann PRM de ghéinis shonracha, speicis shonracha nó catagóirí sonracha a tháirgtear i dtríú tír, nó i limistéir áirithe de thríú tír, ceanglais atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le PRM a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas, ar bhonn an mhéid uile seo a leanas:

(a) scrúdú críochnúil ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí arna gcur ar fáil ag an tríú tír lena mbaineann;

(b) iniúchadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún sa tríú tír lena mbaineann, lena dtaispeántar go gcomhlíonann an PRM lena mbaineann na ceanglais atá coibhéiseach leo siúd atá infheidhme maidir le PRM a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas, i gcás inar mheas an Coimisiún go raibh gá leis an iniúchadh sin; agus

(c) i gcás síolta, toisc go bhfuil an tír lena mbaineann rannpháirteach i Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil Síolta a bhíonn ag Gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta agus toisc go gcuireann an tír sin modhanna an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) chun feidhme, nó, i gcás inarb infheidhme, toisc go gcomhlíonann an tír sin rialacha Chomhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta (AOSA).

Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an méid seo a leanas:

(a) reachtaíocht an tríú tír maidir leis na speicis lena mbaineann;

(b) struchtúr údaráis inniúla an tríú tír agus a seirbhísí rialuithe, na cumhachtaí atá acu, na ráthaíochtaí is féidir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú reachtaíocht an tríú tír is infheidhme maidir leis an earnáil lena mbaineann, agus iontaofacht na nósanna imeachta deimhniúcháin oifigiúla;

(c) rialuithe oifigiúla leordhóthanacha, arna ndéanamh ag údaráis inniúla an tríú tír, maidir le haitheantas agus cáilíocht PRM na speiceas lena mbaineann;

(d) na ráthaíochtaí a thug an tríú tír:

(i) comhlíonann na coinníollacha, a bhfuil feidhm acu maidir leis na láithreáin táirgthe óna n-onnmhairítear PRM chuig an Aontas, ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal seo; agus

(ii) tá na láithreáin táirgthe sin faoi réir rialuithe tráthrialta agus éifeachtacha ag údaráis inniúla an tríú tír.

Féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh freisin chun comhlíonadh phointí (b) go (d) den dara fomhír a fhíorú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

3. Féadfaidh an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 foráil a dhéanamh maidir le ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas, de réir mar is iomchuí le haghaidh an PRM faoi leith:

(a) coinníollacha a bhaineann le cigireachtaí sa láithreán táirgthe, a dhéantar i dtríú tíortha;

(b) i gcás síolta, coinníollacha a bhaineann le heisiúint, ag tríú tír, deimhnithe arna sholáthar ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta;

(c) coinníollacha a bhaineann le síolta nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach go fóill;

(d) coinníollacha a bhaineann le pacáistíocht, séalú agus margú PRM;

(e) coinníollacha a bhaineann le táirgeadh, aitheantas agus margú PRM, anuas ar na coinníollacha dá ndéantar foráil i reachtaíocht an tríú tír, má tá gá leo chun dul i ngleic le gnéithe áirithe a bhaineann le haitheantas agus cáilíocht an PRM sin;

(f) ceanglais atá le comhlíonadh ag na hoibreoirí gairmiúla a tháirgeann agus a mhargaíonn an PRM sin.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a aithint go dtugtar leis na rialuithe maidir le cothabháil cineáil a dhéantar sa tríú tír na ráthaíochtaí céanna leo siúd a ghabhann leis na rialuithe dá ndéantar foráil in Airteagal 72(1), (2) agus (4), má tá cineálacha atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha nó i gclár cineálacha an Aontais le coinneáil sa tríú tír lena mbaineann.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 40

Lipéadú agus faisnéis atá le soláthar le haghaidh PRM a allmhairítear ó thríú tíortha

1. Ní fhéadfar síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, dá dtagraítear in Airteagal 39 a allmhairiú ó thríú tíortha, ach amháin má ghabhann lipéad ECFE leo.

Ní fhéadfar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, dá dtagraítear in Airteagal 39, a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin má ghabhann lipéad oifigiúil, arna eisiúint ag údarás inniúil an tríú tír lena mbaineann, leis.

Áireofar an fhaisnéis uile seo a leanas ar na lipéid sin:

(a) an tásc 'comhlíontar rialacha agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh';

(b) speiceas, cineál, catagóir agus uimhir luchtóige an PRM lena mbaineann;

(c) dáta an dúnta, i gcás margú i gcoimeádáin nó i bpacáistí;

(d) an tríú tír táirgthe agus an t-údarás inniúil lena mbaineann;

(e) i gcás inarb infheidhme, an tríú tír dheiridh ónar allmhairíodh an PRM sin agus an tríú tír dheiridh inar táirgeadh an PRM sin;

(f) i gcás síolta, glanmheáchan nó ollmheáchan dearbhaithe na síolta allmhairithe, nó an líon dearbhaithe de luchtóga allmhairithe síolta;

(g) ainm an ~~duine~~***úsáideora dheiridh, an fheirmeora nó an oibreora ghairmiúil*** a allmhairíonn an PRM sin. **[Leasú 197]**

2. Ní fhéadfar síol caighdeánach ná ábhar caighdeánach, dá dtagraítear in Airteagal 39, a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin má ghabhann lipéad an oibreora, ar a bhfuil an fhaisnéis uile seo a leanas, leis:

(a) an tásc 'comhlíontar rialacha agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh';

(b) speiceas, cineál, catagóir agus uimhir luchtóige an PRM lena mbaineann;

(c) dáta an dúnta, i gcás margú i gcoimeádáin nó i bpacáistí;

(d) an tríú tír táirgthe;

(e) i gcás inarb infheidhme, an tríú tír dheiridh ónar allmhairíodh an PRM sin agus an tríú tír dheiridh inar táirgeadh an PRM sin;

(f) i gcás síolta, glanmheáchan nó ollmheáchan dearbhaithe na síolta allmhairithe, nó an líon dearbhaithe de luchtóga allmhairithe síolta;

(g) ainm an ~~duine~~***úsáideora dheiridh, an fheirmeora nó an oibreora ghairmiúil*** a allmhairíonn an PRM sin. **[Leasú 198]**

3. Ní fhéadfar PRM a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin tar éis don allmhaireoir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 nó 2 a chur isteach chuig údarás inniúil an Bhallstáit allmhairiúcháin.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Chóras bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla (CBFRO), dá dtagraítear in Airteagal 131 de Rialachán (AE) 2017/625, faoi na neamhchomhlíontachtaí bunaithe uile de PRM allmhairithe a bhaineann le ceanglais mhíreanna 1 agus 2.

CAIBIDIL III

CEANGLAIS AR OIBREOIRÍ GAIRMIÚLA

Airteagal 41

Oibleagáidí oibreoirí gairmiúla a tháirgeann PRM

Maidir leis na hoibreoirí gairmiúla a tháirgeann PRM ***agus é mar aidhm acu é a shaothrú ar bhonn tráchtála***: **[Leasú 199]**

(a) beidh siad bunaithe san Aontas;

(b) beidh siad cláraithe sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031, i gcomhréir le hAirteagal 66 den Rialachán sin;

(c) beidh siad féin, nó duine eile arna ainmniú acu, ar fáil le bheith i dteagmháil leis na húdaráis inniúla chun na rialuithe oifigiúla a éascú;

(d) sainaithneoidh siad pointí criticiúla den phróiseas táirgthe, nó den mhargú, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aitheantas agus cáilíocht PRM, agus déanfaidh siad faireachán ar na pointí criticiúla sin;

(e) coinneoidh siad taifid den fhaireachán ar na pointí criticiúla dá dtagraítear i bpointe ~~(b)~~***(d)***, agus soláthróidh siad iad lena scrúdú arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla; **[Leasú 200]**

(f) áiritheoidh siad go bhféadfar luchtóga PRM a shainaithint thar a chéile;

(g) coinneoidh siad faisnéis nuashonraithe maidir le seoladh na n-áitreabh agus suíomhanna eile a úsáidtear chun PRM a tháirgeadh;

(h) féachfaidh siad chuige go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar áitreabh agus suíomhanna eile an táirgthe, lena n-áirítear áitreabh agus goirt tríú páirtithe conarthacha, agus ar thaifid an fhaireacháin agus gach doiciméad gaolmhar;

(i) déanfaidh siad bearta, nuair is iomchuí, chun aitheantas PRM a chothabháil i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo;

(j) cuirfidh siad aon chonradh le tríú páirtithe ar fáil do na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin dóibh.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i mír 1, pointe (d) agus pointe (e), maidir le micrifhiontair. **[Leasú 201]**

Ní bheidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 29 agus 30 faoi réir fhorálacha an Airteagail seo. **[Leasú 202]**

Airteagal 42

Inrianaitheacht

1. Áiritheoidh oibreoirí gairmiúla go mbeidh PRM inrianaithe ag gach céim den táirgeadh agus den mhargú.

2. Chun críocha mhír 1, coinneoidh oibreoirí gairmiúla faisnéis a ligfidh dóibh an méid seo a leanas a shainaithint:

(a) na hoibreoirí gairmiúla a sholáthar na síolta agus an t-ábhar lena mbaineann dóibh;

(b) na daoine ar sholáthair siad PRM agus an PRM lena mbaineann dóibh, seachas i gcás úsáideoirí deiridh.

Arna iarraidh sin dóibh, cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis inniúla.

3. Coinneoidh oibreoirí gairmiúla taifid de PRM agus na hoibreoirí gairmiúla agus na daoine dá dtagraítear i mír 2 go ceann 3 bliana tar éis sholáthar an ábhair sin dóibh, nó tar éis dóibh an t-ábhar sin a sholáthar.

3a. Ní bheidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 29 agus 30 faoi réir fhorálacha an Airteagail seo. **[Leasú 203]**

Airteagal 43

Fógra bliantúil a thabhairt maidir le táirgeadh agus deimhniú síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus deimhniú ábhair réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh agus dheimhnithe a bheith beartaithe

Tabharfaidh oibreoirí gairmiúla fógra do na húdaráis inniúla gach bliain faoin méid seo a leanas:

(a) é a bheith beartaithe acu ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a tháirgeadh, ~~1 mhí amháin ar a laghad~~ roimh thús an táirgthe sin; agus **[Leasú 204]**

(b) táirgeadh ábhair réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh agus dheimhnithe a thosaigh sna blianta roimhe sin agus a leanann sa bhliain lena mbaineann.

Luafar san fhógra sin na speicis, na cineálacha agus na catagóirí plandaí lena mbaineann agus suíomh beacht an táirgthe.

CAIBIDIL IV

CINEÁLACHA A CHLÁRÚ

ROINN 1

CLÁIR CINEÁLACHA

Airteagal 44

Bunú clár náisiúnta cineálacha

1. Déanfaidh gach Ballstát clár aonair náisiúnta cineálacha ('clár náisiúnta cineálacha'), i bhformáid leictreonach, a bhunú, a fhoilsiú agus a choimeád cothrom le dáta ***i gcónaí***, ina mbeidh: **[Leasú 205]**

(a) na cineálacha uile atá cláraithe de bhun an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 55-68;

(b) na cineálacha caomhantais dá dtagraítear in Airteagal 26 agus atá cláraithe de bhun Airteagal 53.

2. Féadfar PRM a bhaineann le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha amháin ar a laghad a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Tar éis bhunú a gclár náisiúnta cineálacha, agus tar éis aon cheann dá nuashonruithe, tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach fúthu don Choimisiún chun iad a áireamh i gclár cineálacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 45.

4. D'fhéadfaí nach mbeadh feidhm ag an Airteagal seo, ná Airteagail 45 go 74 maidir le cineálacha a phóraítear mar chomhpháirteanna de chineálacha hibrideacha amháin.

Airteagal 45

Bunú chlár cineálacha an Aontais

1. Déanfaidh an Coimisiún clár aonair cineálacha ('clár cineálacha an Aontais'), i bhformáid leictreonach, a bhunú, a fhoilsiú agus a choimeád cothrom le dáta.

2. Áireofar i gclár cineálacha an Aontais na cineálacha atá cláraithe sna cláir náisiúnta cineálacha agus a bhfuil fógra tugtha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 44***, agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta go míosúil***. **[Leasú 206]**

Féadfar rochtain a fháil ar chlár cineálacha an Aontais trí thairseach leictreonach ina mbeidh cláir eile de chearta maidir le cineálacha plandaí, ábhar atáirgthe foraoise nó plandaí eile.

Airteagal 46

Inneachar na gclár náisiúnta cineálacha agus chlár cineálacha an Aontais

1. Sna cláir náisiúnta cineálacha agus i gclár cineálacha an Aontais beidh na heilimintí uile a leagtar amach in Iarscríbhinn VII, a bhaineann leis na cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a).

I gcás na gcineálacha caomhantais dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b), tabharfar le fios sna cláir sin achoimre ghairid ar a laghad ar an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, réigiún bunaidh a dtionscnaimh, a n-ainmníocht agus an duine a dhéanann iad a chothabháil.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn VII a leasú ***trí eilimintí nach mór a áireamh sna cláir chineálacha a chur leis***, agus na forbairtí teicniúla agus eolaíochta á gcur san áireamh, agus ar bhonn na taithí a fuarthas nuair a tugadh le fios an gá a bhí ann go bhfaigheadh na húdaráis inniúla nó oibreoirí gairmiúla faisnéis níos beaichte maidir leis na cineálacha cláraithe. **[Leasú 207]**

ROINN 2

CEANGLAIS MAIDIR LE CLÁRÚ CINEÁLACHA

Airteagal 47

Ceanglais maidir le clárúchán i gcláir náisiúnta cineálacha

1. Ní chlárófar cineálacha i gclár náisiúnta cineálacha i gcomhréir le hAirteagail 55 go 68, ach amháin:

(a) má tá siad seo a leanas acu:

(i) tuairisc oifigiúil a léiríonn go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a leagtar amach in Airteagail 48, 49 agus 50 ***agus, i gcás speiceas a liostaítear i gCuid A seachas féara scraithe, agus i gCodanna D agus E d'Iarscríbhinn I,*** ~~agus~~ go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le luach sásúil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, mar a leagtar amach in Airteagal 52; nó **[Leasú 208]**

(ii) tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil de bhun Airteagal 53, más cineálacha caomhantais atá ann;

(b) má tá ainmníocht acu a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 54;

(c) i gcás ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe sna cineálacha, nó i gcás ina bhfuil na cineálacha comhdhéanta d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe, má tá an t-orgánach údaraithe lena shaothrú sa Bhallstát faoi leith de bhun Airteagal 19 de Threoir 2001/18/CE nó Airteagail 7 agus 19 de Rialachán (CE) 1829/2003, nó, i gcás inarb infheidhme, sa Bhallstát faoi leith i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE;

(d) i gcás ina bhfuil planda TGN de chatagóir 1 sna cineálacha, nó i gcás ina bhfuil na cineálacha comhdhéanta de phlanda TGN de chatagóir 1, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do Rialachán TGN …), má tá dearbhú stádais planda TGN de chatagóir 1 faighte ag an bplanda sin de bhun Airteagal 6 nó 7 den Rialachán sin nó más sliocht de na plandaí sin é;

(e) i gcás ina bhfuil planda TGN de chatagóir 2 sna cineálacha, nó i gcás ina bhfuil siad comhdhéanta de phlanda TGN de chatagóir 2, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do Rialachán TGN), má údaraíodh an planda sin de bhun Chaibidil III den Rialachán sin;

(f) i gcás cineálacha atá fulangach ar luibhicídí, má tá siad faoi réir coinníollacha saothrúcháin le haghaidh tháirgeadh PRM agus chun críche ar bith eile, arna nglacadh de bhun mhír 3 nó, i gcás nár glacadh iad, de réir mar a ghlacann na húdaráis inniúla atá freagrach as clárú, ***agus, i gcás ina bhfuil na cineálacha le saothrú i mBallstát eile, glacfaidh an t-údarás inniúil faoi seach na coinníollacha sin,*** chun forbairt na frithsheasmhachta fiailí in aghaidh luibhicídí de bharr a n-úsáide a chosc; ***nuair a bheidh plean do dhálaí saothraithe bunaithe ag Ballstát cheana féin, leathnófar na coinníollacha sin, i gcás inarb iomchuí, chuig clárúcháin cineálacha iardain a bhfuil tréithe comhchosúla acu laistigh den Bhallstát sin;*** **[Leasú 209]**

(g) i gcás cineálacha ag a bhfuil saintréithe áirithe seachas na cinn siúd dá dtagraítear i bpointe (f) a bhféadfadh éifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha a bheith ann dá mbarr, má tá siad faoi réir coinníollacha saothrúcháin le haghaidh tháirgeadh PRM agus chun críche ar bith eile, arna nglacadh de bhun mhír 3 nó, i gcás nár glacadh iad, de réir mar a ghlacann na húdaráis inniúla atá freagrach as a gclárú, ***agus, i gcás ina bhfuil na cineálacha le saothrú i mBallstát eile, glacfaidh an t-údarás inniúil faoi seach na coinníollacha sin,*** chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha áirithe sin a chosc, amhail forbairt na frithsheasmhachta lotnaidí in aghaidh na gcineálacha faoi leith nó éifeachtaí neamh-inmhianaithe ar phailneoirí. ***nuair a bheidh dálaí saothraithe bunaithe ag Ballstát cheana féin, leathnófar na coinníollacha sin, i gcás inarb iomchuí, chuig clárúcháin cineálacha iardain a bhfuil tréithe comhchosúla acu laistigh den Bhallstát sin.*** **[Leasú 210]**

Ní fhéadfar cineál a chlárú le tuairisc oifigiúil agus le tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha ***chun na scrúduithe a dhéanamh i ndáil le dearadh trialach agus coinníollacha fáis trialacha*** maidir leis an méid seo a leanas: **[Leasú 211]**

(a) sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht in aghaidh an ghéinis nó an speicis cineálacha, dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), bunaithe ar na prótacail is infheidhme de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí (UPOV), phrótacail a leagann CPVO síos, nó fianaise ábhartha theicniúil agus eolaíochta eile; agus

(b) ceanglais shonracha a bhaineann le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht in aghaidh an ghéinis agus an speicis, dá dtagraítear i bpointe (a), le haghaidh cineálacha orgánacha atá oiriúnach do tháirgeadh orgánach, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/848, bunaithe ar na prótacail is infheidhme arna leagan síos ag UPOV nó CPVO, agus go háirithe trí na ceanglais maidir le haonfhoirmeacht a choigeartú;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Oiriúnóidh siad na ceanglais sin d'fhorbairt caighdeán idirnáisiúnta, i gcás inarb infheidhme, agus d'eolas nua eolaíochta agus teicniúil.

Go dtí go mbeidh na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 2(b) leagtha síos, déanfar an measúnú ar aonfhoirmeacht cineálacha atá oiriúnach do tháirgeadh orgánach, seachas na cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 68(1), ar bhonn seach-tíopaí. Maidir le speicis fhéinphailnitheacha, cuirfear caighdeán daonra 10 % agus dóchúlacht ghlactha 90 % ar a laghad i bhfeidhm. Maidir le speicis aschrosála pailnithe oscailte, cuirfear caighdeán daonra 20 % agus dóchúlacht ghlactha 80 % ar a laghad i bhfeidhm.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na ~~híoschoinníollacha~~***híoscheanglais maidir leis na coinníollacha*** saothrúcháin a bheidh le glacadh ag na húdaráis inniúla de bhun ~~mhírcanna 1(f)~~***mír 1, pointí (f)*** agus (g), maidir leis an méid seo a leanas: **[Leasú 212]**

~~*(i)*~~***(a)*** bearta sna goirt, lena n-áirítear uainíocht barr; **[Leasú 213]**

~~*(ii)*~~***(b)*** bearta faireacháin; **[Leasú 213]**

~~*(iii)*~~***(c)*** an modh chun fógra a thabhairt faoi na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe ~~(i)~~***(a)*** don Choimisiún agus do na Ballstáit eile; **[Leasú 215]**

~~*(iv)*~~***(d)*** rialacha maidir le tuairisciú na n-oibreoirí gairmiúla do na húdaráis inniúla i ndáil le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe ~~(i)~~***(a)***; **[Leasú 216]**

~~*(v)*~~***(e)*** tásc na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe ~~(i)~~***(a)*** sna cláir náisiúnta cineálacha. **[Leasú 217]**

Beidh na coinníollacha sin bunaithe ar an eolas eolaíoch agus teicniúil is déanaí.

4. Chun cineál a chlárú ina chlár náisiúnta cineálacha, glacfaidh údarás inniúil, gan aon scrúdú eile, le tuairisc oifigiúil***, tuairisc a aithnítear go hoifigiúil*** nó scrúdú oifigiúil ar na ceanglais maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(i), a bheidh táirgthe ag údarás inniúil Ballstáit eile ***má tá bearta aitheantais choibhéisigh ann idir an dá údarás inniúil***. **[Leasú 218]**

Airteagal 48

Sainiúlacht

1. Chun críocha na tuairisce oifigiúla, dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (a), measfar go bhfuil cineál sainiúil más féidir é a aithint gan dua, ar bhonn na saintréithe a bheith á léiriú aige a thagann as géinitíopa ar leith nó as teaglaim géinitíopaí, thar aon chineál eile arb eol go forleitheadach é ~~a bheith ann~~ ar dháta chur isteach an iarratais arna shuí i gcomhréir le hAirteagal 58. **[Leasú 219]**

2. Maidir le cineál eile a bheith ann, dá dtagraítear i mír 1, measfar gurb eol sin go forleitheadach más rud é go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

(a) áirítear an cineál i gclár náisiúnta cineálacha ***nó i ndoiciméadacht arna soláthar don údarás inniúil ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le PRM a dhíol le húsáideoirí deiridh nó le caomhnú dinimiciúil***; **[Leasú 220]**

(b) cuireadh iarratas isteach ar chlárú an chineáil, nó iarratas ar dheonú ceart maidir le cineálacha plandaí i leith an chineáil sin, san Aontas; nó

(c) tá tuairisc oifigiúil ar an gcineál sin san Aontas cheana, is eol go forleitheadach é, nó rinneadh an scrúdú teicniúil de bhun Airteagal 59.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2, pointe (c), déanfaidh an duine nó na daoine atá freagrach as na scrúduithe teicniúla tuairisc oifigiúil an chineáil a scrúdaigh siad a chur ar fáil do na húdaráis inniúla.

Airteagal 49

Aonfhoirmeacht

Chun críocha na tuairisce oifigiúla, measfar go bhfuil cineál aonfhoirmeach más rud é, ag cur san áireamh na n-éagsúlachtaí a bhféadfadh coinne a bheith leo de bharr gnéithe sainiúla a atáirgthe agus a shóirt, go bhfuil sé aonfhoirmeach a dhóthain ó thaobh léiriú na saintréithe a áirítear sa scrúdú sainiúlachta, agus ó thaobh léiriú aon saintréithe eile a úsáidtear i dtuairisc oifigiúil an chineáil.

Airteagal 50

Cobhsaíocht

Chun críocha na tuairisce oifigiúla, measfar go bhfuil cineál cobhsaí más rud é go bhfuil léiriú na saintréithe sin a áirítear sa scrúdú sainiúlachta, agus léiriú aon saintréithe eile a úsáidtear sa tuairisc ar an gcineál, gan athrú i ndiaidh atáirgeadh a dhéanamh arís is arís eile, nó, i gcás timthriallta atáirgthe, ag deireadh gach timthrialla.

Airteagal 51

Cearta ar chineálacha plandaí arna ndeonú

Má deonaíodh ceart ar chineálacha plandaí do chineál de bhun Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 2100/1994 nó de bhun reachtaíocht Ballstáit, measfar go bhfuil an cineál sin sainiúil, aonfhoirmeach agus cobhsaí, chun críocha na tuairisce oifigiúla agus measfar go bhfuil ainmníocht oiriúnach aige chun críocha Airteagal 47(1), pointe (b).

Airteagal 52

Luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe

1. Chun críocha Airteagal 47(1), pointe (c), measfar go bhfuil luach cineáil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe cineáil sásúil más rud é, i gcomparáid le cineálacha eile den speiceas céanna atá cláraithe sa chlár náisiúnta cineálacha den Bhallstát faoi leith, go mbaineann lena shaintréithe, ina n-iomláine, feabhas soiléir le haghaidh saothrú inbhuanaithe agus úsáidí inbhuanaithe is féidir a chur ar na bairr, plandaí eile nó na táirgí a dhíorthaítear uaidh.

Is iad na nithe seo a leanas na saintréithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, de réir mar is iomchuí do na speicis, na réigiúin, na dálaí agrai-éiceolaíocha agus na húsáidí lena mbaineann:

(a) táirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi dhálaí ionchuir ísil;

(b) fulaingt/frithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheach, lena n-áirítear galair phlandaí ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris, feithidí agus lotnaidí eile is cúis leo;

(c) fulaingt/frithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear oiriúnú do dhálaí an athraithe aeráide;

(d) úsáid níos éifeachtúla as acmhainní nádúrtha, amhail uisce agus cothaithigh;

(e) gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, amhail táirgí cosanta plandaí agus leasacháin;

(f) saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht ***an saothrú, na buainte,*** na stórála, na próiseála ~~agus~~***,*** an dáilte ***agus na húsáide***; **[Leasú 221]**

(g) ***cáilíocht nó*** saintréithe ~~cáilíochta nó~~ cothaitheacha~~.~~ ***nó saintréithe atá tábhachtach le haghaidh próiseála;*** **[Leasú 222]**

(ga) ***laghdú dramhaíola réamhbhuainte nó iarbhuainte.*** **[Leasú 223]**

***1a. Déanfar an scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a cheadú ar bhonn deonach do na speicis a liostaítear i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn I. I gcás ina mbeidh an scrúdú ar shaothrú agus úsáid inbhuanaithe déanta ag údarás inniúil oifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil agus faoi threoir oifigiúil an údaráis inniúil de bhun Airteagal 61, ceadóidh sé an t-éileamh sin a áireamh ar an gcuid sin den lipéad a luaitear in Airteagal 17(5). Ní bhainfidh an t-éileamh sin ach leis na saintréithe a léiríodh go bhfuil feabhas soiléir orthu i gcomparáid le cineálacha eile den speiceas céanna le linn na dtástálacha scrúdaithe. Ceadófar leis an gcóras deonach d'údaráis inniúla modheolaíochtaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a liostaítear faoin dara fomhír de mhír 1, pointe (a) go pointe (g).* [Leasú 224]**

2. Chun críoch mhír 1, féadfaidh na Ballstáit dul i gcomhar le Ballstáit eile ina bhfuil dálaí agrai-éiceolaíocha comhchosúla. Féadfaidh na Ballstáit sin saoráidí comhroinnte a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) na híoscheanglais a bhunú maidir leis an scrúdú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh;

(b) na modheolaíochtaí a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a liostaítear faoi mhír 1, ***an dara fomhír,*** pointí (a) go ~~(g)~~***(ga)***; **[Leasú 225]**

(c) na caighdeáin a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an scrúdaithe ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, agus an tuairisciú i leith na dtorthaí sin.

Oiriúnófar leis na gníomhartha tarmligthe sin na ceanglais, modheolaíochtaí agus caighdeáin phointí (a) go (c) do na forbairtí teicniúla nó eolaíochta is infheidhme, agus d'aon pholasaí nó riail nua den Aontas maidir le talmhaíocht inbhuanaithe.

I gcás nach bhfuil na rialacha sin bunaithe go fóill, féadfaidh na Ballstáit na rialacha sin a ghlacadh dá gcríocha féin. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile fúthu.

Áiritheoidh na gníomhartha tarmligthe sin go ndéanfar na híoscheanglais, na modheolaíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (c) den chéad fhomhír a bhfuil feidhm acu maidir le Codanna D agus E d'Iarscríbhinn I, a oiriúnú do ghnéithe sonracha na speiceas sin agus dá úsáidí deiridh, agus do chuspóirí na héagsúlachta agus na nuálaíochta. **[Leasú 226]**

~~Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh a ghlacadh lena n-iarrtar ar Bhallstát na rialacha sin a aisghairm nó a mhodhnú, má mheastar, ar bhonn na fianaise eolaíochta agus teicniúla atá ar fáil, go bhfuil siad míchuí le haghaidh an scrúdaithe ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe cineáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).~~ **[Leasú 227]**

4. Chun críocha cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(19) de Rialachán (AE) 2018/848, a chlárú, déanfar an scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe faoi dhálaí orgánacha, i gcomhréir leis an Rialachán sin agus, go háirithe, Airteagal 5, pointí (d), (e), (f) agus (g), agus Airteagal 12 de sin agus Cuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

I gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla in ann scrúdú a dhéanamh faoi dhálaí orgánacha, nó an scrúdú ar shaintréithe áirithe, lena n-áirítear so-ghabhálacht i leith galair, féadfar tástáil a dhéanamh faoi dhálaí ***atá á dtiontú nó*** ionchuir ísil agus ~~an méid a bhfuil géarghá leis amháin chun~~***leis*** na cóireálacha ~~tástála~~ le lotnaidicídí agus ionchuir shealadacha eile a ***bhfuil géarghá leo amháin chun an scrúdú a*** chur i gcrích. ***I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil don Choimisiún ar na cúiseanna nach ndearnadh tástáil faoi dhálaí orgánacha agus cur chun feidhme na tástála faoi choinníollacha neamhorgánacha.*** **[Leasú 228]**

4a. Féadfaidh na húdaráis inniúla tástáil ar ghnáthshíol a áireamh faoi choinníollacha ionchuir íseal, faoi dhálaí orgánacha atá á dtiontú nó faoi dhálaí orgánacha. **[Leasú 229]**

4b. Faoi... [10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thorthaí an chórais dheonaigh dá dtagraítear i mír 1a, agus déanfaidh sé achoimre ar thorthaí na meastóireachta sin i dtuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. **[Leasú 230]**

Airteagal 53

Cineálacha caomhantais a chlárú

1. De mhaolú ar Airteagail 48, 49, 50, 52, 55(2), 56, 57, agus 59 go 65, clárófar cineál caomhantais i gclár náisiúnta cineálacha má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil aige, lena sonraítear na saintréithe a fhágann gur cineál caomhantais é, i gcomhréir leis an sainmhíniú in Airteagal 3, pointe (29);

(b) tá tásc aige maidir le réigiún bunaidh a thionscnaimh***, nuair is eol é sin, nó na coinníollacha áitiúla faoinar nuaphóraíodh é***; **[Leasú 231]**

(c) tá ainmníocht air a chomhlíonann Airteagal 54;

(d) déantar é a chothabháil san Aontas.

Beidh an clárú faoin Airteagal seo saor in aisce don iarratasóir. **[Leasú 232]**

2. Clárófar cineál caomhantais sa chlár náisiúnta cineálacha tar éis iarratas arna dhéanamh ag oibreoir gairmiúil atá bunaithe san Aontas. San iarratas sin beidh na heilimintí uile dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (d).

Glacfaidh an t-údarás inniúil le clárú cineáil caomhantais, nó diúltóidh sé dó, tar éis dó a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé mír 1. ***Cuirfidh an t-údarás inniúil a chinneadh in iúl don iarratasóir. I gcás ina ndiúltaítear don chlárú, luafaidh sé na cúiseanna a thugann údar maith don diúltú sin.*** **[Leasú 233]**

3. Ní liostófar cineál mar chineál caomhantais sa chlár náisiúnta cineálacha sna cásanna seo a leanas:

(a) má tá sé liostaithe i gclár cineálacha an Aontais in éineacht le tuairisc oifigiúil, de bhun Airteagal 44(1), pointe (a), nó má scriosadh é ó chlár cineálacha an Aontais mar chineál ag a raibh tuairisc oifigiúil le 2 bhliain anuas, nó laistigh de 2 bhliain ó éag na tréimhse a deonaíodh de bhun Airteagal 71(2), nó

(b) má tá sé faoi chosaint ag ceart de chuid an Chomhphobail maidir le cineálacha plandaí dá ndéantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 2100/94, nó ag ceart náisiúnta maidir le cineálacha plandaí, nó má tá iarratas ina leith ar cheart mar sin ar feitheamh.

4. Maidir leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), beidh sí bunaithe ar thorthaí tástálacha neamhoifigiúla, eolas a fuarthas ó thaithí phraiticiúil le linn saothrú, atáirgeadh agus úsáid, nó faisnéis eile, go háirithe ó na húdaráis acmhainní géiniteacha plandaí nó ó eagraíochtaí a n-aithníonn na Ballstáit iad chun na críche sin.

~~Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na saintréithe agus an fhaisnéis ar cheart don tuairisc iad a chumhdach, más iomchuí le haghaidh speicis shonracha, a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).~~ **[Leasú 234]**

5. An duine atá freagrach as cothabháil cineáil caomhantais, coimeádfaidh sé samplaí de agus, arna iarraidh sin, cuirfidh sé ar fáil iad do na húdaráis inniúla.

Airteagal 53a

Ceanglais maidir le clón roghnaithe agus PRM polaclónach a chlárú i gclár an Bhallstáit

1. Cuirfidh an t-iarratasóir iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil lena dtabharfar le fios:

(a) an speiceas agus, de réir mar is infheidhme, an cineál lena mbaineann an clón roghnaithe nó an PRM polaclónach, lena ndéanfar an cineál a chlárú i gclár cineálacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 44;

(b) an ainmníocht bheartaithe agus na comhchiallaigh;

(c) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an PRM polaclónach;

(d) cothabhálaí an chlóin roghnaithe, nó an PRM pholaclónaigh;

(e) tagairt don tuairisc ar phríomh-shaintréithe an chineáil lena mbaineann an clón roghnaithe nó an PRM pholaclónaigh;

(f) tuairisc ar an bpríomhluach le haghaidh saothrú agus inbhuanaithe agus saintréithe úsáide an chlóin roghnaithe, nó an PRM pholaclónaigh;

(g) breisiúcháin ghéiniteacha measta an chlóin roghnaithe nó an PRM pholaclónaigh roghnaithe i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán an chineáil ábhartha;

(h) faisnéis ar cibé acu atá nó nach bhfuil an clón roghnaithe nó an PRM pholaclónaigh roghnaithe cláraithe i gclár de chuid Ballstáit eile cheana féin.

2. Comhlíonfaidh an clón roghnaithe na ceanglais seo a leanas chun a bheith cláraithe ar chlár an Bhallstáit:

(a) roghnófar é laistigh den chineál lena mbaineann é i ngeall ar thréithe feinitíopacha inchineáil speisialta áirithe agus ar a stádas fíteashláintíoch lena dtugtar feidhmíocht níos fearr don chlón roghnaithe, i gcomhréir le modhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus atá bunaithe ar mhodhanna ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon;

(b) fíre an chlóin roghnaithe le sainaitheantas an chineáil, áiritheofar í trí bhreathnú ar na saintréithe feinitíopacha agus, i gcás inarb iomchuí, tríd an anailís mhóilíneach de bhun caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

3. Comhlíonfaidh an PRM polaclónach na ceanglais seo a leanas chun a bheith cláraithe ar chlár an Bhallstáit:

(a) roghnófar é i dtriail allamuigh aonair cineál ina mbeidh sampla ionadaíoch d'éagsúlacht ghéiniteach fhoriomlán an chineáil de réir dearadh turgnamhach bunaithe ar mhodhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta. beidh an dearadh sin bunaithe ar mhodhanna arna bhforordú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon agus idir 7 agus 20 géinitíop sainiúil ([30]) a bheidh ann;

(b) fíre an PRM phpholaclónaigh le sainaitheantas an chineáil, áiritheofar í trí bhreathnú ar na saintréithe feinitíopacha agus, i gcás inarb iomchuí, tríd an anailís mhóilíneach de bhun caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

***4. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin gclárúchán i gclár an Bhallstáit ach amháin tar éis dó teacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na coiníollacha a legatar amach i míreanna 2 agus 3, mar is infheidhme i gcás an chineáil ábhair.* [Leasú 235]**

Airteagal 54

Oiriúnacht ainmníochtaí cineáil

1. Chun críocha Airteagal 47(1), pointe (b), measfar nach bhfuil ainmníocht cineáil oiriúnach más rud é:

(a) go bhfágann ceart atá ann cheana ag tríú páirtí nach féidir é a úsáid ar chríoch an Aontais;

(b) go bhféadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag úsáideoirí ó thaobh sainaithint nó táirgeadh;

(c) go bhfuil sé comhionann le hainmníocht cineáil, nó go bhféadfaí é a thógáil in amhlachas ainmníochta cineáil:

(i) faoina bhfuil cineál eile den speiceas céanna nó de speiceas neasghaolmhar cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha nó i gclár cineálacha an Aontais~~; nó~~***, i gcatalóg trách tála oibreora ghairmiúil nó i ndoiciméadacht arna soláthar don údarás inniúil ag duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil baint aige leis an gcaomhnú dinimiciúil;*** [Leasú 236]

(ii) faoinar cuireadh ábhar de chineál eile ar fáil ar an margadh i mBallstát nó i mBall den Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí,

~~ach amháin murab ann don chineál dá dtagraítear i bpointe (i) nó (ii) a thuilleadh agus nach bhfuil aon tábhacht ar leith ag baint lena ainmníocht;~~ [Leasú 237]

(d) go bhfuil sé comhionann le hainmníochtaí eile nó go bhféadfaí é a thógáil in amhlachas ainmníochtaí eile a úsáidtear go forleitheadach chun earraí a chur ar fáil ar an margadh nó nach mór a fhorchoimeád de bhun reachtaíocht eile de chuid an Aontais;

(e) gur dealraitheach go bhféadfadh sé a bheith ina ábhar masla i gceann de na Ballstáit nó go bhfuil in aghaidh an oird phoiblí;

(f) gur dealraitheach go bhféadfadh sé a bheith míthreorach nó mearbhlach maidir le saintréithe, luach, nó aitheantas an chineáil nó aitheantas an phóraitheora.

([30]) International Organisation of Vine and Wine, resolution OIV-VITI 564B[1]2019.

2. Gan dochar do mhír 1, má tá cineál cláraithe cheana féin i gcláir náisiúnta cineálacha eile, ní mheasfar go bhfuil an ainmníocht oiriúnach ach amháin má tá sé comhionann leis an ainmníocht atá sna cláir sin.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an méid seo a leanas más rud é:

(a) gur dealraitheach go bhféadfadh an ainmníocht a bheith míthreorach nó mearbhlach maidir leis an gcineál atá i gceist i mBallstát amháin nó níos mó; nó

(b) go bhfágann cearta atá ag tríú páirtithe go bhfuil bac ar shaorúsáid na hainmníochta sin i leith an chineáil i gceist.

3. Más rud é, i ndiaidh clárú cineáil, go suíonn an t-údarás inniúil nach raibh, tráth chlárú na hainmníochta, ainmníocht an chineáil oiriúnach de réir bhrí mhíreanna 1 agus 2, cuirfidh an t-iarratasóir iarratas isteach ar ainmníocht nua. Déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh i leith an iarratais sin tar éis dó dul i gcomhairle le CPVO.

Féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt an ainmníocht roimhe sin a úsáid go sealadach.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na critéir shonracha a bhaineann le hoiriúnacht ainmníochtaí cineálacha don mhéid seo a leanas a leagan amach:

(a) an gaol atá acu le trádmharcanna;

(b) an gaol idir ainmníochtaí agus tásca geografacha nó sonrúcháin tionscnaimh i gcás táirgí talmhaíochta;

(c) toiliú i scríbhinn ó shealbhóirí ceart a bhí ann roimhe chun deireadh a chur le bacainní atá roimh oiriúnacht ainmníochta;

(d) cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil ainmníocht míthreorach nó mearbhlach, dá dtagraítear i mír 1, pointe (f); agus

(e) ainmníocht a úsáid i bhfoirm chóid.

ROINN 3

AN NÓS IMEACHTA UM CHLÁRÚ CINEÁLACHA SNA CLÁIR NÁISIÚNTA CINEÁLACHA

Airteagal 55

Iarratas a chur isteach

Féadfaidh aon oibreoir gairmiúil atá bunaithe san Aontas iarratas, ar chineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha, a chur isteach go leictreonach chuig an údarás inniúil.

D'fhéadfaí go mbeadh ar an iarratasóir táille a íoc ar chur isteach an iarratais sin, faoi réir chinneadh an údaráis inniúil.

Airteagal 56

Inneachar an iarratais ar chineál a chlárú

1. Beidh an t-iarratas ar chineál a chlárú i gclár náisiúnta cineálacha comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

(a) iarraidh ar chlárú;

(b) aitheantas an tacsóin luibheolaíoch a mbaineann an cineál leis;

(c) i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin an iarratasóra, a ainm agus a sheoladh, nó, i gcás inarb iomchuí, ainmneacha agus seoltaí na gcomhiarratasóirí, agus dintiúir aon ionadaí nós imeachta;

(d) ainmníocht ~~bheartaithe~~***shealadach***; **[Leasú 238]**

(da) ***ainmníocht cineáil arna moladh ag an iarratasóir agus a fhéadfaidh a bheith leis an iarratas;*** **[Leasú 239]**

(e) ainm agus seoladh an duine atá freagrach as an gcothabháil cineáil, agus, más infheidhme, uimhir chlárúcháin an duine sin;

(f) tuairisc ar phríomh-shaintréithe an chineáil, faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnaithe do shéasúir áirithe den bhliain, agus, má tá sé ar fáil, ceistneoir teicniúil comhlánaithe;

(g) tuairisc ar an nós imeachta um chothabháil an chineáil;

(h) áit phórúcháin an chineáil agus, más infheidhme, a réigiún tionscnaimh faoi leith;

(i) faisnéis a thugann le fios an bhfuil an cineál cláraithe i gcláir náisiúnta cineálacha eile agus an eol don iarratasóir go bhfuil iarratas ar chlárú i gceann de na cláir sin ar feitheamh;

(j) i gcás ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe sa chineál nó i gcás ina bhfuil an cineál comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe, fianaise go bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe i gceist údaraithe san Aontas, i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, nó i gcás inarb infheidhme, sa Bhallstát faoi leith i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE ***chomh maith leis an bhfianaise gur comhlíonadh na ceanglais maidir le saothrú agus faireachán sa séasúr fáis ar leith***; **[Leasú 240]**

~~(k) i gcás ina mbaineann an t-iarratas le cineálacha caomhantais, faisnéis maidir le táirgeadh tuairisc, atá aithcanta go hoifigiúil, ar an gcineál, cruthúnas ar an tuairisc sin agus aon doiciméad nó foilseachán atá ina thaca ag an tuairisc;~~ **[Leasú 241]**

(l) i gcás iarratas a bhaineann le cineálacha ar deonaíodh ceart maidir le cineálacha plandaí dóibh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 nó reachtaíocht Ballstáit, cruthúnas go bhfuil an cineál faoi chosaint ag ceart den sórt sin, maille leis an tuairisc oifigiúil chomhfhreagrach;

(m) i gcás ina bhfuil planda TGN de chatagóir 1 sa chineál, nó i gcás ina bhfuil sé comhdhéanta de phlanda TGN de chatagóir 1, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]) (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do Rialachán TGN …), fianaise go bhfuil dearbhú stádais planda TGN de chatagóir 1 faighte ag an bplanda sin de bhun Airteagal 6 nó 7 den Rialachán sin nó gur sliocht den phlanda/de na plandaí sin é;

(n) i gcás ina bhfuil planda TGN de chatagóir 2 sa chineál, nó i gcás ina bhfuil sé comhdhéanta de phlanda de chatagóir 2, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do Rialachán TGN), tásc maidir leis an méid sin;

(o) ~~úsáid bheartaithe nó coinníollacha saothrúcháin beartaithe, más infheidhme de bhun~~***i gcás ina bhfuil an cineál fulangach ar luibhicídí dá dtagraítear in*** Airteagal ~~47(2)~~***47(1)***, ***pointe (f), nó i gcás ina bhfuil tréithe ar leith aige a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith mar thoradh orthu dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (g), tásc maidir leis an méid sin;*** ~~an chineáil sin.~~ **[Leasú 242]**

(oa) ***na teicnící pórúcháin a úsáidtear chun an cineál a fhorbairt;*** **[Leasú 243]**

(ob) ***aon chearta maoine intleachtúla lena gcumhdaítear an cineál, a chomhpháirteanna, agus a shaintréithe a bheith ann, laistigh de theorainneacha na gceart a ndéantar iarratas orthu maidir leis an gcineál sin nó a deonaíodh don iarratasóir ina leith, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil ceadúnas conarthach sínithe ag an iarratasóir nó i gcás ina bhfuil ceadúnas éigeantach faighte ag an iarratasóir chun úsáid a bhaint as paitinn atá ar úinéireacht ag oibreoir eile.*** **[Leasú 244]**

2. In éineacht leis an iarratas ar chineál a chlárú i gclár náisiúnta cineálacha beidh sampla atá le húsáid chun scrúdú a dhéanamh ar an gcineál sin. Socróidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith sprioc-am faoina gcuirfear isteach an sampla sin agus sonróidh sé cáilíocht agus cainníocht an tsampla sin.

([31]) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … (…, lch…).

Airteagal 57

Scrúdú foirmiúil ar iarratas

1. Cláróidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith gach iarratas dá dtagraítear in Airteagal 55, agus déanfaidh sé scrúdú ar na hiarratais sin, chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 56.

2. Mura gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 56, tabharfaidh an t-údarás inniúil caoi don iarratasóir an t-iarratas a cheartú mar is gá laistigh de thréimhse shonraithe. Mura gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais sin faoi éag na tréimhse sonraithe sin, diúltóidh an t-údarás inniúil don iarratas agus foirceannfaidh sé clárú an chineáil.

Airteagal 58

Dáta an iarratais ar chlárú

Is é an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chlárú an dáta a gheobhaidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith an t-iarratas, a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 56 ina n-iomláine.

Cuirfidh na húdaráis inniúla deimhniú gur cuireadh isteach an t-iarratas, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann leis an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas sin, chuig an iarratasóir láithreach.

Airteagal 59

Scrúdú teicniúil ar an gcineál

1. I gcás, de thoradh an scrúdaithe fhoirmiúil, ina gcinntear go gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 56, déanfar scrúdú teicniúil ar an gcineál.

Fásfar an cineál le linn an scrúdaithe fhoirmiúil, agus cuirfear san áireamh úsáid bheartaithe agus coinníollacha saothrúcháin beartaithe an chineáil. Féadfar modhanna eile, lena n-áirítear úsáid teicnící bith-mhóilíneacha, a úsáid mar uirlis fhorlíontach, de réir mar is iomchuí chun críocha an scrúdaithe theicniúil, an speicis lena mbaineann nó na saintréithe atá le seiceáil, de réir mar a bhunaítear de bhun an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 47(2) maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht.

Sa scrúdú teicniúil fíorófar an méid seo a leanas:

(a) comhlíonadh na gceanglas maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil, mar a leagtar síos in Airteagail 48 go 50;

(b) cé acu atá nó nach bhfuil luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ag an gcineál, i gcomhréir le hAirteagal 52, i gcás na gcineálacha dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (a)(ii).

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla an scrúdú teicniúil dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 60, mura mbíonn feidhm ag an maolú dá dtagraítear in Airteagal 61(1).

3. I gcás ina mbeidh tuarascáil fhoirmiúil ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil, arna táirgeadh ag CPVO nó údarás inniúil eile, ar fáil cheana féin, cuirfidh an t-údarás inniúil san áireamh conclúidí na tuarascála sin chun críocha an scrúdaithe theicniúil a thabhairt i gcrích.

4. D'fhéadfaí go mbeadh ar an iarratasóir táille a íoc as an scrúdú teicniúil a dhéanfar, dá dtagraítear i mír 1, faoi réir chinneadh an údaráis inniúil.

Airteagal 60

Iniúchadh ar áitreabh an údaráis inniúil

Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith an scrúdú teicniúil a dhéanamh, a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht dá dtagraítear in Airteagail 48 go 50, ach amháin tar éis go bhfaightear go bhfuil a áitreabh agus socruithe oibre, atá tiomnaithe don chríoch sin, oiriúnach do dhéanamh an scrúdaithe sin de bhun iniúchadh arna dhéanamh ag CPVO nó ag an gCoimisiún.

Ar bhonn an iniúchta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí a mholadh don údarás inniúil a dhéanamh, más iomchuí, d'fhonn a áirithiú go mbeidh áitreabh agus eagrú na n-údarás inniúil oiriúnach. Féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí breise a dhéanamh, agus, más infheidhme, gníomhartha ceartaitheacha a mholadh don údarás inniúil a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go mbeidh a áitreabh agus a eagrú oiriúnach.

Airteagal 61

An t-iarratasóir a údarú chun scrúdú teicniúil a dhéanamh i ndáil le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 59(2), ***agus i gcás oibreoirí faoin gcóras deonach dá dtagraítear in Airteagal 52(1a) amháin),*** féadfaidh an ~~t-iarratasóir an scrúdú teicniúil~~***t-údarás inniúil an t-iarratasóir a údarú dul i mbhun an scrúdaithe theicniúil*** i ndáil le cé acu atá nó nach bhfuil luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ag an gcineál, i gcomhréir le hAirteagal 52, nó cuid de, más rud é: **[Leasú 245]**

~~(a) d'údaraigh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith an t-iarratasóir sin;~~ **[Leasú 246]**

(b) déantar an scrúdú faoi mhaoirseacht oifigiúil agus faoi threoraíocht an údaráis inniúil lena mbaineann; agus

(c) déantar an scrúdú ar áitreabh atá tiomnaithe don chríoch sin;

(ca) ***ní chuirtear an scrúdú in ionad an mheasúnaithe riosca is gá chun iarratas a dhéanamh ar údarú margaíochta faoi Threoir 2001/18/CE maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe.*** **[Leasú 247]**

2. Sula ndeonófar an t-údarú chun an scrúdú teicniúil a dhéanamh ar áitreabh póraitheora, déanfaidh an t-údarás inniúil iniúchadh ar an áitreabh, na hacmhainní agus acmhainneacht eagrúcháin an iarratasóra. Leis an iniúchadh sin fíorófar cé acu atá nó nach bhfuil an t-áitreabh, na saoráidí saotharlainne, eagrú agus déanamh na dtrialacha fáis oiriúnach do dhéanamh an scrúdaithe theicniúil ar áitreabh an phóraitheora a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 52.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na rialacha a bhaineann leis an iniúchadh dá dtagraítear i mír 2 a leagan amach.

4. Ar bhonn na hiniúchóireachta dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an t-údarás inniúil gníomhaíochtaí a mholadh don iarratasóir a dhéanamh, más iomchuí, d'fhonn a áirithiú go mbeidh áitreabh agus eagrú an scrúdaithe oiriúnach.

5. Féadfaidh an t-údarás inniúil iniúchtaí breise a dhéanamh anuas ar an gceann dá dtagraítear i mír 2, agus, i gcás inarb infheidhme, moladh don iarratasóir gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh, laistigh de thréimhse shonrach, maidir lena áitreabh agus socruithe oibre. I gcás ina dtagann an t-údarás inniúil ar an gconclúid, tar éis na tréimhse sin, nach bhfuil áitreabh agus socruithe oibre an iarratasóra oiriúnach, féadfaidh sé an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt siar nó a mhodhnú.

Airteagal 62

Rialacha breise maidir le scrúdú teicniúil

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 75, chun na ceanglais maidir leis an scrúdú teicniúil a leagtar síos in Airteagal 59 a fhorlíonadh. D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhartha tarmligthe sin leis na nithe seo a leanas:

(a) cáiliú, oiliúint, agus gníomhaíochtaí fhoireann an údaráis inniúil, nó an iarratasóra, chun críocha an scrúdaithe theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 61;

(b) an trealamh is gá, lena n-áirítear saotharlanna le haghaidh tástála, chun an scrúdú teicniúil a dhéanamh;

(c) bailiúchán tagartha de chineálacha a bhunú chun comparáid a dhéanamh idir an cineál a ndéantar scrúdú air agus cineálacha eile chun measúnú a dhéanamh ar shainiúlacht agus ar bhainistiú stórála bailiúcháin tagartha den sórt sin;

(d) córais um bainistiú cáilíochta a bhunú, lena n-áirítear taifead ar ghníomhaíochtaí agus ar phrótacail nó treoirlínte, a úsáidfear don scrúdú teicniúil;

(e) trialacha fáis agus tástálacha saotharlainne a dhéanamh i gcás géineas nó speiceas ar leith, lena n-áirítear teicnící bith-mhóilíneacha.

Oiriúnófar na gníomhartha tarmligthe sin do na prótacail theicniúla agus eolaíochta idirnáisiúnta atá ar fáil.

2. I gcás nach bhfuil aon cheanglas glactha de bhun mhír 1, déanfar scrúduithe teicniúla i gcomhréir le prótacail náisiúnta a mhéid a bhaineann leis na heilimintí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a)-(e).

Airteagal 63

Rúndacht

1. I gcás, le linn an scrúdaithe theicniúil dá ndéantar foráil in Airteagal 59, inar dealraitheach gur gá scrúdú a dhéanamh ar na comhpháirteanna ginealacha, coimeádfar torthaí an scrúdaithe sin agus an tuairisc ar na comhpháirteanna ginealacha faoi rún, má iarrann an t-iarratasóir sin.

2. I gcás cineálacha PRM atá beartaithe le haghaidh táirgeadh amhábhar talmhaíochta chun críocha tionsclaíocha, agus lena n-aghaidh sin amháin, coimeádfar eilimintí áirithe den scrúdú teicniúil agus úsáidí beartaithe na gcineálacha sin, arbh fhéidir a nochtadh poiblí difear a dhéanamh do staid iomaíoch an iarratasóra, faoi rún, má iarrann an t-iarratasóir sin amhlaidh.

3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/625. ***Tabharfaidh na húdaráis inniúla aird chuí ar rúndacht faisnéise tráchtála nó tionsclaíche a urramú i gcás go ndéantar foráil, le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, maidir le rúndacht den sórt sin chun leas dlisteanach eacnamaíoch a chosaint.*** **[Leasú 248]**

Airteagal 64

Tuarascáil shealadach scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil shealadach

1. I ndiaidh an scrúdaithe theicniúil dá ndéantar foráil in Airteagal 59, ullmhóidh an t-údarás inniúil tuarascáil shealadach scrúdúcháin, i ndáil le comhlíonadh na gceanglas maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht, agus na saintréithe de luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, mar is infheidhme, dá dtagraítear in Airteagail 48, 49, 50, agus 52, agus eiseoidh sé tuairisc oifigiúil shealadach ar an gcineál ar bhonn na tuairisce sin.

2. Féadfar tagairt a dhéanamh sa tuarascáil shealadach scrúdúcháin do chinntí tuarascálacha scrúdúcháin eile a rinne an t-údarás inniúil lena mbaineann, údaráis inniúla eile nó CPVO ar an gcineál i gceist.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil an tuarascáil shealadach scrúdúcháin agus an tuairisc oifigiúil shealadach a chur i bhfios don iarratasóir. Féadfaidh an t-iarratasóir barúil a thabhairt i leith na ndoiciméad sin laistigh de 15 lá féilire.

4. I gcás nach measann an t-údarás inniúil gur bonn leordhóthanach í an tuarascáil shealadach scrúdúcháin le haghaidh cinneadh maidir le clárú an chineáil, iarrfaidh sé faisnéis bhreise, scrúduithe nó gníomhaíochtaí eile ar an iarratasóir, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go gcomhlíonann an cineál na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht, cobhsaíocht agus an luach le haghaidh saothrú agus/nó úsáid inbhuanaithe, mar a leagtar amach in Airteagail 48, 49, 50 agus 52 faoi seach.

Airteagal 65

Tuarascáil scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil chríochnaitheach

Tar éis dó aon bharúil arna soláthar ag an iarratasóir maidir leis an tuarascáil shealadach scrúdúcháin agus an tuairisc oifigiúil shealadach a chur san áireamh, eiseoidh an t-údarás inniúil tuairisc scrúdúcháin chríochnaitheach agus tuairisc oifigiúil chríochnaitheach maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil agus áireofar leis achoimre ar thorthaí an scrúdaithe ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

Ar iarratas réasúnaithe a fháil dóibh, déanfaidh na húdaráis inniúla na tuarascálacha scrúdúcháin agus an tuairisc oifigiúil a chur ar fáil do na tríú páirtithe, faoi réir dlíthe náisiúnta nó faoi réir dhlíthe an Aontais maidir le cosaint sonraí agus na rialacha maidir le rúndacht.

Airteagal 66

Ainmníocht cineáil a scrúdú

I ndiaidh an scrúdú fhoirmiúil ar an iarratas dá ndéantar foráil in Airteagal 57, agus sula gclárófar cineál i gclár náisiúnta cineálacha de bhun Airteagal 67, rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle le CPVO i dtaobh ainmníocht an chineáil atá á moladh ag an iarratasóir.

Déanfaidh CPVO moladh maidir le hoiriúnacht na hainmníochta cineáil atá á moladh ag an iarratasóir, i gcomhréir le hAirteagal 54. Cuirfidh an t-údarás inniúil an moladh sin in iúl don iarratasóir.

Airteagal 67

Cinneadh maidir le clárú cineáil i gclár náisiúnta cineálacha

1. Más rud é, ar bhonn an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 55 go 66, go dtagtar ar an gconclúid go gcomhlíonann an cineál na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 47(1), cinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith an cineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha.

2. Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh lena ndiúltófar don chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha, más rud é:

(a) go suíonn sé nach gcomhlíontar na ceanglais faoi leith a leagtar amach in Airteagal 47(1) ***agus Airteagal 48***; nó **[Leasú 249]**

(b) nár chomhlíon an t-iarratasóir aon oibleagáid atá leagtha amach ina leith in Airteagail 55 go 64.

3. I gcás cinntí lena ndiúltaítear cineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha, luafar na cúiseanna leis an diúltú sin.

4. Cuirfidh an t-údarás inniúil an cinneadh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 chuig an iarratasóir.

5. Féadfar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 agus 2 a achomharc, i gcomhréir le rialacha riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh éifeacht fionraíochta ag aon achomharc in aghaidh cinneadh dá dtagraítear i mír 1 ar chlárú an chineáil faoi leith.

6. D'fhéadfaí go mbeadh ar an iarratasóir táille a íoc as glacadh an chinnidh, dá dtagraítear i mír 1, faoi réir chinneadh an údaráis inniúil.

Airteagal 68

Cineálacha a chláraítear de bhun Threoracha 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/55/CE agus 2008/90/CE

1. De mhaolú ar Airteagail 54 go 67, cláróidh na húdaráis inniúla ina gcuid clár náisiúnta cineálacha láithreach na cineálacha uile ar glacadh leo nó a cláraíodh go hoifigiúil roimh … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], sna catalóga, sna liostaí, nó sna cláir arna mbunú ag a mBallstát de bhun de bhun Airteagal 5 de Threoir 68/193/CEE, Airteagal 3 de Threoir 2002/53/CE, Airteagal 3(2) de Threoir 2002/55/CE agus ***cineálacha a bhfuil tuairisc oifigiúil acu de bhun*** Airteagal ~~7(4)~~**7** de Threoir 2008/90/CE gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach sna hAirteagail sin a chur i bhfeidhm. **[Leasú 250]**

2. De mhaolú ar Airteagal 53, cineálacha ar glacadh leo i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2008/62/CE agus Airteagal 3(1) ***agus Airteagal 21(1)*** de Threoir 2009/145/CE***, agus cineálacha a bhfuil tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil acu de bhun Airteagal 7 de Threoir 2008/90/CE*** roimh… [~~Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach~~ dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], clárófar iad láithreach sna cláir náisiúnta cineálacha mar chineálacha caomhantais in éineacht le tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach san Airteagal sin a chur i bhfeidhm. **[Leasú 251]**

ROINN 4

Tréimhse chlárúcháin agus cothabháil cineál

Airteagal 69

Tréimhse chlárúcháin

1. Is éard a bheidh i dtréimhse chlárúcháin cineáil i gclár náisiúnta cineálacha ('tréimhse chlárúcháin') ná 10 mbliana.

Is éard a bheidh sa tréimhse chlárúcháin sin le haghaidh ***cineálacha caomhantais agus*** cineálacha de speicis de phlandaí torthaí agus ábhar iomadaithe fíniúna, mar a liostaítear i gCodanna C agus D faoi seach d'Iarscríbhinn I, ná 30 bliain, áfach. **[Leasú 252]**

I gcás cineálacha atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe nó ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe, teorannófar tréimhse an chlárúcháin don tréimhse a bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe sin údaraithe lena linn de bhun Threoir 2001/18/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

I gcás ina bhfuil planda TGN de chatagóir 2 sna cineálacha, nó i gcás ina bhfuil siad comhdhéanta de phlanda TGN de chatagóir 2, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do Rialachán TGN), beidh an tréimhse chlárúcháin teoranta don tréimhse dá bhfuil an planda sin údaraithe de bhun an Rialacháin sin.

2. Féadfar tréimhse chlárúcháin cineáil i gclár náisiúnta cineálacha a athnuachan go ceann tréimhse eile 10 mbliana, nó 30 bliain, de réir an cháis, i gcomhréir leis an nós imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 70.

I gcás cineáil ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe, teorannófar athnuachan na tréimhse chlárúcháin don tréimhse a bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe sin údaraithe lena linn de bhun Threoir 2001/18/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

3. D'fhéadfaí go mbeadh ar an iarratasóir táille bhliantúil a íoc as cineál a chlárú, faoi réir chinneadh an údaráis inniúil.

Airteagal 70

Nós imeachta agus coinníollacha maidir le clárú a athnuachan

1. Aon duine a bhfuil rún aige clárú cineáil a athnuachan, cuirfidh sé isteach iarratas, tráth nach luaithe ná 12 mhí, agus tráth nach déanaí ná 6 mhí, roimh dhul in éag na tréimhse clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(1).

2. Déanfar an t-iarratas a chur isteach go leictreonach. Beidh fianaise ag gabháil leis a léiríonn go bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach i mír 3 á gcomhlíonadh.

3. Ní fhéadfar athnuachan clárú cineáil i gclár náisiúnta cineálacha a dheonú ach amháin, más rud é:

(a) tá fianaise leordhóthanach curtha isteach ag an iarratasóir go leanann an cineál de bheith ag comhlíonadh na gceanglas áirithe d'Airteagal 47(1); agus

(b) tá suite ag údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith gur ann do dhuine le haghaidh na cothabhála cineáil i gcomhréir le hAirteagal 72.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil, ar a thionscnamh féin, clárú cineáil a athnuachan, má bhíonn éileamh mór ag na hoibreoirí gairmiúla agus feirmeoirí lena mbaineann air, nó dá mba cheart é a choinneáil chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú***, ar choinníoll nach bhfuil an cineál cosanta a thuilleadh le teideal ceart póraitheoirí plandaí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94, agus ar choinníoll nach raibh an cineál ar an liosta ar feadh dhá bhliain ar a laghad.*** **[Leasú 253]**

Airteagal 71

Baint de chláir náisiúnta cineálacha

1. Cinnfidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith cineál a bhaint den chlár náisiúnta cineálacha, más rud é:

(a) tagann sé ar an gconclúid, ar bhonn aon fhaisnéise nua, nach bhfuil na ceanglais chlárúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 47(1), á gcomhlíonadh a thuilleadh;

(b) ní íocann an t-iarratasóir an táille atá leagtha síos ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagail 55, 59(4), 67(6) agus 69(3);

(c) iarrann an duine atá freagrach as cothabháil cineáil amhlaidh, dá dtagraítear in Airteagal 72, nó más rud é nach ndéanann an duine sin cothabháil ar an gcineál a thuilleadh nó más rud é nach bhfuil aon duine eile freagrach as a chothabháil a thuilleadh;

(d) níl an cineál á chothabháil a thuilleadh de bhun cheanglais Airteagal 72;

(e) tá an cineál á chothabháil i dtríú tír, nach bhfuil cúnamh soláthartha aici chun rialuithe ar an gcothabháil sin a dhéanamh de bhun Airteagal 72(7);

(f) tráth an iarratais, soláthraíodh sonraí bréagacha nó calaoiseacha a ndearnadh an clárú ar a mbonn;

(g) níl aon iarratas ar athnuachan curtha isteach faoin sprioc-am dá dtagraítear in Airteagal 70(1) agus tá an tréimhse bhailíochta chlárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(1) imithe in éag.

2. Ar iarratas ón iarratasóir, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt cineál, ar baineadh é den chlár náisiúnta cineálacha i gcomhréir le mír 1, pointe (g), a chur ar fáil ar an margadh i gcónaí go dtí an 30 Meitheamh den tríú bliain i ndiaidh bhaint an chineáil den chlár.

Cuirfear an t-iarratas sin isteach tráth nach déanaí ná dáta éagtha na tréimhse bailíochta clárúcháin.

3. Tar éis é a bhaint de chlár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear i mír 1, bainfear an cineál lena mbaineann de chlár cineálacha an Aontais láithreach, mura bhfuil sé cláraithe in aon chlár náisiúnta cineálacha eile.

Airteagal 72

Cothabháil cineáil

1. Is é an t-iarratasóir, nó aon duine eile a bhfuil fógra tugtha ina leith ag an iarratasóir don údarás inniúil, a dhéanfaidh cineálacha atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha a chothabháil. Údaraíodh an t-údarás inniúil an duine eile sin chun cothabháil a dhéanamh ar an gcineál, má chruthaíonn an duine sin a chumas i ndáil leis an gcúram sin, agus tarraingeoidh an t-údarás inniúil an t-údarú sin siar mura féidir leis an duine sin an cúram sin a dhéanamh a thuilleadh. Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra faoi ainm agus uimhir chlárúcháin an duine sin d'údarás inniúil an Bhallstáit.

2. Déanfar an chothabháil i gcomhréir le cleachtais aitheanta, a bhaineann, de réir a bheidh an cás, le géinis, speicis, nó sóirt chineálacha faoi leith.

3. Déanfaidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 taifid a choinneáil maidir le cothabháil cineáil. Beidh an t-údarás in ann, tráth ar bith, an chothabháil cineáil a sheiceáil trí na taifid sin a bhreathnú. Cuimseoidh na taifid sin táirgeadh ábhair réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh, dheimhnithe agus chaighdeánaigh, agus céimeanna den táirgeadh roimh ábhar réamhbhunúsach.

Soláthrófar sampla caighdeánach den chineál lena mbaineann don údarás inniúil arna iarraidh sin.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil rialuithe ar an dóigh a bhfuil na cineálacha á gcothabháil, agus féadfaidh siad, chun na críche sin, samplaí de na cineálacha lena mbaineann a thógáil. Beidh minicíocht na rialuithe sin bunaithe ar dhóchúlacht neamhchomhlíontacht mhíreanna 1 go 3.

5. I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil nach gcomhlíonann an duine atá freagrach as an gcothabháil cineáil forálacha mhír 1 go 3, tabharfaidh sé neart ama don duine sin gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nó a iarraidh ar dhuine eile an chothabháil cineáil a dhéanamh. Mura ndéantar aon ghníomhaíocht den sórt sin laistigh den teorainn ama sin, bainfidh an t-údarás inniúil an cineál den chlár náisiúnta cineálacha i gcomhréir le hAirteagal 71.

6. I gcás ina ndéantar cothabháil cineálacha i mBallstát seachas an Ballstát ar cláraíodh an cineál ina chlár náisiúnta, cuideoidh údaráis inniúla an dá Bhallstát a chéile na rialuithe cothabhála cineálacha a dhéanamh. Mura soláthraítear cúnamh den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó má thagtar ar an gconclúid nach ndéantar an chothabháil cineáil i gcomhréir leis an Airteagal seo, bainfidh an t-údarás inniúil sin an cineál den chlár náisiúnta cineálacha i gcomhréir le hAirteagal 71.

7. I gcás ina ndéantar cothabháil cineáil i dtríú tír, iarrfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit, a bhfuil an cineál cláraithe ina chlár náisiúnta, ar údaráis an tríú tír cúnamh a thabhairt le haghaidh na rialuithe ar chothabháil cineáil, má bhí cothabháil den sórt sin faoi réir aithint na coibhéise dá dtagraítear in Airteagal 39(5). Mura soláthraítear cúnamh den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó má thagtar ar an gconclúid nach ndéantar an chothabháil cineáil i gcomhréir leis an Airteagal seo, bainfidh an t-údarás inniúil sin an cineál den chlár náisiúnta cineálacha i gcomhréir le hAirteagal 71.

ROINN 5

COIMEÁD DOICIMÉADACHTA AGUS SAMPLAÍ

Airteagal 73

Doiciméadacht ar na cláir náisiúnta cineálacha

Coimeádfaidh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith taifead ar gach cineál atá cláraithe sa chlár náisiúnta cineálacha, taifead ina mbeidh:

(a) tuairisc oifigiúil nó tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil an chineáil;

(b) tuarascáil scrúdúcháin; agus

(c) aon tuarascáil scrúdúcháin chomhlántach de bhun Airteagal 64(4).

I gcás tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, ní bheidh sa chomhad ach an tuairisc sin agus na doiciméid a thacaíonn léi.

Airteagal 74

Samplaí de na cineálacha cláraithe

Coimeádfaidh na húdaráis inniúla samplaí de na cineálacha atá cláraithe sna cláir náisiúnta cineálacha agus cuirfidh siad iad ar fáil d'aon tríú páirtí arna iarraidh sin.

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, méid na samplaí sin a shonrú, na rialacha lena n-athsholáthar, i gcás ina mbíonn cainníocht an tsampla bhunaidh rótheoranta nó i gcás nach mbíonn sé leordhóthanach a thuilleadh de bharr a úsáide i scrúduithe eile, agus a gcur isteach chuig údaráis inniúla eile. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

CAIBIDIL V

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 75

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. ~~Déanfar tarmligean na cumhachta~~***Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh*** dá dtagraítear in Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), ***12(3),*** 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3)***, 30a, 33(1) agus (3), 38(1) agus (2)***, 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) ~~a thabhairt don Choimisiún~~ go ceann tréimhse ~~5~~***cúig*** bliana ~~ó dháta theacht~~***ón... [dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo*** i bhfeidhm ~~an Rialacháin seo~~***]***. **[Leasú 254]**

Déanfar síneadh a chur le tarmligean na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil i leith tharmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na chéad tréimhse 5 bliana.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), ***12(3),*** 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3)***, 30a, 33(1) agus (3), 38(1) agus (2)***, 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) a chúlghairm tráth ar bith. ~~Maidir le~~***Déanfaidh*** cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh~~, cuirfidh sé~~ deireadh ***a chur*** le tarmligean na cumhachta ~~a shonraítear~~***atá sonraithe*** sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. **[Leasú 255]**

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3)***, 30a, 33(1) agus (3), 38(1) agus (2)***, 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomhaíocht sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. **[Leasú 256]**

Airteagal 76

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

3. Sa chás go dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, in éineacht le hAirteagal 5 dá chuid freisin.

([32]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

CAIBIDIL VI

TUAIRISCIÚ, PIONÓIS AGUS LEASUITHE AR RIALACHÁIN (AE) 2016/2031, 2017/625 AGUS 2018/848

Airteagal 77

Tuairisciú

1. Faoi … [5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoin méid seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) cainníochtaí PRM deimhnithe agus caighdeánach ~~agus limistéir a úsáidtear le hiad a tháirgeadh~~ in aghaidh na bliana agus an speicis in éineacht le sonraíocht i ndáil leis na cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach; **[Leasú 257]**

(b) cainníochtaí PRM d'ábhar ilchineálach arna mhargú agus limistéir a úsáidtear lena dtáirgeadh in aghaidh na bliana;

(c) cainníochtaí PRM de chineálacha caomhantais arna margú in aghaidh na bliana agus an speicis;

(d) an líon oibreoirí gairmiúla a bhfuil na maoluithe á n-úsáid acu chun margú d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir le hAirteagal 28, na speicis lena mbaineann ~~agus cainníochtaí iomlána PRM in aghaidh an speicis~~; **[Leasú 258]**

(e) an líon ~~banc géinte,~~ eagraíochtaí ***chaomhnaithe*** agus líonraí ag a bhfuil cuspóir reachtúil nó cuspóir dearbhaithe eile chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú, i gcomhréir le hAirteagal 29, agus speicis lena mbaineann; **[Leasú 259]**

~~(f) na cainníochtaí mar a shainmhínítear in aghaidh an speicis le haghaidh na síolta a ndéantar malartuithe comhchineáil díobh idir feirmeoirí, i gcomhréir le hAirteagal 30;~~ **[Leasú 260]**

~~(g) na cainníochtaí arna n-údarú in aghaidh an speicis le haghaidh PRM atá beartaithe le haghaidh tástálacha agus triallacha chun cineálacha nua a phórú, i gcomhréir le hAirteagal 31;~~ **[Leasú 261]**

(h) cainníochtaí PRM in aghaidh an ghéinis agus an speicis ar cuireadh Airteagal 33(4) i bhfeidhm maidir leo;

(i) cainníochtaí PRM in aghaidh an ghéinis agus an speicis arna n-allmhairiú ó thríú tíortha, i gcomhréir le hAirteagal 39;

(j) pionóis arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 78;

(k) an líon oibreoirí gairmiúla atá bunaithe ina gcríoch;

(ka) ***an dul chun cinn atá déanta maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí le haghaidh bia agus talmhaíochta, i.e. trí líon na n-eintiteas a thug fógra faoin úsáid a bhaineann siad as Airteagal 29 agus sonraí gaolmhara eile.*** **[Leasú 331]**

2. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na formáidí teicniúla le haghaidh tuairiscú a dhéantar de bhun mhír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

Airteagal 78

Pionóis

1. ~~Déanfaidh~~***Leagfaidh*** na Ballstáit ***síos*** na rialacha ~~a bhaincann~~***maidir*** leis na pionóis is infheidhme ~~maidir le~~***i leith*** sáruithe ar an Rialachán seo ~~a leagan síos~~ agus glacfaidh siad ~~gach beart~~***na bearta uile*** is gá lena áirithiú go ~~gcuirfear chun feidhme~~***gcuirtear i bhfeidhm*** iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach***, coisctheach*** agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. **[Leasú 262]**

2. Áiritheoidh na Ballstáit, go bhfuil pionóis airgeadais i leith sáruithe ar an Rialachán seo, arna ndéanamh trí chalaois cothrom, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leis an buntáiste eacnamaíoch faighte don oibreoir gairmiúil ar a laghad nó le céatadán de láimhdeachas an oibreora ghairmiúil.

Airteagal 79

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/2031

In Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, bearta a leagan amach chun láithreacht lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a chosc ar na plandaí lena mbaineann le haghaidh plandú, amhail dá dtagraítear in Airteagal 36, pointe (f). Bainfidh na bearta sin, mar is iomchuí, le tabhairt isteach agus le gluaiseacht na bplandaí sin laistigh den Aontas.’

Airteagal 80

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/625

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, mír 2, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(k) táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí.;’

(2) in Airteagal 3, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(52) ciallaíonn “ábhar atáirgthe plandaí” ábhar atáirgthe plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) (†)’;

_____

(*) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …). [téann an fonóta a bheidh sa Rialachán sin anseo]

(†) [+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin seo san fhonóta.]’

(3) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 22:

‘Airteagal 22a

Rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla agus le haghaidh gníomhaíocht arna déanamh ag na húdaráis inniúla i ndáil le hábhar atáirgthe plandaí

1. Ar na rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a fhíorú, áireofar rialuithe oifigiúla maidir le hábhar atáirgthe plandaí, oibreoirí agus daoine eile atá faoi réir na rialacha sin.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 144, d’fhonn an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar ábhar atáirgthe plandaí chun comhlíonadh rialacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a fhíorú, ar rialacha iad a bhfuil feidhm acu maidir leis na hearraí sin agus maidir le gníomhaíocht atá le déanamh ag na húdaráis inniúla i ndiaidh na rialuithe oifigiúla sin a bheith déanta.

Leagfar síos sna gníomhartha tarmligthe sin, rialacha maidir le ceanglais shonracha maidir le feidhmíocht rialuithe oifigiúla den sórt sin i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) ábhar atáirgthe plandaí a allmhairiú isteach san Aontas, agus é a mhargú san Aontas, ábhar atá faoi réir na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a mhéid a bhaineann lena aitheantas agus lena cháilíocht, agus

(b) ceanglais shonracha maidir le feidhmíocht rialuithe oifigiúla den sórt sin ar ghníomhaíochtaí oibreoirí le linn táirgeadh ábhair atáirgthe foraoise áirithe atá faoi réir na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k).

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a leagan síos maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar ábhar atáirgthe plandaí chun comhlíonadh rialacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a fhíorú, ar rialacha iad a bhfuil feidhm acu maidir leis na hearraí sin agus maidir le gníomhaíocht a dhéanfaidh na húdaráis inniúla i ndiaidh rialuithe oifigiúla den sórt sin, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) íosmhinicíocht aonfhoirmeach rialuithe oifigiúla den sórt sin, i gcás inar gá íosleibhéal rialaithe oifigiúil chun freagairt do rioscaí aonfhoirmeacha aitheanta maidir le neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí de thionscnamh nó bunáitíocht faoi leith;

(b) minicíocht aonfhoirmeach na rialuithe oifigiúla a dhéanann údaráis inniúla ar oibreoirí atá údaraithe chun deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) …/… (††)

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 145(2).

4. Chun críocha Airteagal 30, ceadófar roinnt cúraimí a bhaineann le rialú oifigiúil, dá dtagraítear san Airteagal seo, a tharmligean chuig duine nádúrtha amháin nó níos mó.;'

_____

(++) IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo.

(4) in Airteagal 40(1), cuirtear isteach an pointe a leanas:

'(c) saotharlanna atá creidiúnaithe ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta chun anailísí, tástálacha agus diagnóis a dhéanamh ar shamplaí síolta.'

~~*Airteagal 81*~~

~~Leasú ar Rialachán (AE) 2018/848~~

~~Leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 mar a leanas:~~

~~(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:~~

~~(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17):~~

~~'(17) ciallaíonn "ábhar atáirgthe plandaí" ábhar atáirgthe plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3 () de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)+;';~~

~~_____~~

~~(*) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …). [téann an fonóta a bheidh sa Rialachán sin anseo]~~

~~() [+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin seo san fhonóta.]'~~

~~(b) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (18):~~

~~'(18) ciallaíonn "ábhar ilchineálach orgánach" ábhar ilchineálach mar a shainmhínítear in Airteagal 3(27) de Rialachán (AE) …/… (*) (++), arna tháirgeadh i gcomhréir leis an Rialachán seo;'~~

~~_____~~

~~(*) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …). [téann an fonóta a bheidh sa Rialachán sin anseo]~~

~~(++) [++ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo.]'~~

~~(2) Scriostar Airteagal 13.~~

~~(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 1.8.4. de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848: 'Déanfar na cleachtais iolrúcháin uile, seachas saothráin fíocháin plandaí, saothráin chille, geirmphlasma, míristéama, clóin chiméaracha, ábhar micriomadaithe, faoi bhainistíocht orgánach dheimhnithe'.~~ **[Leasú 263]**

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 82

Aisghairmeacha

Aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE.

Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe sin a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VIII.

Airteagal 83

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó … [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Mar sin féin,

(a) Beidh feidhm ag Airteagal 40(4) ó 3 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(b) Beidh feidhm ag Airteagal 52 ~~ón... [60 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás na speiceas~~***, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais scrúdaithe, na modheolaíochtaí agus na caighdeáin faoi seach chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe*** a liostaítear i ~~gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn I~~***bpointí (a) go (gb) den dara fomhír d'Airteagal 52(1) ann***. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát. **[Leasú 264]**

Arna dhéanamh sa …,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

Iarscríbhinn I

GÉINIS AGUS SPEICIS, AGUS A nÚSÁIDÍ LENA mBAINEANN, DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2

CUID A

Géinis agus speicis atá le húsáid chun barra talmhaíochta, seachas glasraí, a tháirgeadh

Agrostis canina L.

Agrostis capillaris L.

Agrostis gigantea Roth

Agrostis stolonifera L.

Alopecurus pratensis L.

Arachis hypogaea L.

Arrhenatherum elatius (L.) P. Beauv. ex J. Presl & C. Presl

Avena nuda L.

Avena sativa L. (ina bhfuil *A. byzantina* K. Koch)

Avena strigosa Schreb.

Beta vulgaris L. partim

Biserrula pelecinus L.

Brassica juncea (L.) Czern.

Brassica napus L. var. *napobrassica* (L.) Rchb.

Brassica napus L. var. *napus*

Brassica nigra (L.) W.D.J. Koch

Brassica oleracea L. convar. *acephala* (DC.) Alef. var. *medullosa* Thell. + var. *varidis* L.

Brassica rapa L. var. *silvestris* (Lam.) Briggs

Bromus catharticus Vahl

Bromus sitchensis Trin.

Cannabis sativa L.

Carthamus tinctorius L.

Carum carvi L.

Cynodon dactylon (L.) Pers.

Dactylis glomerata L.

Festuca arundinacea Schreber

Festuca filiformis Pourr

Festuca ovina L.

Festuca pratensis Huds.

Festuca rubra L.

Festuca trachyphylla (Hack.) Krajina

Galega orientalis Lam.

Glycine max (L.) Merr. partim

Gossypium spp.

Hedysarum coronarium L.

Helianthus annuus L.

Hordeum vulgare L.

Lathyrus cicera L.

Linum usitatissimum L.

Lolium multiflorum Lam.

Lolium perenne L.

Lolium x hybridum Hausskn

Lotus corniculatus L.

Lupinus albus L.

Lupinus angustifolius L.

Lupinus luteus L.

Medicago doliata Carmign.

Medicago italica (Mill.) Fiori

Medicago littoralis Rohde ex Loisel.

Medicago lupulina L.

Medicago murex Willd.

Medicago polymorpha L.

Medicago rugosa Desr.

Medicago sativa L.

Medicago sativa L. *nothosubsp. varia* (Martyn) Arcang.

Medicago scutellata (L.) Mill.

Medicago truncatula Gaertn.

Onobrychis viciifolia Scop.

Ornithopus compressus L.

Ornithopus sativus Brot.

Oryza sativa L.

Papaver somniferum L.

Phacelia tanacetifolia Benth.

Phalaris aquatica L.

Phalaris canariensis L.

Phleum nodosum L.

Phleum pratense L.

Pisum sativum L. partim

Plantago lanceolata L.

Poa annua L.

Poa nemoralis L.

Poa palustris L.

Poa pratensis L.

Poa trivialis L.

Raphanus sativus L. var. *oleiformis* Pers.

Secale cereale L.

Sinapis alba L.

Sorghum bicolor (L.) Moench subsp. *bicolor*

Sorghum bicolor (L.) Moench subsp. *bicolor* x *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse

Sorghum bicolor (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse

Trifolium alexandrinum L. Berseem

Trifolium fragiferum L.

Trifolium glanduliferum Boiss.

Trifolium hirtum All.

Trifolium hybridum L.

Trifolium incarnatum L.

Trifolium isthmocarpum Brot.

Trifolium michelianum Savi

Trifolium pratense L.

Trifolium repens L.

Trifolium resupinatum L.

Trifolium squarrosum L.

Trifolium subterraneum L.

Trifolium vesiculosum Savi

Trigonella foenum-graecum L.

Trisetum flavescens (L.) P. Beauv.

Triticum aestivum L. subsp. *aestivum*

Triticum aestivum L. subsp. *spelta* (L.) Thell.

Triticum turgidum L. subsp. *durum* (Desf.) van Slageren

Vicia benghalensis L.

Vicia faba L. partim

Vicia pannonica Crantz

Vicia sativa L.

Vicia villosa Roth

xFestulolium Asch. & Graebn

xTriticosecale Wittm. ex A. Camus

Zea mays L. partim

Cicer arietinum

Camelina sativa

Fagopyrum esculentu

Lens culinaris

Triticum monococcum

Chenopodium quinoa

Vicia ervilia

Vicia narbonensis

Tritordeum

Lathyrus sativus

Eragrostis tef

Ceratonia siliqua **[Leasú 265]**

CUID B

Géinis agus speicis atá le húsáid chun glasraí a tháirgeadh

Allium cepa L.

Allium fistulosum L.

Allium porrum L.

Allium sativum L.

Allium schoenoprasum L.

Anthriscus cerefolium (L.) Hoffm.

Apium graveolens L.

Asparagus officinalis L.

Beta vulgaris L. partim

Brassica oleracea L. partim

Brassica rapa L. partim

Capsicum annuum L.

Cichorium endivia L.

Cichorium intybus L.

Citrullus lanatus (Thunb.) Matsum. et Nakai

Cucumis melo L.

Cucumis sativus L.

Cucurbita maxima Duchesne

Cucurbita pepo L.

Cynara cardunculus L.

Daucus carota L.

Foeniculum vulgare Mill.

Lactuca sativa L.

Petroselinum crispum (Mill.) Nyman ex A. W. Hill

Phaseolus coccineus L.

Phaseolus vulgaris L.

Pisum sativum L. partim

Raphanus sativus L. partim

Rheum rhabarbarum L.

***Salvia hispanica*. [Leasú 266]**

Scorzonera hispanica L.

Solanum lycopersicum L.

Solanum melongena L.

Spinacia oleracea L.

Valerianella locusta (L.) Laterr.

Vicia faba L. partim

Zea mays L. partim

Hibridí a eascraíonn as crosphórú na speiceas dá dtagraítear sa Chuid seo.

CUID C

Géinis agus speicis atá le húsáid chun plandaí torthaí a tháirgeadh

Castanea sativa Mill.

Citrus L.

Corylus avellana L.

Cydonia oblonga Mill.

Ficus carica L.

Fortunella Swingle

Fragaria L.

Juglans regia L.

Malus Mill.

Olea europaea L.

Pistacia vera L.

Poncirus Raf.

Prunus amygdalus Batsch

Prunus armeniaca L.

Prunus avium (L.) L.

Prunus cerasus L.

Prunus domestica L.

Prunus persica (L.) Batsch

Prunus salicina Lindley

Pyrus L.

Ribes L.

Rubus L.

Vaccinium L.

CUID D

Géinis agus speicis atá le húsáid chun fíniúin a tháirgeadh

Vitis L.

CUID E

Géinis agus speicis atá le húsáid chun prátaí a tháirgeadh

Solanum tuberosum L.

IARSCRÍBHINN II

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA AGUS LE hÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7

CUID A

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA RÉAMHBHUNÚSACHA, BUNÚSACHA AGUS DEIMHNITHE DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ

1. Ceanglais ghinearálta maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Cineál an tsíl arna shíolrú, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme máithairphlandaí, sainaithneofar é trí lipéad oifigiúil nó trí lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil, agus déanfar é a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil an lipéad, nó na taifid faoin máthairphlanda, a choinneáil go dtí go n-eiseofar lipéad oifigiúil an tsíl atá á mhargú.

(b) Beidh an churaíocht a bheidh déanta roimhe ar an bpáirc comhoiriúnach do shíol an speicis a tháirgeadh, do chineál agus do chatagóir an bhairr, agus beidh an pháirc sách saor ó na plandaí sin, a d'fhéadfadh a bheith ann fós ó churaíocht a rinneadh roimhe (plandaí neamhshaothraithe).

(c) Déanfar na máithairphlandaí nó síolta a phlandú agus/nó a shíolú ar bhealach, lena ndearbhófar an méid seo a leanas:

(i) go mbeidh dóthain faid idir iad agus foinsí pailine den speiceas céanna agus/nó de chineálacha difriúla, ó aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe, chun trasphailniú le barra eile a sheachaint, i gcás inarb infheidhme; agus

(ii) go mbeidh foinse iomchuí agus leibhéal iomchuí pailnithe ann chun an t-atáirgeadh ina dhiaidh sin a áirithiú, i gcás inarb infheidhme.

(d) Déanfar cigireacht ar cháilíocht na hithreach, na substráití, na máithairphlandaí agus na garthimpeallachta chun a sheachaint go mbeadh lotnaidí nó a veicteoirí ann, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031.

(e) Déanfar cigireacht ar na meaisíní agus ar aon trealamh a úsáidtear, agus bainfear amach fiaile nó síol ó speicis nó ó chineálacha eile.

(f) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh na síolta ar leithligh ó shaothrú na síolta a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun comhlíonadh na gceanglas, nach infheidhme ach amháin maidir leis an PRM lena mbaineann, a áirithiú.

(g) I gcás inarb infheidhme, féadfar an t-iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun síolta a atáirgeadh.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Maidir le plandaí de speicis eile, de chineálacha eile, ar cuma eisíontais chineáil atá orthu, ar léir iad a bheith difriúil leis an gcineál ó thaobh aon saintréith amháin nó níos mó de i dtaca leis an tuairisc ar an gcineál ('seach-tíopa'), sa pháirc, áiritheofar go mbeidh na plandaí sin in easnamh. I gcás nach mbeidh sé sin indéanta de dheasca shaintréithe an speicis lena mbaineann, beidh siad ann go dtí an leibhéal is ísle is féidir.

I gcás ina mbeidh seach-tíopanna nó speicis eile plandaí nó cineálacha eile ann le linn na céime saothraithe, nó le linn na próiseála síolta, cuirfear cóireáil agus/nó díothú iomchuí i bhfeidhm chun sainaitheantas agus íonacht chineáil an tsíl a áirithiú, agus chun a sheachaint go mbeadh aon speiceas neamh-inmhianaithe ann.

(b) Déanfar na plandaí a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás ina dtabharfaidh torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc le fios go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, nó máchailí.

(c) Déanfar PRM, lena n-áirítear máthairphlandaí más infheidhme, a chothabháil ar bhealach a áiritheoidh aitheantas an chineáil. Beidh an chothabháil sin bunaithe ar an tuairisc oifigiúil nó ar an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil maidir leis an gcineál.

(d) Le linn gach céime táirgthe déanfar na máithairphlandaí a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann síolta a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint de réir na tuairisce oifigiúla ar a gcineál.

(e) Déanfar cigireacht oifigiúil ar na barra uile sa pháirc nó beidh siad faoi mhaoirseacht oifigiúil ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha, de réir mar is iomchuí, i gcás na speiceas lena mbaineann chun na ceanglais lena mbaineann a fhíorú. Beidh na modhanna le haghaidh cigireachtaí i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme. Mura mbeidh sé indéanta plandaí neamhchomhlíontacha a bhaint nó a dheighilt le linn na céime fáis, aischuirfear an pháirc iomlán ó thaobh táirgeadh síolta de, ach amháin i gcás inar féidir na síolta neamh-inmhianaithe a dheighilt go meicniúil tráth níos déanaí.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buainfear an síol i mbulc nó mar phlandaí aonair, de réir mar is iomchuí, chun a shainaitheantas agus a íonacht agus inrianaitheacht cheart a áirithiú.

(b) Tógfar sampla síl de gach luchtóg shéalaithe. Méid an tsampla agus an dlús, trealamh agus modh samplála, beidh siad iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(c) Beidh na samplaí síl uile faoi réir na tástála saotharlainne, chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta a áirithiú i gcás na speiceas lena mbaineann. Déanfar an tástáil saotharlainne i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme. Áireofar leis an tástáil, i gcás inarb iomchuí, atástáil an ráta phéactha tar éis tréimhse áirithe is iomchuí don speiceas lena mbaineann.

(d) Na luchtóga síolta uile a bhaineann leis an gcatagóir réamhbhunúsach, bhunúsach, nó leis an gcatagóir dheimhnithe má úsáidfear an síol chun tuilleadh glún síolta a tháirgeadh, agus má bhaineann 5 % ar a laghad de na luchtóga síolta le catagóir dheimhnithe nach ndéanfar a iolrú a thuilleadh, tá siad faoi réir tástála ar dháileacht talún chóimheasa ag an oibreoir, faoi mhaoirseacht oifigiúil, chun a fhíorú go gcomhlíonfar an méid seo a leanas:

(i) a sainaitheantas cineáil;

(ii) caighdeáin na híosíonachta cineáil; agus

(iii) na ceanglais maidir le sláinte plandaí.

Luchtóga síolta a bhaineann leis an gcatagóir réamhbhunúsach, bhunúsach, nó dheimhnithe, beidh siad faoi réir tástáil iar-rialaithe oifigiúil rioscabhunaithe chun comhlíonadh na gceanglas roimhe a fhíorú. Is go hoifigiúil a thógfar na samplaí a úsáidfear le haghaidh na dtástálacha iar-rialaithe oifigiúla.

Déanfar an tástáil ar dháileacht talún chóimheasa i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

Féadfar úsáid a bhaint as modhanna bith-mhóilíneacha iomchuí.

2. Ceanglais maidir le síolta a mhargú

Comhlíonfaidh an síol na ceanglais cháilíochta uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) beidh péacadh íosta aige chun go mbeidh líon iomchuí plandaí in aghaidh an mhéadair chearnógaigh ann tar éis síolú, agus dá dheasca sin chun an táirgeacht agus cáilíocht na táirgeachta a dhaingniú;

(b) beidh cion uasta de shíol crua ann le go mbeidh líon iomchuí plandaí in aghaidh an mhéadair chearnógaigh ann;

(c) beidh íonacht íosta ann chun an leibhéal is airde de shainaitheantas cineáil a dhaingniú;

(d) beidh cion uasta taise ann chun caomhnú an ábhair a áirithiú le linn a phróiseála, a stórála agus a chur ar fáil ar an margadh;

(e) beidh cion uasta síolta de ghéinis nó de speicis eile ann chun an láithreacht is ísle de phlandaí neamh-inmhianaithe a luchtóg a áirithiú;

(f) beidh spreacadh íosta, toise shainithe, agus grádú sonrach aige chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh síolú nó plandú a áirithiú;

(g) beidh méid uasta ithreach nó ábhair choimhthíoch ann chun cleachtais chalaoiseacha agus neamhíonachtaí teicniúla a chosc; agus

(h) beidh sé saor ó mháchailí sonracha agus ó dhamáistí chun cáilíocht agus sláinte an ábhair a áirithiú.

CUID B

CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ ***AGUS PLANDAÍ TORTHAÍ*** A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ **[Leasú 267]**

1. Ceanglais ghinearálta maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Sainaitheantas an ábhair, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme máithairphlandaí nó síol arna shíolrú, cinnfear é trí lipéad oifigiúil nó trí lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil, agus déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil é a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil lipéad an ábhair, tar éis mhargú an ábhair sin, nó na taifid faoin máthairphlanda, a choimeád.

(b) Déanfar an t-ábhar a phlandú ar bhealach:

(i) go gcoinneofar an t-ábhar réamhbhunúsach ar bun i saoráidí lena n-áiritheofar saoirse ó ionfhabhtú trí veicteoirí aeir agus trí aon fhoinse fhéideartha eile ar feadh an phróisis táirgthe;

(ii) go mbeidh dóthain faid idir é agus plandaí de na géinis nó de na speicis chéanna, arna chinneadh ar bhonn saintréithe luibheolaíocha agus teicnící pórúcháin gach speicis, agus de réir mar is iomchuí i gcás chatagóir an ábhair, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe a áirithiú agus chun trasphailniú le barra eile a sheachaint; agus

(iii) go mbeidh dlús plandaithe leormhaith chun go bhféadfar breathnú ar phlandaí go haonarach.

(c) I gcás inarb iomchuí, déanfar saothrú an ábhair ar leithligh ó shaothrú ábhair a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun críoch bia nó beatha.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, coimeádfar ábhar iomadaithe agus plandaithe ar leithligh ó chéile.

(b) PRM a chomhlíonann na ceanglais maidir le catagóir áirithe, ní mheascfar le hábhar catagóirí eile é.

(c) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar phlandaí damáistithe nó míchumtha ag na céimeanna saothraithe uile.

(d) Déanfar máithairphlandaí a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás ina dtabharfaidh torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc le fios go bhfuil lotnaidí orthu, nó comharthaí amhairc le fios go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó máchailí.

(e) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil. I gcás nach mbainfidh máithairphlandaí le cineál, fíorú sin na comhlíontachta leis an tuairisc oifigiúil nó leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, bainfidh sé leis na speicis lena mbaineann na máithairphlandaí sin.

(f) Déanfar cigireacht ar mháithairphlandaí ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(g) Sa sampla a bheidh le tarraingt ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Dlús, trealamh agus modh na samplála, beidh siad iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(h) Déanfar an tástáil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais cháilíochta.

C. Buaint agus iarbhuaint i gcás speiceas agus géineas a bhaineann le Cuid E d'Iarscríbhinn I (prátaí síl):

(a) Buainfear an t-ábhar i mbulc nó mar phlandaí aonair, de réir mar is iomchuí, chun a shainaitheantas, a shláinte agus a inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Tógfar sampla tiúbar de gach luchtóg shéalaithe. Méid an tsampla agus an dlús, trealamh agus modh samplála, beidh siad iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(c) Beidh na samplaí tiúbar uile faoi réir na tástála saotharlainne, chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta agus fíteashláintíoch a áirithiú i gcás na speiceas lena mbaineann. Déanfar an tástáil saotharlainne i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(d) Na luchtóga uile a bhaineann leis an gcatagóir réamhbhunúsach nó bhunúsach, agus ar a laghad 5 % de na luchtóga a bhaineann le catagóir dheimhnithe, beidh siad faoi réir tástála ar dháileacht talún chóimheasa ag an oibreoir, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, chun a fhíorú go gcomhlíonfar an méid seo a leanas:

(i) a sainaitheantas cineáil;

(ii) caighdeáin na híosíonachta cineáil;

(iii) a n-inniúlacht péactha;

(iv) na ceanglais maidir le sláinte plandaí.

Luchtóga a bhaineann leis an gcatagóir réamhbhunúsach, bhunúsach, nó dheimhnithe, beidh siad faoi réir tástáil iar-rialaithe oifigiúil rioscabhunaithe chun comhlíonadh na gceanglas roimhe a fhíorú. Is go hoifigiúil a thógfar na samplaí a úsáidfear le haghaidh na dtástálacha iar-rialaithe oifigiúla.

Déanfar an tástáil ar dháileacht talún chóimheasa i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

Féadfar úsáid a bhaint as modhanna bith-mhóilíneacha iomchuí.

2. Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú

Comhlíonfaidh an t-ábhar na ceanglais uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) beidh spreacadh íosta nó ráta péactha, toise shainithe, agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige, chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh plandú a áirithiú;

(b) ní mór dóibh a bheith saor ó mháchailí, geall leis.

CUID C

CEANGLAIS MAIDIR LE CLÓIN ROGHNAITHE, ~~MEASCÁIN ILCHLÓNACHA AGUS PRM POLACLÓNACH~~ D'ÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE A THÁIRGEADH~~, A CHLÁRÚ~~ AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9 (1) **[Leasú 268]**

1. Ceanglais maidir le táirgeadh clón roghnaithe, ~~meascán ilchlónach agus PRM polaclónach~~ réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh agus dheimhnithe **[Leasú 269]**

A. Plandú:

(a) Sainaitheantas an chlóin roghnaithe~~, an mheascáin ilchlónaigh nó an PRM pholaclónaigh~~, cinnfear é trí lipéad oifigiúil nó trí lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil agus déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil é a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Lipéad an ábhair, nó na taifid ar na máithairphlandaí lena mbaineann chun gach clón roghnaithe a tháirgeadh ~~agus na géinitíopaí lena mbaineann chun an PRM polaclónach a tháirgeadh,~~ coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil iad tar éis mhargú an PRM sin. **[Leasú 270]**

(b) Déanfar an t-ábhar a phlandú ar bhealach:

~~(i) go mbeidh dóthain faid idir é agus plandaí de na géinis nó de na speicis chéanna, arna chinneadh ar bhonn saintréithe luibheolaíocha i gcás gach speiceas agus de réir mar is iomchuí i gcás chatagóir an ábhair, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe a áirithiú agus chun trasphailniú le barra eile a sheachaint;~~ **[Leasú 271]**

(ii) go mbeidh dlús plandaithe leormhaith chun go bhféadfar breathnú ar gach planda go haonarach.

(c) I gcás inarb iomchuí, déanfar saothrú an ábhair ar leithligh ó shaothrú ábhair a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun críoch bia nó beatha.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, coimeádfar ábhar iomadaithe agus plandaithe ar leithligh ó chéile.

(b) Ábhar atáirgthe a chomhlíonann na ceanglais maidir le catagóir áirithe, ní mheascfar le hábhar catagóirí eile é.

(c) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar phlandaí damáistithe nó míchumtha ag na céimeanna saothraithe uile chun sainaitheantas agus íonacht chineáil a áirithiú, nó, i gcás na bhfréamhstoc nach mbaineann le cineál, chun fíre shainaitheantas an speicis, agus an táirgeadh éifeachtúil a áirithiú.

(d) Déanfar na máithairphlandaí ~~agus na géinitíopaí lena mbaineann~~ a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás máchailí. **[Leasú 272]**

(e) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí ~~agus na géinitíopaí lena mbaineann~~ a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil. I gcás nach mbainfidh máithairphlandaí le cineál, fíorú sin na comhlíontachta leis an tuairisc oifigiúil nó leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, bainfidh sé leis na speicis lena mbaineann na máithairphlandaí sin. **[Léasu 273]**

(f) Déanfar cigireacht ar mháithairphlandaí ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(g) Sa sampla a bheidh le tarraingt ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Dlús, trealamh agus modh na samplála, beidh siad iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(h) Déanfar an tástáil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais cháilíochta.

~~(i) I gcás meascáin ilchlónacha, déanfar meascán na gclón roghnaithe lena gcomhdhéantar an meascán ilchlónach roimh phacáistiú críochnaitheach an PRM sin agus áircofar leis an meascán comhréireanna comhionanna de na clóin roghnaithe lena gcomhdhéantar an meascán ilchlónach.~~ **[Leasú 274]**

~~(j) I gcás PRM polaclónach, déanfar meascán na ngéinitíopaí lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach roimh phacáistiú críochnaitheach an PRM sin agus áircofar leis an meascán comhréireanna comhionanna de na géinitíopaí uile lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach.~~ **[Leasú 275]**

~~2. *Ceanglais maidir le clárú clóin, meascáin ilchlónaigh agus*~~ **PRM polaclónach roghnaithe**

~~(a) Cuirfidh an t-iarratasóir iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil lena dtabharfar le fios:~~

~~(i) an speiceas agus, de réir mar is infheidhme, an cineál lena mbaineann an clón roghnaithe, an meascán ilchlónach nó an PRM polaclónach, lena ndéanfar an cineál a chlárú i gclár cincálacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 44;~~

~~(ii) an ainmníocht bheartaithe agus na comhchiallaigh;~~

~~(iii) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar chomhdhéanamh an mheascáin ilchlónaigh nó an PRM pholaclónaigh;~~

~~(iv) i gcás inarb infheidhme, cothabhálaí an chlóin roghnaithe, an mheascáin ilchlónaigh nó an PRM pholaclónaigh;~~

~~(v) tagairt don tuairisc ar phríomh-shaintréithe an chineáil lena mbaineann an clón roghnaithe, an meascán ilchlónach nó an PRM pholaclónaigh;~~

~~(vi) tuairisc ar phríomh-shaintréithe VSCU an chlóin, an mheascáin ilchlónaigh nó PRM pholaclónaigh roghnaithe;~~

~~(vii) breisiú géiniteach measta an chlóin, an mheascáin ilchlónaigh nó PRM pholaclónaigh roghnaithe i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán an chineáil ábhartha;~~

~~(viii) faisnéis ar cibé acu atá nó nach bhfuil an clón, an meascán ilchlónach nó PRM polaclónaigh roghnaithe cláraithe i gclár de chuid Ballstáit eile cheana féin.~~

~~(b) Comhlíonfaidh an clón, an meascán ilchlónach nó PRM polaclónach roghnaithe na ceanglais seo a leanas de réir mar is iomchuí i gcás an ábhair lena mbaineann chun go gclárófar é:~~

~~(i) roghnófar PRM polaclónach i dtriail allamuigh aonair cineál ina mbeidh sampla ionadaíoch d'éagsúlacht ghéiniteach fhoriomlán an chineáil de réir dearadh turgnamhach bunaithe ar mhodhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta. I gcás PRM polaclónach d'fhíniúin, beidh an dearadh sin bunaithe ar mhodhanna atá forordaithe ag an Eagraíocht idirnáisiúnta um fhíniúin agus um fhíon;~~

~~(ii) i gcás ábhar iomadaithe fíniúna, idir 7 agus 20 géinitíop sainiúil a bheidh sa PRM polaclónach;~~

~~(iii) fíre an chlóin roghnaithe, gach clóin roghnaithe den mheascán ilchlónach, gach géinitíop de PRM polaclónach le sainaitheantas an chineáil, áiritheofar í trí bhreathnú ar na saintréithe feinitíopacha agus, i gcás inarb iomchuí, tríd an anailís mhóilíneach de bhun caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.~~

~~Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin gclárúchán ach amháin tar éis dó teacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na pointí (i) - (iii) de réir mar is infheidhme i gcás an chineáil ábhair.~~

~~(c) Beidh feidhm dá réir sin ag na ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú mar a leagtar amach i gCuid B pointe 2.~~ **[Leasú 276]**

CUID D

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA RÉAMHBHUNÚSACHA, BUNÚSACHA AGUS DEIMHNITHE DE PHLANDAÍ TORTHAÍ, D'FHÍNIÚIN AGUS DE PHRÁTAÍ ~~sÍL~~ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ **[Leasú 277]**

1. Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí, d'fhíniúin agus de phrátaí ~~sÍl~~ a tháirgeadh **[Leasú 278]**

A. Síolú nó plandú:

(a) Déanfar na máithairphlandaí agus, i gcás inarb iomchuí, na plandaí pailneora, a phlandú ar bhealach:

(i) go mbeidh dóthain faid idir iad agus plandaí de na géinis nó de na speicis chéanna, arna chinneadh ar bhonn saintréithe luibheolaíocha agus teicnící pórúcháin agus de réir mar is iomchuí i gcás chatagóir an ábhair, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe a áirithiú agus chun trasphailniú le barra eile a sheachaint; agus

(ii) go mbeidh dlús plandaithe leormhaith chun go bhféadfar breathnú ar phlandaí go haonarach.

(b) I gcás inarb iomchuí, déanfar saothrú an ábhair ar leithligh ó shaothrú ábhair a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun críoch bia nó beatha.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, coimeádfar ábhar iomadaithe agus plandaithe ar leithligh ó chéile.

(b) Ábhar atáirgthe a chomhlíonann na ceanglais maidir le catagóir áirithe, ní mheascfar le hábhar catagóirí eile é.

(c) Déanfar féinphailniú ar an máthairphlanda angaispeirmeach nó trasphailniú air le pailin ó na plandaí pailneora máguaird, de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(d) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar phlandaí damáistithe nó míchumtha ag na céimeanna saothraithe uile chun fíre shainaitheantas an chineáil a áirithiú, nó, i gcás plandaí nach mbaineann le cineál, chun fíre shainaitheantas an speicis lena mbaineann siad, a íonacht leordhóthanach agus an táirgeadh éifeachtúil a áirithiú.

(e) Déanfar máithairphlandaí agus plandaí pailneora a eisiamh mar fhoinse shíolta i gcás máchailí.

(f) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann síolta a tháirgeadh. Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí agus plandaí pailneora a choinneáil i ndálaí a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil. I gcás nach mbainfidh máithairphlandaí agus plandaí pailneora le cineál, fíorú sin na comhlíontachta leis an tuairisc oifigiúil nó leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, bainfidh sé leis na speicis lena mbaineann na máithairphlandaí agus na plandaí pailneora sin.

(g) Déanfar cigireacht ar mháithairphlandaí agus ar phlandaí pailneora ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(h) Sa sampla a bheidh le tarraingt ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Dlús, trealamh agus modh na samplála, beidh siad iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(i) Déanfar an tástáil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais cháilíochta.

2. Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí, d'fhíniúin agus de phrátaí síl a mhargú

Comhlíonfaidh an síol na ceanglais cháilíochta uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) bainfidh sé leis an gcineál, agus i gcás nach mbainfidh síolta le cineál, leis an speiceas;

(b) beidh spreacadh íosta, toise shainithe, agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige, chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh plandú a áirithiú; agus

(c) beidh sé saor, geall leis, ó mháchailí agus ó dhamáiste sonrach chun cáilíocht na síolta a áirithiú.

CUID E

CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ ARB ÁBHAR É A THÁIRGTEAR LEIS AN IOMADÚ *IN VITRO*

1. Ceanglais ghinearálta maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh, arb ábhar é a tháirgtear leis an iomadú *in vitro*

A. Saothrán fíocháin*in vitro*

(a) Sainaitheantas an ábhair *in vitro* nó *in vivo*, de réir mar is infheidhme, cinnfear é trí lipéad agus déanfar é a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Coimeádfar lipéad an ábhair.

(b) Déanfar sláintiú ar ábhar a bheidh sampláilte ó ábhar *in vivo*.

B. An táirgeadh *in vitro*

(a) An clón (na clóin) de thionscnamh an ábhair dá dtagraítear faoi phointe A.(a), táirgfear leis an iomadú *in vitro* é (iad).

(b) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, coimeádfar ábhar iomadaithe agus plandaithe ar leithligh ó chéile.

(c) Clón (clóin) a chomhlíonann na ceanglais maidir le catagóir PRM áirithe, ní mheascfar le clóin de chatagóirí eile é (iad).

(d) Beidh an líon timthriallta iomadaithe *in vitro* a dhéanfar i ndiaidh a chéile srianta, de réir mar is iomchuí, i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(e) Le linn na gcéimeanna táirgthe uile, déanfar an clón (na clóin) a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar é (iad) a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann sé (siad) an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil. I gcás nach mbainfidh clón (clóin) le cineál, fíorú sin na comhlíontachta leis an tuairisc oifigiúil nó leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, bainfidh sé leis an speiceas lena mbaineann an clón (na clóin) sin.

(f) Déanfar cigireacht ar chlón (chlóin) ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(g) Sa sampla a bheidh le tarraingt ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Dlús, trealamh agus modh na samplála, beidh siad iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(h) Déanfar an tástáil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais cháilíochta.

2. Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú arb ábhar é a tháirgtear leis an iomadú *in vitro*

Comhlíonfaidh an t-ábhar *in vitro* nó *in vivo* na ceanglais uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) bainfidh sé leis an gcineál agus, i gcás nach mbainfidh ábhar le cineál, bainfidh sé leis an speiceas a thugtar le fios ar an lipéad:

(i) trí bhreathnú ar shaintréithe feinitíopacha an ábhair *in vivo* dá dtagraítear faoi phointe A.(a);

(ii) trí phlandaí *in vivo* a tháirgeadh den ábhar *in vitro* dá dtagraítear faoi phointe A.(a) agus trí bhreathnú ar shaintréithe feinitíopacha na bplandaí sin;

(iii) trí phlandaí *in vivo* a tháirgeadh den chlón (de na clóin) dá dtagraítear faoi phointe B.(a) agus trí bhreathnú ar shaintréithe feinitíopacha na bplandaí sin; agus

(iv) i gcás inarb iomchuí, trí anailís mhóilíneach ar an ábhar *in vitro* dá dtagraítear faoi phointe A.(a) agus/nó ar an gclón (na clóin) dá dtagraítear faoi phointe B.(a);

(b) beidh spreacadh íosta, toise shainithe, agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige, chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh plandú a áirithiú;

(c) beidh sé saor, geall leis, ó mháchailí agus ó dhamáistí sonracha.

IARSCRÍBHINN III

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA AGUS LE hÁBHAR CAIGHDEÁNACH A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8

CUID A

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOL CAIGHDEÁNACH DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ

1. Ceanglais ghinearálta maidir le síol caighdeánach a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Déanfar cineál an tsíl arna shíolú, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme, máithairphlandaí, a chinneadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Déanfar an lipéad ar an ábhar, nó na taifid faoin máthairphlanda, a choimeád ar feadh 2 bhliain ar a laghad.

(b) Ní ceadmhach an churaíocht a bheidh déanta roimhe ar an bpáirc a bheith neamhréireach do tháirgeadh shíol an speicis agus do chineál an bhairr, agus beidh an pháirc sách saor ó na plandaí sin, a d'fhéadfadh a bheith ann fós ó churaíocht a rinneadh roimhe (plandaí neamhshaothraithe).

(c) Déanfar na máithairphlandaí nó an síol a phlandú agus/nó a shíolú ar bhealach:

(i) go mbeidh dóthain faid idir é agus foinsí pailine den speiceas céanna agus/nó de na cineálacha difriúla, i gcomhréir le rialacha leithlisithe arna gcinneadh ar bhonn saintréithe luibheolaíocha i gcás gach speiceas agus teicnící pórúcháin, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe a áirithiú agus chun trasphailniú le barra eile a sheachaint; agus

(ii) go mbeidh foinse iomchuí agus leibhéal iomchuí pailnithe ann chun an t-atáirgeadh ina dhiaidh sin a áirithiú, i gcás inarb infheidhme.

(d) Déanfar cigireacht ar cháilíocht na hithreach, na substráití, na máithairphlandaí agus na garthimpeallachta chun a sheachaint go mbeadh lotnaidí nó a veicteoirí ann, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031.

(e) Tabharfar aird iomchuí ar na hinnill agus ar aon trealamh a úsáidtear lena áirithiú nach ann d'fhiailí ná d'aon speiceas eile is deacair a idirdhealú i dtástálacha saotharlainne.

(f) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh na síolta ar leithligh ó shaothrú na síolta a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun sláinte an ábhair lena mbaineann a áirithiú.

(g) I gcás inarb infheidhme, féadfar an t-iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun síolta a atáirgeadh.

B. Táirgeadh sna goirt:

(a) Áiritheofar nach mbeidh seach-tíopa sna goirt. I gcás nach mbeidh sé sin indéanta de dheasca shaintréithe an speicis lena mbaineann, beidh siad ann go dtí an leibhéal is ísle is féidir.

I gcás ina mbeidh seach-tíopanna nó speicis eile plandaí, nó cineálacha eile ann le linn na céime saothraithe, nó le linn na próiseála síolta, cuirfear cóireáil agus/nó díothú iomchuí i bhfeidhm chun sainaitheantas agus íonacht chineáil an tsíl a áirithiú, agus chun a sheachaint go mbeadh aon speiceas neamh-inmhianaithe ann.

(b) Déanfar na plandaí a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás ina dtabharfaidh torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc le fios go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó i gcás ina bhfuil máchailí orthu.

(c) Déanfar PRM, lena n-áirítear máthairphlandaí más infheidhme, a chothabháil ar bhealach a áiritheoidh aitheantas an chineáil. Beidh an chothabháil sin bunaithe ar an tuairisc oifigiúil nó ar an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil maidir leis an gcineál.

(d) Le linn na gcéimeanna táirgthe uile, déanfar na máithairphlandaí***, i gcás inarb infheidhme,*** a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann síolta a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil ar a gcineál.**[Leasú 279]**

(e) Déanfar cigireacht ar na barra uile sa pháirc ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha, de réir mar is iomchuí, i gcás na speiceas lena mbaineann chun na ceanglais lena mbaineann a fhíorú. Beidh na modhanna iniúchta de shórt a áiritheoidh iontaofacht na mbreathnóireachtaí. Mura mbeidh sé indéanta plandaí neamhchomhlíontacha a bhaint nó a dheighilt le linn na céime fáis, aischuirfear an pháirc iomlán ó thaobh táirgeadh síolta de, ach amháin i gcás inar féidir na síolta neamh-inmhianaithe a dheighilt go meicniúil tráth níos déanaí.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buainfear an síol i mbulc nó mar phlandaí aonair, de réir mar is iomchuí, chun a shainaitheantas, a íonacht agus a inrianaitheacht cheart a áirithiú.

(b) Tógfar sampla síl ó gach luchtóg agus déanfar é a thástáil i saotharlann chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta a áirithiú le haghaidh an speicis lena mbaineann, agus péacadh san áireamh. Áireofar leis an tástáil, i gcás inarb iomchuí, atástáil an ráta phéactha tar éis tréimhse áirithe is iomchuí don speiceas lena mbaineann.

(c) Beidh luchtóga síolta faoi réir tástáil iar-rialaithe oifigiúil rioscabhunaithe chun comhlíonadh leis an méid seo a leanas a fhíorú:

(i) a sainaitheantas cineáil;

(ii) caighdeáin na híosíonachta cineáil;

(iii) a n-inniúlacht péactha; agus

(iv) na ceanglais maidir le sláinte plandaí.

Is go hoifigiúil a thógfar na samplaí a úsáidfear le haghaidh na dtástálacha iar-rialaithe oifigiúla.

Féadfar úsáid a bhaint as modhanna bith-mhóilíneacha iomchuí.

2. Ceanglais maidir le síol caighdeánacha a mhargú

Comhlíonfaidh an síol na ceanglais cháilíochta uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis:

(a) beidh péacadh íosta ar a laghad aige, chun go mbeidh líon iomchuí plandaí in aghaidh an mhéadair chearnógaigh ann tar éis síolú, agus dá dheasca sin chun an táirgeacht agus cáilíocht na táirgeachta a dhaingniú;

(b) beidh ar a mhéad cion uasta de shíol crua ann, chun go mbeidh líon iomchuí plandaí in aghaidh an mhéadair chearnógaigh ann;

(c) beidh ar a laghad íonacht íosta ann chun an leibhéal is airde de shainaitheantas cineáil a dhaingniú;

(d) beidh cion uasta taise ann ar a mhéad, chun caomhnú an ábhair a áirithiú le linn a phróiseála, a stórála agus a chur ar fáil ar an margadh;

(e) beidh ar a mhéad cion uasta síolta de ghéinis nó de speicis eile ann, chun an láithreacht is ísle de phlandaí neamh-inmhianaithe sa luchtóg a áirithiú;

(f) beidh spreacadh íosta, toise shainithe, agus grádú sonrach aige, chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh síolú nó plandú a áirithiú;

(g) beidh méid uasta ithreach nó ábhair choimhthíoch ann, chun cleachtais chalaoiseacha agus neamhíonachtaí teicniúla a chosc; agus

(h) beidh sé saor ó mháchailí agus ó dhamáiste sonrach chun cáilíocht agus sláinte an ábhair a áirithiú.

CUID B

CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR CAIGHDEÁNACH DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ ***DE PHLANDAÍ TORTHAÍ AGUS D'FHÍNIÚIN*** A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ **[Leasú 280]**

~~Cé is moite de phointe (b)(i) di sin, beidh~~ ***Beidh*** feidhm ag Cuid ***A***~~B~~ d'Iarscríbhinn ***III***~~II~~ dá réir sin maidir le hábhar caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú***, lena n-áirítear maidir le cineálacha caomhantais a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 26***. **[Leasú 281]**

Ní fhéadfar fréamhstoic d'fhíniúin a mhargú mar ábhar caighdeánach. **[Leasú 282]**

CUID C

CEANGLAIS MAIDIR LE ~~CLÓIN ROGHNAITHE, MEASCÁIN ILCHLÓNACHA AGUS~~ PRM POLACLÓNACH D'ÁBHAR CAIGHDEÁNACH A CHLÁRÚ, A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9 (1)
[Leasú 283]

1. ~~Ní fhéadfar fréamhstoic d'fhíniúin a mhargú mar ábhar caighdeánach.~~ ***Plandú***

Beidh feidhm ag pointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn II dá réir sin maidir le PRM polaclónách a phlandú. **[Leasú 284]**

2. ~~Beidh feidhm ag Cuid C d'Iarscríbhinn II dá réir sin maidir le clárú, táirgeadh agus margú clón roghnaithe, meascán ilchlónach agus PRM polaclónach d'ábhar caighdeánach.~~***Saothrú sna goirt:***

(a) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, coimeádfar ábhar iomadaithe agus plandaithe ar leithligh ó chéile.

(b) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar phlandaí damáistithe nó míchumtha ag na céimeanna saothraithe uile chun sainaitheantas agus íonacht chineáil a áirithiú, nó, i gcás na bhfréamhstoc nach mbaineann le cineál, chun fíre shainaitheantas an speicis, chomh maith le plandaí damáistithe nó míchumtha, agus an táirgeadh éifeachtúil a áirithiú.

(c) Déanfar na máithairphlandaí lena mbaineann a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás máchailí.

(d) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí lena mbaineann a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil.

(e) Déanfar cigireacht ar mháithairphlandaí ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na miníochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. **[Leasú 285]**

2a. ***Ceanglais maidir le PRM polaclónách a mhargú***

Comhlíonfaidh an t-ábhar na ceanglais uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis lena mbaineann:

(a) beidh spreacadh íosta, toise shainithe, agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige, chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh plandú a áirithiú;

(b) ní mór dóibh a bheith saor ó mháchailí, geall leis.

(c) déanfar meascán na ngéinitíopaí lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach roimh phacáistiú críochnaitheach an PRM sin agus áireofar leis an meascán comhréireanna comhionanna de na géinitíopaí uile lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach; mar sin féin, tá fulaingt inghlactha, ní rachaidh miníocht aon ghéinitíopa aonair riamh thar dhá oireadh an ghéinitíopa is lú miníocht. [Leasú 286]

CUID D

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOL CAIGHDEÁNACH DE PHLANDAÍ TORTHAÍ, D'FHÍNIÚIN AGUS DE PHRÁTAÍ ~~SÍL~~ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ **[Leasú 287]**

